1375

J. J. Dolan. S.P.C. Cavan

# Jimín Máire Ṫaiḋg

"An Seaḃac" do scríoḃ
(Pádraig Ó Siocḟrada)



Comluċt Oideacais na hÉireann, Teor.
89 Sráid an Talbóidiġ, Baile-Áta-Cliat

561

Séamus Ó Dólain

# Jimín Ṁáire Ṫaiḋg

137561

"An Seaḃac" do scríoḃ
(Pádraig Ó Siocḟraḋa)

Coṁluċt Leaḃar Oideaċais na
hÉireann Teoranta
Baile Áṫa Cliaṫ.

b21042317

le cead ó lucht "an lóchrann"

BIBLIOTECA UNIVERSITARIA SALAMANCA

# Clár an Leaḃair


| Caib. | | Lṫnċ. |
|---|---|---|
| | Fáilte roiṁe "Jimín" | viii |
| I. | Mar ṫáinig Jimín ar an saoġal is mar ċuir sé dúil i gcíste milis | 1 |
| II. | Broiḋ a ṁáṫar ar Jimín is an bás a ṫug seisean don ṁáiġistir | 7 |
| III. | Scéal na gcnaipí i mbríste Jimín is mar d'ḟógair Cáit sos coṁraic | 13 |
| IV. | Mar a n-innstear íde an ċait, scéala an aonaiġ is ceannaċ na mbróg do Jimín | 17 |
| V. | Mar a n-innstear scéala na Nodlag is dúṫraċt Jimín don nGanndal | 26 |
| VI. | Lá an Dreóilín | 33 |
| VII. | Mar briseaḋ cleaṁnas Peats Teaimí | 48 |
| VIII. | Pósaḋ Taiḋg Óig agus Nell Ṁáire Aindí | 54 |
| IX. | Mar do ċuaiḋ Jimín ar seaċrán fairrge | 60 |
| X. | Mar do ċuir Jimín spiaire i dteannta | 67 |
| XI. | Jimín is an meiṫeall ag baint na móna | 73 |
| XII. | Púca Beiṫ Ṁóire ar tóir Jimín | 78 |
| XIII. | Rás na naoṁóg i gCuan an Duilisc | 83 |
| XIV. | Oiḋċe iascaiġ | 91 |
| XV. | Mar do-ċuaiḋ Jimín le sagartóireaċt | 102 |
| | Slán le Jimín | 108 |


## Clár na bPictiúirí


| | | |
|---|---|---|
| Ṁeasas go bḟaġainn bás ḃí sé ċoṁ milis sin! | os coṁair lṫnġ. a | 4 |
| Ṫugas dorn sa ṗus do ḋuine aca | " " " " | 22 |
| "Lean ort," ar seisean, "is tusa fé ndeara é" | " " " " | 38 |
| D'éiriġ maiḋc mór agus d'árduiġ sé maide ráṁa | " " " " | 86 |

## Fáilte Roime "Jimín"

Go mairir, a Jimín, 's an máistir adubairt leat scrí',
Nár ċrapaiḋ a cuisle, sa ḃfeamnaiġ fuair tu id'
    naoiḋean;
Do ṁam 's í 'r buile ar do ṡálaiḃ le fuadar niṁe,
A's daid boċt ag rinnce le h-átas—ní mór linn díḃ.

Cás linn gan tuille s'látar dúinn grinn is suilt
"Seáinín" a's tusa na cáirde is suairce 'gainn;
Fáilte roṁat ċugainn ón dtráiġ úd gan ġruaim, a ṁic,
'S dá faid againn fanfair led' ġáire is móide ár gcion.

"Marḃán."

1919.

Lá an Cúntais = the day of Judgment.

feadar = I know. ní feadar = I don't know

# Jimín Ṁáire Taiḋg

## Caibidiol I

### Mar Ṫáinig Jimín ar an Saoġal is mar Ċuir sé dúil i gCíste Milis

An Máiġistir adubairt liom é seo a scríoḃ le cur go dtí "An Lóċrann." Cúntas a scríoḃ mar ġeall orm féin—sin é dubairt sé ḃí uaiḋ. Ní ḟeadar cad ab áil leis "An Lóċrann" dá leiṫéid sin. B'ḟéidir gurab amlaiḋ atá an fear a ḃíonn ag scríoḃ do ró leisciúil ċun a tuille ċur síos. Bíonn an Máiġistir féin ró leisciúil uaireannta aon rud a ḋéanaṁ agus cuireann sé ag léiġeaṁ sinn agus téiġeann sé féin amaċ sa ṗóirse ag caiṫeaṁ tobac. Ruġ cigire lá air ann. Ní maiṫ leis an Máiġistir cigirí ar ṡlí éigin. Ní maiṫ liom féin na cigirí sin, leis. Bí fear aca sa scoil inné agus níor labair sé aon focal Gaeḋilge leis an Máiġistir. B'ait linn é sin mar bí sé ag baint sásaiṁ de 'na taoiḃ. (satisfaction)

Tá sé coṁ maiṫ agam tosnú ar an gcúntas úd. Ní ḟeadar i gceart cá dtosnóċad: dubairt an Máiġistir liom m'ainm a ċur síos ar dtúis; aċ ní féidir dom anois é ċur síos ar dtúis mar tá barr an ṗáipéir seo lán. Cuirfead annso é: Jimín Ṁáire Taiḋg. Is mise Jimín. Tá ainm eile, leis, orm: Séamas Ó Breasail. Sin é an ainm atá ar mo ḋaid; aċ níl aon tor (toradh? — authority) ar mo ḋaid boċt sa tiġ seo agus ní tugann aonne a ainm sin orm-sa aċ ainm mo Ṁam. Sí Máire Taiḋg mo ṁátair, tá's agat. Is iongantaċ an duine Mam. Bíonn eagla

béicim = I shout; feamnac (sig) = Sea-weed.

# Jimín Máire Taiḋg

ḃrainn roimpi—mé féin is Daiḋ. Tugann sí sceimhle do Ḋaiḋ uaireannta. Sin é cúis go ḃfuil Jimín Máire Taiḋg orm-sa.

Rugaḋ mé fad ó—fad ó—ní cuimhin liom-sa catain ach deir Seana-Ḃrigiḋ go ḃfuil trí bliana déag ó ṡin ann. Deir sí go raiḃ ar dtiġ-ne anamhór tré-na-céile an oiḋċe ċána-sa ann. Ḃí gaċ aonne 'na suiḋe fea' na hoiḋċe. Seana-Ḃrigiḋ féin a fuair me sa ḃfeamnaiġ ar ḃarra-taoiḋe. Ḃí sceitimíní orta go léir im' taoḃ. Ḃíos-sa ag béiciġ ar mo ḋíċeall. Ṫáiniġ mná an ḃaile go léir isteaċ agus ḃíodar ag féaċaint orm.

"Is breá an t-uċtaċ atá aige, ḃail ó Ḋia ar an leanḃ!" arsa Peig Neans.

"Muiricín!" arsa Síle Eoin, "naċ baileaċ a ṫug sé dá súil Seana-Taiḋg leis?"

"Grád Dé, éinsig!" arsa Máire Aindí, "an caoċ ataoi? Ná feiceann tú gur Dreasalaċ crutanta é. Naċ sin iad dá súil 'aṫar aige, agus an geannc beag sróna, agus an croiceann buiḋe?"

"Gaiḋim-se orm gur le n-a máṫair is deá'rataiġe é," arsa Síle.

"Nárab ead;" arsa Máire Aindí, "sé 'aṫair 'na ṡrot aonair é."

Ḃí na mná ag dul i gcoċall a ċéile gur laḃair Ḃeit Nór agus gur ḋein sí spiorspear de'n scéal.

"Pé duine gur deá'rtaċ leis é," ar sise, "is caitiseaċ an leanḃ é, ḃail ó Ḋia air."

Annsan ṫóg m'aṫair buidéal as an gcurpad agus ṫug sé braon as dosna mná. Ṫug sé braon mór do Ṁáire Aindí. Dubradar go léir, "go mairir a ḃfuil nua agat!" nuair óladar é. Ċuaiḋ an braon le n-a hanál age Síle Eoin agus ḃíodar 'á bualaḋ sa drom. Ḃí rí-rá mór aca annsan agus cainnt agus gáiriḋe. Ṫáiniġ sciaṫáin ar m'aṫair agus ḋein sé greas rinnce. Níl mo Ḋaiḋ go maiṫ ċun rinnce, tá's agat, aċ 'ċionn mise beiṫ aige, is dóċa, ḃí mórtas air. Aċ do laḃair mo Ṁam ón seomra agus duḃairt sí "an t-amadán fir sin a

stop." Do stop mo Ḋaid láiṫreaċ. Deineann sé rud uirṫi i gcoṁnaiḋe. Ḋaid boċt!

Ní cuiṁin liom-sa na rudaí sin do ṫuitim amaċ i n-ao' ċor. Seana-Ḃrigid d'inis dom iad. Ní ḋeineann Seana-Ḃrigid sin aon ċodla is dóiġ liom. Bíonn sí amuiċ gaċ aon oiḋċe ag faire na trága féaċaint a' bfaġaḋ sí aon ḃunóc. Aon ċeann aca tagann go dtí aon tiġ sa paróiste, sin í ġeibeann iad istoiḋċe sa bfeamnaiġ, adeir sí. Níl aon ḃunóc aca i dtiġ Peig Ṁuirfí agus bíonn na mná go léir 'á ráḋ gur mór an truaġ san. D'éaluiġeas féin amaċ oiḋċe trís an bfuinneoig ċun dul ar an dtráiġ féaċaint a bfaġainn bunóc dóiḃ. Ní raiḃ aon rian de ḃunóic ann cé gur ċuarduiġeas an feamnaċ an fad; ná ní raiḃ aon pioc de Ḃrigid ann aċ coṁ beag. Ar maidin ḃí leanḃ faċta aici do ṁuinntir Cláis Ṁóir agus dubairt sí liom-sa nuair ċuireas ceist uirṫi gur ar a' dtráiġ a fuair sí í. Dubart-sa léi go raiḃ an t-éiteaċ aici—go rabas féin fea' na hoiḋċe annsan agus ná feaca í. Táinig stad innti agus d'féaċ sí orm. Annsan dubairt sí gur mé "an diabailín" agus rug sí ar slait ċugam.

Na rudaí beaga go léir a tugann Seana-Ḃrigid léi ní bíonn aon ċainnt aca ná ní féadfaidís rit ná siubal. Ní dóiġ liom go rabas-sa riaṁ mar sin. Ḃí cainnt mo ḋóṫain riaṁ agam—an iomad, adeireaḋ mo Ṁam. Níl aon leiġeas agam air. Bíonn rudaí istiġ ionnam agus ní fanfaidís socair gan iad a ráḋ. Mara leiginn amaċ iad do ḃeaḋ tinneas orm aca agus is dóċa go bfaġainn bás. Agus tá rit maiṫ agam leis. Rugas ar an ngaṁain ḃán inné; agus rugas na cosa óm Ṁam nuair a ḃí sí im' ḋiaiḋ i dtaoḃ an císte uaċtair a d'iṫe.

Tá's agat, ḃí súil aici an tráṫnóna san le hinġin Máire Aindí ḃí tar éis teaċt abaile ó Ḃleá Cliaṫ, agus dein sí císte uaċtair 'na coṁair agus ċuir sí dorn risíní ann agus siúicre rua. D'fág sí 'á fuaraḋ é ar bonn a' dresser. Táinig dúil mallaiṫe agam féin ann nuair a fuaireas an bolaḋ breá go léir uaiḋ, agus nuair d'imiġ

# Jimín Ṁáire Taiḋg

no Ṁam anáirde staiġre do ḃaineas oireaḋ a' frí' as an gciste. Ṁeasas go ḃfaġainn bás ḃí sé ċoṁ milis sin! agus ar ṁ'anam, ḃíos ó smut go smut go raiḃ bearna mór déanta 'gam isteaċ sa ċíste uaċtair. Ḃíos scuḃta ċuige, a ḋuine!

Nuair a ċuala Mam ag teaċt anuas an staiġre ċuireas díom amaċ agus ḃíos ag cur ḋá ġaṁain le Donnċa beag is an mbuaile. Ċuala Mam ag cur aisti istig. Táinig sí 'on doras. "'Jimín!" ar sise agus ní go gráṁar é. 'Geo'-se 'maċ!" arsa mise leis na gaṁna. "'Jimín, adeirim leat," ar sise arís, aċ ḃí Jimín ċoṁ boḋar le slis!

Níor ḋein san dom ṁáṫair é. Tug sí sciúird fúm. Ḃí fiarsúil agam-sa ar an ndoras fea' na haimsire—ḃí droċionntaoiḃ agam aisti, a ḋuine—agus connac ċugam í. As go bráċ liom, a ṁic ó, agus me ag caiṫeam grin óm' ṡálaiḃ! Ḃuel, a leiṫéid de rás ní feaċais ón lá baisteaḋ tu—mise is mo Ṁam ag cur dinn, faid a ḃí 'nár gcroiḋe! Dá mbeaḋ an bóṫar díreaċ aici ḋéanfaḋ mo Ṁam an beart orm; aċ nuair a ḃíoḋ sí ag cur crúca im' ċúl tugainn-se an cor di agus ḃí sí 'á traoċaḋ agam. Ní haon ṁaiṫ mná ċun reaṫa. Annsan do ḃuail sí a lurga ar ċolltar an ċéaċta ḃí caiṫte sa ḃuaile. Ḃí an ṗraiseaċ ar fuaid na mias annsan, a ṁic ó! B'éigean di éirġe as an ḃfiaċ. Ḃí sí bacaċ ar feaḋ seaċtaine.

Tríd an ḃfuinneoig a ċuas féin isteaċ an oiḋċe sin tar éis iad a ḋul a ċodla. Duḃairt Cáit liom—sin í mo ḋriḟiúr—go ḃfuair m'aṫair sceiṁle óm' Ṁam nuair táinig sé isteaċ tráṫnóna. Deineann sí é sin i gcoṁnaiḋe nuair a ḃíonn fearg uirti. Duḃairt sí ná raiḃ aon ċeart aige an céaċta beiṫ san áit sin aige, agus tug sí "srimileálaiḋe gan ṁaiṫ" air. Daid boċt!

Ní táinig aonne de'n triúr againn ċun blaḋair le n-a ċéile go ceann seaċtaine tar éis an ċíste d'iṫe. Níor ġáḋ leat a' ṁurdail. Nár ċeart ciste milis a taḃairt do ḃuaċaill boċt a ḃíonn sa ḃaile ċoṁ maiṫ is taḃarfaí d' ingin Ṁáire Aindí é toisc í teaċt abaile ó Ḃleá Cliaṫ.



Measas go ḃfaġainn bás ḃí sé ċoṁ milis sin!

## CAIḂIDIOL II

## BROID A ṀÁṪAR AR JIMÍN IS AN ḂÁS A ṪUG SEISEAN DON ṀÁIGISTIR

Is fada liom go mbeaḋ mór. B'ḟearr liom ná rud maiṫ go mbeinn mór fásta mar annsan ní ḃeaḋ gaċ aonne sa ṁullaċ orm fé mar ḃíd siad anois. Is cruaiḋ an saoġal a ḃíonn ag buaċaillí dem' ṡaġas-sa—ní féidir linn faic a ḃarra a ḋéanaṁ ná bíonn duine éigin ag bagairt orainn. An lá fé ḋeire ḃuaileas ganndal Ḃeiṫ Ṁóire sa leaṫċeann le cloiċ is do ġearán Ḃeiṫ lem' Ṁam me. Dubairt Mam le Beiṫ gur ṁór an náire dí ganndal mallaiṫe a ḃeiṫ aici agus go raiḃ scannraḋ ar leanḃaí an ḃaile roimis agus dá mbeaḋ sí i n-aon ḃaile eile gurab aṁlaiḋ a cuirfí an dlí uirṫi 'na ṫaoḃ. Ċromas féin ar ġol le scannraḋ roimis an nganndal, mar 'deaḋ, ċur go dtagaḋ fearg ar mo ṁáṫair ċuig Beiṫ. Ṁeasas ná déanfaí faic liom. Aċ a ḋuine, ní raiḃ aiṫne ar Ṁam agam! nuair d'imiġ Beiṫ abaile go mí-sásta agus stadas-sa den ġol, a ṁic ó, rug Mam orm agus ṫug sí léasaḋ dom. Deirim leat gur ḋíolas as an nganndal.

Araer ḃíos ag marcaiḋeaċt ar an ngaṁain bán agus ċualaiḋ an baile me ag scréaċaiġ nuair a ḃí Mam am' ḃualaḋ. Dtuigeann tú? scréaċaim ċoṁ hárd is ḃíonn im' ċroiḋe, féaċ' a' gcuirfeaḋ san stop leis an mbualaḋ nó an dtiocfaḋ aonne a ṡaorfaḋ me uaiṫe. Ní ḃím leat ċoṁ gortaiṫe is ba ḋóiġ leat, tá's agat. Deir siad naċ fearrḋúil an rud ḃeiṫ ag gol ná ag béiciġ; aċ ná caiṫfead-sa rud éigin a ḋéanaṁ ċun me féin a ċosaint ar Ṁam.

Sí Mam mo naṁaid aicionta. Ní stadann sí aċ ag

ġaḃáil dom go mbíonn mo ċroiḋe briste aici. Caiṫim an ṁóin a ḃreiṫ isteaċ ċúiċi agus an t-uisce, agus caiṫim prátaí an dinnéir a ṗiocaḋ ḋi sa tiġ amuiċ. Má ḃím annsan ag imirt ṗúiríní dom féin nó ag caiṫeaṁ cnaipí ar an spric bíonn béic agus fiċe ’ci orm go mbíonn an ḃó ḃradaċ sa ċabáiste, agus caiṫim cur díom. Ní dóiġ liom go mbeaḋ Mam sásta gan an ḃó san a ḃeiṫ ag dul sa ġarrḋa, mara mbeaḋ ċun aon ruḋ eile aċ ċun Jimín boċt a ċráḋ. Ní feadar-sa caḋ ċuige cuireaḋ máiṫreaċa ar ḃuaċaillí i n-ao’ ċor. Aċ dá mbeinn-se mór aon uair aṁáin ní ḃeinn i mbun bó ná gaṁain a tiomáint di; ná ní ċongoċaḋ an snáiṫín di ċun é ṫoċrais ná ní raġaḋ le circ ġuir go tiġ m’aintín ná ní ḃeaḋ ag foġluim ceaċtanna ar ċeann an ḃúirḋ.

Níor ċráiḋ riaṁ mé aċ na ceaċtanna craiḋte céadna. Ní bíonn aon dul uaṫa agam aon oiḋċe. “A Jimín,” adeir Mam gaċ oiḋċe, “ar scríobais do ċeaċt anoċt?” Triallas cúpla turus a ráḋ nár ṫug an Máiġistir aon ruḋ dúinn le déanaṁ sa ḃaile; aċ an riaḃaċ, a ṁic ó, ná gur ċuir sí ceist ar Ṁicilín Eoin annso ’muiċ agus do scéiḋ an spriosán orm. Ní raiḃ fios agam aon ní gur ṫairrig Mam ċúiċi an tslat den ċúlloċta agus ṫug sí fúm treasna na lurgan. Ní raiḃ agam-sa aċ cur díom suas ’on tseomra uaiṫe agus amaċ tríḋ an ḃfuinneoig.

Ċuas annsan ar lorg Ṁicilín Eoin aċ ní leigfeaḋ eagla do teaċt amaċ ċugam. D’iarras air teaċt amaċ ċun go mbrisinn a pus, aċ ní ṫiocfaḋ. Annsan bíos ag glaoḋaċ “peata” agus “pleiḋce” agus “spiaire” air. Aċ do laḃair sé tar n-ais ċugam: “Oċ, ṁuise, a ḃuaċaillín boiċt!” ar seisean, “ar ḃuail do ṁaimí tu? Oċ, maimí dána!” agus ḃí sé mar sin ag magaḋ fúm go raḃas ar néal buile ċuige.

Tá leasainm ag muinntir a’ ḃaile ar a aṫair agus ċeapas gur ṁaiṫ an ruḋ an ainm sin a ṫaḃairt ar Ṁicilín. “Ḃóiricín! Ḃóiricín! Ḃóiricín!” arsa mise. Aċ, a ḋuine, deineas dearmaḋ. Ḃí a aṫair istiġ agus nuair a ċuala sé an ainm, amaċ leis im’ ḋiaiḋ agus ar

goṁ air ċuġam. Ċuireas ḋíom, a ṁic ó, faid a ḃí im' ċroiḋe, agus fear an dá ċos ḃórać im' ḋiaiḋ. Ċuas amú air ameasc na dtiġṫe. Annsan seo leis ċuig ár dtiġ-ne ċun me ġearán, ceapas. Ní túisce san ná mise istiġ tríd an ḃfuinneoig aris.

D'éiriġ idir Eoin agus Mam ag an ndoras. Duḃairt seisean go raiḃ mac droċṁúinte aici a ṫug leasainm air féin. Duḃairt sí leis gur éiṫeaċ a ḃí sé a ċur ar an mbuaċaillín boċt macánta (b'in mise, tá's agat) agus ná raiḃ sé amuiċ ċuige, mar gur ċuir sí féin sa tseomra é fiċe neomat roime sin.

“Deirim-se leat go raiḃ sé ann,” arsa Eoin.

“N'ḟéadfaḋ a ḃeiṫ,” arsa Mam, “naċ sin é ag glórġail sa tseomra fós féin é. Téanam ort go ḃfeicir.” Ṫánadar araon go dtí doras an tseomra.

“A' raḃais age tiġ Eoin le leaṫuair a ċluig, a Jimín?” arsa Mam.

Ḃíos féin aireaċ.

“Cionnus féadfainn dul amaċ agus an doras dúnta agat-sa orm?” arsa mise.

“Deir Eoin go raḃais ann ag taḃairt ‘Ḃóiricín’ air féin,” ar sise.

“Speaḃraídí atá air ní foláir,” arsa mise. “Ḃí sé sa Daingean indiu ag díol muc.”

D'imiġ Eoin leis agus é ag ráḋ rud éigin leis féin. Nuair ḃí sé imiṫe:

“A' raḃais ann, a Jimín,” arsa Mam.

Ní duḃart féin aon ḟocal. Ṫáiniġ sí agus d'ḟéaċ sí ar mo ċosa. Ḃíodar fliuċ salaċ ón rás a ḋeineas ó Eoin. D'ḟeaċ sí ar ḃonn na fuinneoige agus ċonnaic sí rian mo ċos ann cé gur ċuireas féin na potaí geranium anuas orṫa go cúramaċ.

Ḃuel, ní maiṫ liom a innsint duit cad a ṫuit amaċ 'na ḋiaiḋ sin—ḃeaḋ náire orm. Ḃí Micilín Eoin 'á ráḋ leis na garsúin eile gur ḃain Mam an bríste ḋíom, pé duine d'innis do é, agus gur ġaiḃ sí orm. Nílim-se 'á ráḋ gur ḋein; aċ tá's agam go raḃas coṁ tinn sin san

áit sin ḋíom nár ḟéadas suiḋe ar feaḋ trí lá. Ní tuigim Mam i n-ao' ċor. Caḋ ċuige ḃí sí am' ċosaint i láṫair Eoin agus annsan mé ḃualaḋ. Oċ, ṁuise, b'ḟearr liom go mbeinn mór.

Agus ní measa Mam ċun mo ḃuailte ná an Máigistir. Sé an Máigistir an tarna namaiḋ atá agam. Ní ḃíonn stad air aċ ag cur ceisteanna crua orainn le réiḋteaċ gaċ aon lá—rudaí nár ġáḋ ḃacaḋ leo mar ní ḃíonn siad i gceist i n-ao' ċor. As a ċeann amaċ is eaḋ ċeapann sé iad gan ġáḋ gan riaċtanas.

Ní ní sin an sagas ceiste ḃí le réiḋteaċ sa tSaṁraḋ idir Eoin agus Donnċa Beag. Ṫógadar móinéar eatarta agus nuair ḃaineadar agus ṡáḃáladar é ḃí trí cocaí móra agus cúig cocaí beaga agus taoscán féir ar faḋ ann. Ní ḟéadfaidís an féar a roinnt 'na ḋá leaṫ coḋroma—an roinnt a ṁolfaḋ duine 'ca ní ḃeaḋ an fear eile sásta leis. Ḃídís ag cur cocaí móra agus cocaí beaga agus ualaiġe féir tré n-a ċéile agus ag argóint. Ṫug Eoin ḃitiúnaċ ar Ḋonnċa Beag agus ḃí Donnċa d'iarraiḋ é ṡáṫ' le píce. Ḃí muinntir a' Ḃaile d'iarraiḋ an roinnt a ḋéanaṁ aċ teip orta. D'iarradar ar an Máigistir an ceist a réiḋteaċ aċ dubairt sé ná féadfaḋ. Sa deire tugaḋ an féar 'n Daingean go dtí an meaḋ agus sin mar a réiḋtiġeaḋ an ceist.

Aċ níor stop san an Máigistir. Ḃíonn sé scuḃta ċun ceisteanna ċeapaḋ ċun sinn a ċur i bponnc. "Dá mbeaḋ ceiṫre cinn de ṁuca ar aonaċ ag duine agus dá bfaġaḋ sé cúig púint seascad orta—an mór an ceann é sin?"

Sin é an sagas ceisteanna a ḃíonn ag an Máigistir. Caḋ dob áil leis an Máigistir ná le haonne eile ṫiafruiġe an mór an ceann é sin. Má fuair an duine úd na 65 púint ar ceiṫre muca ná fágfaḋ an Máigistir mar sin é agus gan ḃeiṫ ar gcráḋ-na mar ġeall ar an scéal. Aċ ní fágann—ní hé sin an sagas é.

Ar seisean linne lá—"Capall ar sodar—ragaḋ sé ḋeiċ míle i n-uair a ċluig: an mó míle ó ḃaile ḃeaḋ sé i gcionn ceiṫre huaire fiċead?"

## Droiḋ a ṁaṫar ar Jimín

Ḋuel, ní raiḃ fios agam-sa agus d'éiriġeas as. Ḃí cuid aca déin é agus nuair a ṫáinig an Máiġistir ċóm fada liom-sa d'féaċ sé orm.

"An amlaiḋ ná fuil fios agat é?" ar seisean.

"Níl, a Ṁáiġistir," arsa mise.

Annsan ċuir sé na figiúirí ar an gclárduḃ. "A ceaṫair fé ḋeiċ?" ar seisean.

"Sin a daċad," arsa mise.

"A dó fé ḋeiċ?" ar seisean.

"Sin a fiċe," arsa me féin.

"Agus a ceaṫair?"

"Sin a ceaṫair fiċead," arsa mise. Ċuir sé 240, annsan, síos.

"Anois an mó míle ó ḃaile do ḃeaḋ sé?" arsan Máiġistir.

"N'feadar," arsa mise.

"Léan id' ċeann cipín," arsan Máiġistir, "ná tuigeann tú dá n-imiġeaḋ capall 10 míle i n-uair a ċluig go raġaḋ sé 240 míle i gceiṫre huaire fiċead."

"Ní raġaḋ," arsa mise, "caiṫfeaḋ sé stad nó tuiṫfeaḋ sé leis an ocras nó d'imeoċaḋ crúḋ uaiḋ nó raġaḋ cloċ 'na ċrúib nó . . . ."

"Éist do ḃéal," arsan Máiġistir agus olc air ċugam. "Sín amaċ do lám."

Tairrig sé dá stiall de ślait ar mo laipín, a ṁic ó, a ċuaiḋ tríom' ċroiḋe agus ċuir sé síos go bun na scoile me nuair ḃíos ag gol.

Ḃíos i ḃfad ṫíos im' suiḋe agus me craiḋte go leor agus mo ċroiḋe lán d'olc. Ḃíos ag cuimneaṁ ar an sagas báis ba ṁaiṫ liom a ṫabairt don Ṁáiġistir. Ba ṁór an sásaṁ liom riṫ ċuige agus é ḃualaḋ deas agus clé agus é ṫaċtaḋ agus a ċorp a ċaiṫeaṁ i bpoll portaiġ agus cloċ ṁór ceangailte dá ṁuineál. Nuair ċuimniġeas ar an gcapall úd a ḃí aige a raġaḋ an 240 míle i n-aon ló, ċeapas go gceangloċainn an Máiġistir do agus go scaoilfinn leis, gan srian gan adastar, agus é ag imeaċt 240 míle gaċ aon ċúig neomataí, go dtiocfaḋ sé go

# Jimín Ṁáire Taiḋg

ḃruaċ na faille agus go dtuitfiḋís araon síos, síos síos go ndéanfaí iad a smiotaḋ 'na smiḋiríní ṫíos ar na cloċa i slí ná beaḋ fios ag aonne ciaca smut de ċapall nó smut de Ṁáigistir aon smut aca seaċas a ċéile. Ba ṁór an sásaṁ liom an socrú san a ḃeiṫ déanta agam ar an Máigistir agus annsan ḃíos ag scríoḃ' ceisteanna ċun é ċur i bponnc:

Ceisteanna ar an Máigistir—

Dá mbeaḋ capall ann a raġaḋ 240 míle i n-aon ló, an mó míle raġaḋ an capall céadna i dtrí ċéad bliain?

Má fuair Taḋg Mór £5 ar trí cinn de ċaoire ar aonaċ an Daingin, cad a ġeoḃaḋ an Máigistir ar an gcapall úd a ċuaiḋ 240 míle i gceiṫre huaire fiċead?

An mó cruaċ ṁóna déanfaḋ mála súiṫe?

Ḃíos ag gáiriḋe liom féin leis an sult agus níor ḃraiṫeas faic go raiḃ an Máigistir laistiar díom agus scearta mór gáire curṫa aige as. Rug sé ar an bpáipéar uaim agus léiġ sé do'n scoil ar fad é. Ḃí an scoil go léir ag gáiriḋe. Ṁeasas go raġainn síos tríd an dtalaṁ le náire. Ḃí béal mór ar Ṁicilín Eoin ag magaḋ fúm. Do ċroċ an Máigistir mo páipéar boċt ar an bfalla mar aḋḃar spóirt. Deirim leat go raḃas buiḋeaċ nár scríoḃas síos ann an bás úd a ṫugas do.

gearrcaile = a young girl

## Caibidiol III

### Scéal na gCnaipí i mBríste Jimín is mar d'Ḟógair Cáit Sos Comraic (truce)

Naċ ait na ruḋaí gearrċailí. Ní ḃíonn aon ṁaiṫ ionnta ċun aon ní aċ ċun screaḋaiġe nuair ḋéanfá aon ní leo, nó ċun tú scríobaḋ leis na hingne nuair a ḃíonn an t-olc ceart orta. Tá ceann aca sa tiġ againne: Cáit. Driḟúr ḋom iseaḋ í agus is óige í ná mise. Tá sí 'na peata 'ge Mam agus ní ḃíonn sí 'á bualaḋ mar ḃíonn sí am' ḃualaḋ-sa agus ní ceart é sin. Is fearr mise ná Cáit ar gaċ aon tsórt slí aċ caḋ é an ṁaiṫ sin —ní faġaim-se aon ní ó Ṁam aċ an tslat agus ġeiḃeann Cáit peataireaċt. Má ḋeineann Cáit aon ruḋ as an tslí ní ṫugann mo ṁáṫair ḋi aċ scríob ḋá teangain. Cuireann sé sin an óinsín ag gol. Más mar sin a ḋéanfaḋ Mam liom-sa é naċ agam a ḃeaḋ an saoġal breá! Ní ġoilfinn ḋá mbeaḋ sí ag cainnt go ḋtuiteaḋ an teanga aisti. Ċuirfinn mo ċeann fúm agus d'imeoċainn amaċ 'on stábla fé mar ḋeineann Daiḋ.

Aċ níl aon ṁaiṫ i gCáit. Deir mo ṁáṫair liom ḃeiṫ ag imirt léi, agus ḃím ar mo ḋíċeall. N'ḟéadfaḋ sí aon léim a ċaiṫeaṁ, a ḋuine, ná níl aon ṁaiṫ ċun reaṫa innte. Ḃí cnaipí deasa aici agus duḃart léi imirt agus do ḃuaḋas (won) uaiṫe na cnaipí go léir do ḃí sa ḃosca aici. Ċrom sí ar ġol, a ṁic ó! agus níor teastuiġ uaiṫe iad a taḃairt dom i n-ao' ċor, aċ ḃaineas ḋi iad. Aċ, a ḋuine! tairrig sí an tiġ orm leis an screaḋaiġ agus nuair ṫáinig Mam ḃain sí gaċ aon ċnaipe aca ḋíom; agus ḃain sí mo ċuiḋ féin, leis, ḋíom a ḃí ar córda agam. (cord) D'fiafruiġ sí cá ḃfuaireas iad go léir. D'innseas ḋi gur ḃuaḋas ó sna buaċaillí eile ar scoil iad aċ níor



BIBLIOTECA UNIVERSITARIA SALAMANCA

ḃásaiṁ san i gan féaċaint ar mo ḃríste. Ní raiḃ cnaipe ann agam aċ trí puill déanta agam ann agus na guaileáin greamaiṫe le dá ḃuairċín aḋmaid agus tairrnge trí n-órdlaċ.

Ḋein Mam beart náireaċ orm annsan: ċuir sí iaċall orm an dá ċipín agus an tairrnge a ċaiteaṁ uaim agus an ḃríste ċongáil suas lem' dá láiṁ. Ċaiteas trí lá mar sin go raiḃ mo ċroiḋe ḃriste. Aċ níorḃ é sin a ċuir an straiḋn ar fad orm aċ Micilín Eoin a' magaḋ fúm. Ní ḟéadfainn riṫ 'na ḋiaiḋ, tá's agat, agus ċráiḋ sé me go raiḃ an goṁ orm ċuige.

An tríoṁaḋ lá ċuas go dtí Mam. "A Ṁam," arsa mise, "cuir isteaċ na cnaipí dom, má-má-má's é do toil é. Ní ġearrfad amaċ aon ċeann go ḃráṫ arís."

D'ḟéaċ sí orm. Ḃí sí d'iarraiḋ a ḋéanaṁ amaċ cad é an fuadar a ḃí fúm.

"Á! dein, a Ṁaimí," arsa mise, "agus bead im' ḃuaċaillín maiṫ."

"Um-m-m," ar sise, "n'ḟeadar an tsaoġal cad é an t-aṫarú so teaċt ort. Mar sin féin cuirfead isteaċ iad; aċ má ḃíonn sé den diaḃal ort go gcuirfir scian ar aon ċeann eile 'ca bainfead an croiceann díot;" agus faid a ḃí sí ag cur na gcnaipí isteaċ ḃí sí am' ċroṫaḋ mar ḋéanfaḋ madra le franncaċ. "Seaḋ 'muiġ ort anois," ar sise nuair ḃíodar istiġ aici agus na guaileáin i ḃfearras arís orm.

Do ḃuaileas an doras amaċ go ḃreá ḃoġ agus síos an ḃuaile agus mo dá láiṁ i bpócaí mo ḃríste agam 'á ċongáil suas, mar 'ḋeaḋ. Ní fada ċuas nuair connaic Micilín Eoin arís me agus seo ċuġam é agus draiḋ air ag magaḋ fúm.

"Ḃríste ar ḃais!" ar seisean. "Ḃríste ar ḃais! Hí-ú! Hí-ú!"

Teastuiġ uaim é ṁeallaḋ i n-aice liom. "Caiṫ crúiscín nó cloċ liom agus tairriġ ort me," arsa mise.

"Caiṫfead, a ḃríste ar ḃais," ar seisean agus ċrom sé síos ċun cnapán laiṫiġe d'ḟaġáil a ċaiṫfeaḋ sé liom. Sin é an uair a preabas ċuige. Nuair a connaic sé

# Scéal na gCnaipí i mBríste Jimín

'teaċt me agus gan aon láṁ i n-aon ṗóca liom ċur sé béic as agus siúḋ leis agus é a' screadaiġ. Ṫána suas leis agus tugas cor coise ḋo agus ṡíneas ar a' dtalaṁ é. Ṡuiḋeas anuas air annsan agus ṡáṫas a ṡrón síos sa laiṫiġ.

"Abair 'bríste ar ḃais' anois, a Ṁicilín," arsa mise, agus ċuireas dorn laiṫiġe síos laisṫiġ dá léine. "Hop, a ċapaillín," arsa mise leis agus me síos, suas ar a ḋrom. Ḃaineas sásaṁ mo ċroiḋe as agus ḃí anaspórt agam air go ceann tamaill.

Sin é uair a ṫáinig Cáit agus do loit sí an spórt orm. "Ó! faire, mo náire, 'Jimín," ar sise, agus d'ḟéaċ sí orm agus a dá súil ṁóra ag cromaḋ ar ġol. Dar fia, a ḋuine, do stadas. D'imiġ an spórt as an scéal dom ar ċuma éigin.

"Mo náire é an bullaí mór," ar sise arís liom. An riaċ, a ṁic ó, go dtáinig náire orm féin. N'ḟeadar i n-ao' ċor ca' 'na ṫaoḃ. D'éiriġeas de Ṁicilín agus ná feadar cad a ḃíos a ḋéanaṁ. Nuair a d'éiriġ sé sin ḃí sé ag gol agus ḃí sé go léir salaċ ón laiṫiġ. Ċuaiḋ Cáit anonn ċuige agus ḃí sí 'féaċaint air; annsan d'ḟéaċ sí orm-sa, agus do líon a súile le deora agus do ġoil sí agus í d'iarraiḋ casóg Ṁicilín a ġlanaḋ le sliogán ruacan. N'ḟeadar cad é an donas a ṫáinig orm féin. Ḃí náire orm. Níor ḟan aon ṁeas agam orm féin. Taḃarfainn aon ruḋ dá ḃféadainn an ruḋ a ḋeineas le Micilín a ċur ar neaṁ-ní. Níor lú liom aon duine ar an saoġal ar an nóimeat san ná Jimín Ṁáire Taiḋg. Ḃí Cáit ag glanaḋ leis an sliogán agus Micilín ag congáil na casóige ḋí agus iad araon ag gol.

Ḃí sé déanta 'gam sarar tuigeas cad a ḃí ar siuḃal agam. Ċuas anonn ċuca agus rugas ar an sliogán uaiṫe agus tosnuiġeas ar scríoḃaḋ.

"Mo ġráḋ tu, 'Jimín," arsa Cáit.

Ní féadfainn aon focal a ráḋ. Ṫáinig ruḋ éigin air im' scórnaiġ agus im' súile agus ḃíos ar mo ḋíċeall d'iarraiḋ gan gol ac do riṫ deoir ṁór anuas ar feaḋ na sróna agam agus annsan riṫeadar go léir anuas

# Jimín Ṁáire Ṫaiḋg

duḃairt aon ní aċ connaic Cáit me agus riṫ sí anall ċugam agus ċuir sí a láṁ orm.

"Maiṫ a' ḃuaċaill tu, a ḋriṫeáirín," ar sise agus ṫriomuiġ sí mo ṡúile leis an mbíb a ḃí uirṫi. Do ḃíos ar mo ḋíċeall ag glanaḋ Ṁicilín agus ná stadfainn ar ċapall nó go stadaḋ an fonn guil a ḃí orm. Do stad sé ḋeire nuair ḃí an laitiġ ar fad scríobṫa.

Annsan do ġáir Cáit. "An ndéanfaiḋ siḃ muinn-teartas anois?" arsan cladaire. D'ḟéaċas féin ar Ṁicilín.

"Déanfad," arsa mise.

"Déanfad-sa leis," arsa Micilín.

"Agus ní ḃeiḋ siḃ ag troid níos mó?" arsa Cáit.

"Ní ḃeimíd, a Ċáit," arsa sinne.

"Ná ní taḃarfaiḋ siḃ ainmeaċa gránna ar a ċéile?"

"Ní taḃarfam," arsan dá amadáinín.

Annsan do ġáir Cáit agus riṫ sí eadrainn istiġ agus rug sí ar dá ṁuinċille orainn. "Riṫiḋ," ar sise. As go bráṫ linn araon agus sinn ag tarraċ Cáit 'nár ndiaiḋ agus sinn go léir ag gáirí. Ḃuail máṫair Ṁicilín linn agus d'ḟéaċ sí ar a cuid éadaiġ.

"Cad a ṡailiġ tu?" ar sise agus d'ḟéaċ sí go haṁrasaċ orm féin.

"Is aṁlaiḋ . . . is aṁlaiḋ a tuiteas agus me ag . . . ag rás le Jimín, a ṁáṫair."

Ḃí an droċaṁras aici orm.

"Agus cad a leag tu?" ar sise agus í ag cur na súl tríom-sa.

Ṁeasas go raiḃ léasaḋ eile 'teaċt ċugam aċ do ṡaor Micilín me.

"Agus ḃí an áit lán de laitiġ; aċ féaċ, a Ṁam, do glan Jimín agus Cáit me. Níor imiġ seoid a ḃarra orm," agus siúd le Micilín arís agus tairrig sé an ḃeirt eile 'gainn leis. Anaḃuaċaill iseaḋ an Micilín sin—ní raiḃ fios agam go dtí 'nois é.

Níl an náire imiṫe díom fós roime Cáit . . . aċ táim anaċeanúil uirṫi agus ní ċuirfiḋ me ag gol go deó 'rís í.

## Caibidiol IV

## Mar a n-innstear íde an ċait, scéala an aonaiġ is ceannaċ na mbróg do Jimín

Tá feirdre nua bróg agam ó lá an aonaiġ. Táid siad go gleóite deas agus táim ag tabairt an-aire dóiḃ. Táid siad anois go sciomarta glan os cionn na teine ar an loċta agus ċífeá tu féin insa scáil atá ionnta. Mam do ċuir anáirde annsan iad mar do ḃinn gaċ aon neomat 'á gcimilt leis an scuaib agus ag piocaḋ aon ruaine laiṫiġe ḃí idir na tairngí istiġ le blúire 'ċipín. Sí ċuir iaċall orm, leis, iad a ḃaint díom ar fad i lár na báistiġe indé. Is amlaiḋ a ḃí log uisce, tá's agat, amuiċ sa buaile agus bíos im' ṡeasaṁ 'na lár istiġ agus an t-uisce go haltaiḃ orm. Ḃíos ag triall na mbróg, 'dtuigeann tú, féaċaint an gcongoċaidís an t-uisce amuiċ. Aċ connaic Mam me tríd an ḃfuinneoig agus tána-sa 'maċ as an log uisce sin cuiḃeasaċ tapaiḋ, adeirim leat.

Níl aon réasún le Mam. Cad é an ṁait bróga nua a ċongoċaḋ uisce 'maċ mara mbeaḋ uisce timpall orta d'iarraiḋ dul isteaċ? Ní ḃfaġfá aon tsásaṁ as bróga mara mbeaḋ cead agat siubal tré lár an uisce leo.

Ní raiḃ fios agem' ṁátair indé ca' 'na taoḃ go raiḃ mo stocaí ar fad fliuċ. Ḃí sí 'á ráḋ gur droċleaṫar a ḃí ins na bróga. Ní feaca sí mise i n-ao' ċor d'iarraiḋ an mála ċarraċ isteaċ as Poll a' Lín ṫíos ar maidin le maide féaċaint cionnus a ḃí an cat a ċuireamair isteaċ ann iné roime sin. Ċuas ró fada 'maċ ar an ḃfaoḃar, a ḋuine, agus d'imiġ an ċos uaim agus ba ḋóḃair dom-sa dul i n-éineaċt leis an gcat aċ go rug Micilín Eoin orm agus gur tairriġ sé aníos me.

# Jimín Ṁáire Taiḋg

Nuair ṫugamair an cat isteaċ ḃí sé marḃ. Duḃairt Micilín go dtiocfaḋ an t-anam arís ann mar gurab 'in nós age cataiḃ—éirġe ón mbás naoi n-uaire. Sin é cúis a ḃátamair é, tá's agat—féaċaint an éireoċaḋ sé arís. Má ḟanann sé marḃ beiḋ murdal sa tiġ seo 'gainne, mar sé ár gcat-na é agus tá Mam tosnaite ar ḃeiṫ ag cur a tuairisce. Duḃart-sa go fírinneaċ léi arḃú 'raer ná feaca ó ṁaidin a' lae sin marḃ ná beo é. Ní ḟeaca, leis, go dtí maidin inné. Ḃím ag dul síos ċuige go minic ó ṡin féaċaint a' mbeaḋ aon ċorruiġe ann, aċ, dar fia, tá sé 'na stálca gan anam. Ċuireas biorán ann agus duḃart "ḃuis, ḃuis, ḃuis!" leis aċ ní raiḃ gíog as. Féaċ, mara mbíonn sé 'na steilleḃeataiḋ amáireaċ caitfiḋ Micilín a ċat féin a ċur sa ṁála agus é ḃáṫ' i bPoll a' Lín.

Aċ mar ġeall ar an aonaċ—ḃí ana-lá agam ann. Ḃí sé le fada geallta dom go leigfí ann me, agus bíos ag coimeád na bpingní 'na ċoṁair. D'éiriġeamair—me féin is Daiḋ—ar a cúig a ċlog agus ċuamair leis an ngealaiġ 'on Daingean. Ceiṫre cinn de ḃeitiġ a ḃí againn. Gaċ aon ḃearna a ḃí ar taoḃ an ḃótair tugaidís fé dul isteaċ ann agus ḃíoḋ Daiḋ gaċ 'ra neomat 'á ráḋ liom "'Jimín, a ḃuaċaill, riṫ rómpa agus sáruiġ iad san"; nó "preab isteaċ, a ġarsúin, agus bagair amaċ i sin," nuair ḃíoḋ ceann aca tar éis dul i bpáirc éigin. Is minic a ḃíoḋ dá ċúrsa déag agam féin agus ag an mbeitíoċ tiompall na páirce istiġ sara riteaḋ sé 'na ceann gur ċeart di dul amaċ ar an mbótar arís.

Níorḃ aon ní áfaċ an bótar isteaċ go dtánamair ar an sráid agus ar páirc an aonaiġ. Ċeapas ná raiḃ oiread stuic i n-Éirinn! beitiġ agus bulláin agus ba agus tarbaí agus caoire agus iad go léir ag búirtiġ agus ag méiliġ agus iad ag riṫ tré n-a ċéile. Ḃí fear ag gabáil lár an aonaiġ suas agus fiċe bulán aige i n-aon scata aṁáin agus triúr fear agus trí cinn de ṁadraí 'na ndiaiḋ agus "Haba-haba" age sna fearaiḃ agus "Baba-aba" age sna madraí. Do scaipeadar rómpa

soir, siar. Ḃí seanduine ann is bó ar aḋastar aige. Riṫ scata beiṫioċ isteaċ idir é féin agus an bó. Ḃ'éigean do scaoileaḋ léi; aċ ḃí sé ag eascaini agus ag loċtú daoine go mbíonn scata mór beiṫioċ aca agus a ḃíonn d'iarraiḋ an duine boċt a ċaiteaṁ d'uaċtar na talṁan!

Scaipeaḋ na ceiṫre beiṫiġ orm féin is ar Ḋaid trí huaire; agus ḃí iongna mo ċroiḋe orm uair aṁáin nuair a ċuir Daid scaiṁ air féin ċun cleiṫire ṁóir ḟada go raiḃ maide 'na láiṁ aige, agus dubairt leis, dar fia, go mbrisfeaḋ sé a ṁuineál. Ṁeasas ná marḃoċaḋ m'aṫair cat. D'imiġ an fear eile agus is maiṫ an ḃail air gur imiġ mar nuair a ḃí sé tamall suas an t-aonaċ sin é uair a ṫáinig an t-olc go léir ar Ḋaid.

[Naċ ar Ṁam a ḃeaḋ an t-iongantas dá gcuireaḋ Daid an scaiṁ sin air féin ċúiċi nuair ḃeaḋ sí ag gaḃáil do. Ní feadar cad a tuitfeaḋ amaċ dá n-abraḋ sé léi go mbrisfeaḋ sé a muineál!]

Tiompall a hoċt a ċlog ṫáinig na ceannaṫóirí ar an aonaċ. Plubairí reaṁra ḃ'eaḋ iad ar fad. Casóga móra orta, órlaċ de ḃonn fé sna bróga aca, bróga geanncaċa orta, géitéirí leaṫair go glúiniḃ orta, bataí siúḃail ag gaċ fear agus rian a ċoda ar gaċ aonne 'ca. Ṫánadar ċugainne agus d'ḟiafruiġ gaċ duine aca dem' aṫair an mór a ṫógfaḋ sé ar na beiṫiġ. Ní "beiṫiġ" adubradar i n-ao' ċor aċ "ragaí" agus "creatlaca" agus "básaċáin."

"Oċt bpúint déag an ceann," arsa Daid.

Ara 'ṁic ó! sin é uair a deiridís an ċainnt. Ar dtúis ċeapas ón gcainnt a ḃí aca ná rugaḋ riaṁ leiṫéid mo Ḋaid le spriúnlaiṫeaċt agus le nea'-réasún; agus i bpáirt na mbeiṫioċ mboċt, do ḃeaḋ náire ort a aḋṁáil gur leat féin i n-ao' ċor iad. Tagaḋ olc ar Ḋaid uaireannta agus d'ḟógruiġeaḋ sé síos go dtí an leac is teo agus is íoċtaraiġe ṫíos i n-Ifreann iad. Deireaḋ cuid aca san leis gur túisce go mór a ḃeaḋ sé féin ann agus deiridís leis na ceiṫre "básaċáin" a ḃreiṫ aḃaile leis agus gal tobac a ṫaḃairt dóiḃ.

I gcionn tamaill eile ḃraiṫeas go raiḃ tairḃe éigin ionnta mar ṫairrig fear trí púint déag an ceann orṫa agus ċuir fear eile go dtí a ceiṫre púint déag iad ; aċ ṫugaidís go léir "seanaḋ——l spriúnlaiṫe" ar Ḋaid nuair ná bogfaḋ sé ósna hoċt bpúint déag. Fé ḋeire ḃain sé anuas deiċ sgillinge agus nuair a ċuaiḋ na ceannaṫóirí go dtí cúig púint déag do ċait Daid anuas deiċ sgillinge eile. Ḃíodar ag druidim i gcoṁgar dá ċéile mar sin go dtí ar deire ná raiḃ eatarṫa aċ leaṫ-ṡoḃrain. Do ċruaiḋ an scéal annsan arís. Ṫagaḋ fear aca. Ḃuaileaḋ sé stiall ar ḃeiṫíoċ aca. "An mór iad so ?" adeireaḋ sé.

"Sé púint déag deiċ a' ceann," adeireaḋ Daid.

"Sín amaċ do láṁ," adeireaḋ an ceannaṫóir agus caiṫeaḋ sé seile ar a ḃais féin agus ḃuaileaḋ sé buille den ḃais sin anuas ar ḃais m'aṫar.

"Taḃarfad na sé púint déag duit orṫa," adeireaḋ sé. Ní ḃíoḋ Daid sásta agus d'imiġeaḋ an ceannaṫóir sin agus é ar straiḋn agus ċeapainn féin ná tiocfaḋ sé i ngiorraċt páirce dem' aṫair ar feaḋ a ṡaoġail arís. Aċ ṫagaḋ arís agus arís eile agus fé ḋeire ḋeineaḋ an margaḋ nuair a ḃailiġ scata mór tiompall orainn féin agus ar an gceannaṫóir agus gur ḋeineadar an deifriḋeaċt a scoltaḋ dá uair. Sé púint déag seaċt is réal a fuaireamair.

Nuair a ḃíomair ag dul go dtí an traen leo arsa mise lem' aṫair :

"Ca' 'na taoḃ go raḃais ċoṁ dian 'á ndíol, a Ḋaid ?"

D'ḟéaċ sé 'na tiompall ar eagla go mbeaḋ aonne ag éisteaċt.

"Do ṁáṫair, a ḃuaċaill," ar seisean, "do ṁáṫair ! Sé púint déag a' ceann adubairt sí liom a ḋ'ḟaġáil orṫa agus ní ḃeaḋ aon ġnó abaile 'gam gan an méid sin. Ḃeiḋ an ċuid eile 'gam féin, i gan ḟios di. Ná leig aon ní ort, agus taḃarfaiḋ mé scilling duit ar ball." Agus do luiġ sé an tsúil ċlé orm agus ḋein sé gáire agus ṫug sunnc d'á uilinn dom ! Insa scéal so ḃíos

ar ṫaoḃ mo Ḋaid—agus ní mar ġeall ar an scilling é.

Tar éis na beiṫiġ a ċur sa traen iseaḋ ṫánamair ar an tsráid. Ċuaiḋ Daid ar lorg an airgid agus ċuas féin ag féaċaint ar gaċ aon rud. Áit anaṁór iseaḋ an Daingean agus tá mórán daoine ann. Siopaiṫe is mó atá aca, agus gaċ aon áit lán de ṗluda. Luċt tarta ar fad atá ann, ní foláir, mar deoċanna ar fad a ḃíd na siopaiṫe a ḋíol. Ní feadar cad a ċuireann an tart go léir ar ḋaoiniḃ nuair ṫagaid 'on Daingean. Ḃíonn taoscána móra cuḃránaċa de stuif éigin gránna ḋuḃ 'á slugaḋ síos aca mar beaḋ gaṁna ag ól bainne; agus ċífeá an súlaċ buiḋe tiompall a mbéil agus ar a bpus fé mar ḃíonn rian an ḃainne ar an "sucaí" gaṁna atá againne sa ḃaile.

Tar éis tamaill do ḃuail Daid arís liom. Ḃí sé féin agus beirt eile ag teaċt amaċ as tiġ agus ḃí sé ag triomú a ḃéil. Ċuireas i gcuiṁne ḋo mar ġeall ar an scilling úd agus fuaireas uaiḋ í. Ṫug an ḃeirt eile tuistiún dom nuair a fuaireadar amaċ gur mac le Daid me.

"Is mait an garsún é, bail ó Ḋia air," aduḃairt duine aca.

"Ní fada go mbeiḋ sé sin ċun maiteasa agat, a Ṡéamais," arsan fear eile aca lem' aṫair—aċ d'imiġeas-sa liom ag ceannaċ uḃall agus misleán agus brioscaí. Ní fada i n-ao' ċor do ṡeasaiṁ an scilling dom—tá an donas le daoire ar gaċ aon rud agus níor ṁór duit mála pingní ċun aon tsúlaċ a ḃaint as lá sa Daingean.

I gcionn tamaill eile ċuas ar lorg m'aṫar agus cá ḃfaġainn é aċ ar aḋastar age Mam i lár na sráide ṫíos agus an ḃeirt aca am' lorg-sa. Ḃí sise 'á ráḋ go raiḃ an garsúinín boċt caillte nó tuitiṫe leis an ocras agus gur cuma le n-a aṫair aċ beiṫ caiṫte istiġ i dtiġ óil 'á téiḋeaṁ féin le puins. Ḃí Daid d'iarraiḋ a ċur 'na luiġe uirṫi gurab aṁlaiḋ ná fanfainn 'na ṫeannta agus ná raiḃ aon ḃaoġal orm.

Rugadar leo annsan me ag ceannaċ bróg dom. Ḃí

Satalmzinn = I tread on, step on.



feiḋre stocaí age Mam a ṫug sí ón dtíġ. Ḃíomair i bfad ag ceannaċ na mbróg. Do triallaḋ fiċe feiḋre orm sara raḃamair go léir sásta. Ní dóiġ liom féin go raiḃ aonne sásta aċ Mam. Ní raḃas-sa ró ṡásta leis na bróga fuaireas mar ḃí tairngí ionnta. Ḃí feiḋre anaḃeas ann i mbosca agus leaṫar bog tanaiḋe ionnta agus iad ċoṁ héadtrom le sop. Aċ ṫeastuiġ ḋá púnt ó ḟear an tsiopa orṫa agus duḃairt Mam gur deas ḟéaċfainn ag siuḃal ṗludaiġ leo agus ag gaḃáil tré loganna uisce pé áit i bfaġainn log uisce ċun gaḃáil tríd.

Fuaireadar feiḋre breá láidir dom ar a seaċt fiċead is réal agus buaileaḋ orm iad. Ḃuaileas an doras amaċ leo, a ṁic ó, agus suas an tsráid agus me ag baint teine as cloċa na sráide leo. B'é céad duine buail liom ná Micilín Eoin.

“Hanaman riaċ, a Ṁicilín!” arsa mise, “fan uaim amaċ nó sataloċaḋ ort.”

D'ḟéaċ Micilín ar na bróga.

“Tánn tú ceangailte den dtalaṁ aca,” ar seisean.

awkward

Ḃíodar an-aindeis, leis, orm, a dtuigeann tú, aċ ní ṫaḃarfainn mar ṡásaṁ do-san go n-adṁoċainn é; aċ díreaċ le n-a linn sin agus an beirt againn ag siuḃal síos an tsráid i n-aice an Ḃainnc ċuireas mo ċos ar ċroiceann oráiste agus ar ṁ'anam gur tógaḋ liom agus sineaḋ ar mo ṡlait me. Ní hiad na bróga leag i n-ao' ċor me aċ an croiceann mallaiṫe; aċ ní hé sin aduḃairt gaċ aonne a ċonnaic me aċ gurab aṁlaiḋ ná raiḃ taiṫiġe ar ḃróga agam agus ḃí Micilín féin ag gáirí. Ḃíos ċun iarraċt den ḃróig a ṫaḃairt do nuair ċuala ḋá raispín de ḃuaċaillí an Daingin ag gáirí fé'n gcáḃóig tuaiṫe gur leag na bróga nua é. Ḃí olc agus cráḋ croiḋe orm féin agus ṫugas dorn sa pus do ḋuine aca. Ṫug an beirt aca-san fúm-sa aċ leag Micilín duine aca agus rit an duine eile 'ca uaim féin. Ḃíodar an ċuid eile den trátnóna ag faire orainn agus ag taḃairt “cáḃóg” agus rudaí eile orainn aċ ní ṫiocfaidís i ngiorraċt fiċe raṁan dinn, mar ḃíomair fara Daid agus mo ṁáṫair.




Tugas dorn sa pus do duine aca. Lcnċ. 22

## Mar a n-innstear íde an Ċait

Ḃí sé déanaċ nuair ṫánamair aḃaile an oiḋċe sin. Ḃí Daid ag aṁrán an bóṫar aníos agus ḃí Mam 'á ráḋ leis éisteaċt aċ ní ṫug sé aon tor' uirṫi. Ní ḟeaca riaṁ mar sin ċeana é. Nuair ṫánamair aḃaile ḃí sé d'iarraiḋ Mam a ṗógaḋ aċ ní leigḟeaḋ sí ḋó é. Mar sin féin ní raiḃ aon olc uirṫi ċuige nuair a ḋein sé é. Ċuir sí iaċall air dul a ċoḋla agus gan é aċ a hoċt a ċlog.

Ṫugas misleáin agus uḃall go dtí Cáit agus ḃí ana-ṡaoġal againn 'á n-ite agus d'innseas di mar ġeall ar an aonaċ agus an Daingean agus na ruḋaí deasa ḃí ann. D'innseas di leis mar ġeall ar an seaċt is réal an ceann a ċongaiḃ m'aṫair as fiaċa na mbeiṫioċ ; aċ do ġeall sí gan é innsint do Ṁam.

(Táim tar éis dul síos go dtí an cat anois agus is baoġal go bḟuil deire leis an saoġal so aige. Cad a ḋéanfaḋ má ġeiḃeann Mam fios an scéil.)

eiḋeán = eiḋneán = ivy
genitive = eiḋinn

## CAIBIDIOL V

## MAR A N-INNSTEAR SCÉALA NA NODLAG IS DÚṪRACT JIMÍN DON nGANNDAL

Caiṫfiḋ mé innsint mar ġeall ar an Nodlaig a ḃí againne. Ċuaiḋ Mam go dtí an Daingean cúpla lá roim Nodlaig—í féin agus Daiḋ—agus ṫugadar an capall leo agus cliaḃ agus bosca sa ċairt. Ḃí an t-airgead ag Mam. Rug sí léi dá ġé—ċun ceann aca ṫabairt do ḋoċtúir na mbeiṫioċ agus an ceann eile a ṫabairt d'ḟear a' ḃainne, mar sin é go ḃfuil airgead Ṁam ar fad aige, agus tá anaṁeas aici air.

Faid a ḃíodar sa Daingean ċuas féin go dtí Gleann Doiṁin agus an scian ṁór agam agus téadáinín agus ṫugas abaile liom tor mór cuilinn, agus fuaireas eiḋneán i ḃfoṫraiġ na Cille. Nuair a ḃíos a' gabáil tar doras aici ṫáinig Nell Ṁáire Aindí amaċ ċugam ag bladar liom d'iarraiḋ go dtabarfainn roinnt ċuilinn di. Ċeap sí go mbeinn-se im' amadáinín aici, agus ḃí sí am' ṁolaḋ agus ag tabairt "buaċaillín maiṫ" orm agus 'á ráḋ go ḃfaġainn féirín uaiṫe i gcoṁair na Nodlag; aċ ní raḃas-sa ċoṁ simplí sin. Táim marḃ ó ġeallúintí ná tagann aon ní 'á mbarra.

[Mar sin féin, nuair scaoileas an beart sa ḃaile ṫugas cúpla craoḃ ċuilinn anonn ċúiċi. Táim anaṁór le Nell, tá's agat.]

Ḃí sceitimíní ar Ċáit nuair a ċonnaic sí an t-ualaċ mór a ḃí agam an doras isteaċ. "Ó!" ar sise, "beiḋ an tiġ go gleóite anois againn"; agus ḃí sí ag féaċaint ar na caora dearga a ḃí ar a' gcuileann agus í ag rinnce tiompall an úrláir. "Ó! náċ gleóite iad?" ar sise. "A' ḃfeacais riaṁ aon rud ċoṁ deas?" Mar sin a

bíonn Cáit i gcoṁnaiḋe, mara ḃfeiceaḋ sí aċ neóinín nó pósaí bó bleaċt. Ċloisfeá na cailíní go léir mar sin, a ḋuine, leis gaċ aon tsórt ní.

Ḃí ocras orm féin. "Cait uait na céapars san," arsa mise, "agus tr'om rud éigin le n-iṫe."

"Ó! mo ḋearmad!" arsa Cáit, agus ṫug sí cogar dom. "Ní ċuirfeá amaċ cad tá agam duit?"

"Cad é?" arsa mise.

Do ġáir sí. "Ní 'neósad duit é," ar sise, "mar do scéiḋfeá orm le Mam."

"Ar ṁ'anam ná scéiḋfead, a Ċáit!" arsa mise.

"Marḃoċaiḋ sí mé i dtaoḃ an tsiúicre!" arsa Cáit.

"Cad é an siúicre, arú?" arsa mise.

"Agus mar ġeall ar an uaċtar!" ar sise.

"hanaman diucs! a Ċáit, an cístí misle atá déanta agat?"

"Ó, ní 'neósad duit! ní 'neósad duit!" ar sise, agus ḃí sí ag gáiriḋe agus ag léimriġ ar an úrlár. Annsan ċuaiḋ sí dtí an dresser agus tóg sí anuas dá ċupán le cur ar an mbórd.

"Áh, hanamain! a Ċáit," arsa mise, "innis dúinn cad tá agat."

"Ní 'neósad, ní 'neósad," ar sise, agus do ġáir sí agus ḃí sí ag rinnce agus ag caiṫeaṁ a cos agus n'feaca sí an t-eiḋneán ar an úrlár gur leag sé í, agus slán mar a n-innstear é! baineaḋ píosa mór as cliatán cupa aca. Rug Cáit ar an bpíosa agus ḃí sí ar crit ag iarraiḋ an píosa do ċur isteaċ 'na áit féin arís féaċaint a' ḃfanfaḋ sé istiġ. Annsan ċrom sí ar ġol agus, a ḋuine, ḃí sí ag iarraiḋ a ṁileán do ċur orm-sa. Ċuireas i n-iúl di naċ me fé ndeara é aċ í féin agus a cuid léimriġe; aċ níorḃ aon ṁaiṫ ḃeiṫ ag cainnt léi. Ní déanfaḋ sí aċ gol. Ṫáinig truaġ agam féin di sa deire.

"Tr'om é a Ċáit," arsa mise, "agus ní ḃeiḋ fios age Mam go deó é."

Ṫugas an cupa briste go dtí an dresser agus ċuireas síos fé dá ċupa eile é agus an taoḃ briste isteaċ.

# Jimín Ṁáire Taiḋg

"Ó! a ṁuiricín! caḋ a ḋéanfaḋ i n-ao' ċor má ċíonn Mam é?" arsa Cáit.

Annsan ḋeineamair té—muga an duine againn. Sin é an uair a tairrig Cáit amaċ na rudaí aduḃairt sí ḃí déanta aici—cístí beaga uaċtair agus crústa siúicre orra. Fuaireamair im sa ċurpad agus ċonnac-sa próca mór de ṡuḃ a ḃí ann agus clúdaċ páipéir ceangailte go daingean ar a ḃarra. Ġearras an ceangal go haicliḋe agus deirim-se leat gur ḃaineamair súlaċ as na rudaí ar fad. Fé mar iṫimís greim aráin tógaimís lán spiúnóige den tsuḃ. Nuair a ḃí ár ndóṫain iṫte againn ḃí an suḃ i ḃfad síos ins a' próca aċ ċeanglas an páipéar go haicliḋe arís air agus ċuireas tar n-ais ins a' ċurpad é mar ḃí sé ċeana. Is mór a' truaġ ná bíonn Mam sa Daingean gaċ aon lá.

Fuaireas féin casúr annsan agus tairngí beaga agus ḃí Cáit ag síneaḋ eiḋneáin agus cuilinn ċugam. Do ċuireamair timpall na ḃfuinneóg é agus ar ḃarr an dresser agus os cionn na teine. Ḃíoḋ sé deacair é ċeangal i n-áit ná bíoḋ adṁad agus ċaitinn tairngí móra do ṫiomáint sa ḃfalla agus tuiteaḋ scailpeanna den ṁoirtéal anuas uaireannta. Nuair a ḃí an tiġ críoċnaiṫe againn rugamair ar "Sailor"—sin é an madra, tá's agat—agus ċlúduiġeamair ó ċeann go hearball é le cuileann agus ḃí anaspórt againn air. Nuair a ṫáinig an tráṫnóna lasamair an lampa agus ḃí cuma aeraċ ar an dtiġ.

Ḃí an oiḋċe ann nuair a ṫáinig Mam is Daid abaile. Nuair a ṫáinig sí isteaċ ṁeasamair go mbeaḋ an-áṫas uirṫi, aċ is aṁlaiḋ do ḋein sí raic, a ṁic ó, nuair a ċonnaic sí na scailpeanna moirtéil imiṫe den ḃfalla. Ḃí sí gan aon ċiall, a ḋuine, agus b'éigean dom féin teiċeaḋ go dtáinig sí ċun suaimnis.

Cáit d'innis dom lá'r na ṁáireaċ cad a ṫug Mam ón nDaingean. Ṫug sí naoi gcoinnle móra fada léi agus iad 'na seasaṁ sa ċliaḃ, agus ḃí trí cinn aca dearg. Ḃíodar coṁ hard leis an ḃfuinneóig, a ḋuine, agus ṫug

# MAR A N-INNSTEAR SCÉALA NA NODLAG

sí lán a' bosca de rísíní agus de ṡiúicre agus de ṫé léi, agus bairgín mór breac ón siopa, agus ḃí buidéil ann—buidéil go raiḃ deoċ ḃuiḋe ionnta agus buidéil eile go raiḃ rud éigin gormḋearg ionnta agus crúsca mór lán de rud éigin duḃ. Ḃí cnapán mór feóla, leis, aici. Ċuala go dtug sí úbla, leis, léi, aċ ní ḃfaġaimis-ne an oiḋċe sin aon ċeann aca toisc a raiḃ de ḋíoḃáil déanta againn leis na tairngí. Ċuir sí iad go léir isteaċ sa ċurpad agus ċuir sí an glas air.

Lá'r na ṁáireaċ ṁairḃ Mam gé agus laċa le sciain. Is aṁlaiḋ do ġearruiġ sí cúl an ġé leis an sciain agus ċongaiḃ sí greim uirṫi agus an gé a' screáċaiġ agus an fuil ag imeaċt aisti. Nuair do ċait sí uaiṫe ar an dtalaṁ í ḃí an gé ag léimriġ agus ag crit. Ní fanfaḋ Cáit ag féaċaint uirṫi 'á marḃú i n-ao' ċor aċ riṫ sí isteaċ agus a méireanna 'na cluasa aici. Nuair ḃí an gé fuar ċuir Mam páipéar tiompall ar a ceann agus ḃain sí na cleití ḋi agus ċuir sí ar croċaḋ ar cúl a' dorais í.

Oiḋċe Nodlag ḃí anaṡaoġal againn! Fuaireas féin agus Cáit dá turnap ṁóra agus ḃaineamair a leaṫ ḋíoḃ agus annsan ċuireamair poll síos ionnta ċun na gcoinnle ċur 'na seasaṁ ionnta. Annsan ṡáṫamair craoḃa beaga cuilinn i ngaċ turnap aca agus ċuir Cáit páipéar tiompall orta. Ḃíodar go gleóite, a ḋuine, agus lasamair iad sar a dtáinig an oiḋċe i n-ao' ċor; aċ ṁúċ Mam arís iad.

Istoiḋċe ċuir mo Ṁam prátaí is iasc ar an mbórd ċugainn aċ am' baisce nár iṫeas féin ná Cáit aon ṗioc de mar ḃí fios againn go raiḃ rudaí eile ag teaċt. I gcionn tamaill tairrig Mam amaċ an císte mór breac agus do ġearruiġ sí ḋúinn é agus ḋein sí té, agus fuaireamair dá uḃall uaiṫe.

Nuair a ḃí atair Ṁicilín ag dul tar doras ṫug Mam isteaċ é agus ṫug sí braon as buidéal do—buidéal go raiḃ trí réiltíní air—agus ṫug sí braon beag do Ḋaiḋ agus fuair sí féin braon as buidéal eile agus duḃradar go léir "go mbeirimíd beo ar an dtráṫ so arís!"—

pé brí a ḃí aca leis. Ṫáinig Ḃeit Ṁór agus Máire Aindí isteaċ agus ċuir mo ṁáṫair braon as a' mbuidéal buiḋe i dá ngloine agus annsan ċuir sí siúicre agus uisce beiriṫe ionnta agus ċorruiġ sí le spiúnóig iad. Ċeapas ná hólfaidís sin i n-ao' ċor ar dtúis é. Duḃairt Máire Aindí: "Ó! go marḃuiġiḋ sé mé má ḃlaisim aon ḃraon de!" aċ, mar sin féin, d'ól sí é go léir, agus níor ṁairḃ sé leis í. Ṫáinig a lán eile isteaċ i riṫ na hoiḋċe—buaċaillí óga agus is as an gcrúsca mór a ṫug Mam an deoċ dóiḃ sin.

An riaċ! a ṁic ó! nuair a ċonnac iad go léir ag ól ṫáinig dúil ṁallaiṫe agam féin ann agus nuair a ċuaiḋ Daiḋ amaċ le haṫair Ṁicilín agus ḃí Mam ag cainnt leis na mná i n-aice na teine, ṫógas féin slug as an gcrúsca, a ḋuine. Aċ is láidir nár ṁairḃ sé mé leis an mblas a ḃí air. Ní ḟéadfainn é scaoileaḋ siar agus ḃeaḋ eagla orm é ċaiṫeaṁ as mo ḃéal ar an úrlár, agus seo liom ag baint an dorais amaċ agus mo ḃéal lán. Ċonnaic mo ṁáṫair ag dul amaċ mé.

"Cá raġair anois, a Jimín," ar sise, aċ ar ṁ'anam ná duḃart aon ḟocal aċ an doras d'oscailt agus cur díom. Lean sí 'maċ mé agus nuair a ċonnaiċ sí mé ag casaċtaiġ agus ag caiṫeaṁ seilí amaċ:

"Ha, ha, ha!" ar sise, "a ċlaḋaire, ní ḋéanfainn dabt do ṁac t'aṫar. Masmus go gcuiriḋ sé ort!"

Ḃa ġránna an riaċ ruda é.

N'ḟeadar cad ċuige duḃairt Mam an focal san "mac t'aṫar" liom?

Ḃí sé déannaċ nuair do ċuamair a ċodla an oiḋċe sin mar ḃí Mam ag ullṁú an ġé i gcoṁair Lae Nodlag. Do ḃain sí amaċ a raiḃ istiġ innti agus do niġ agus do ġlan í agus annsan do líon sí arís í le prátaí brúiġte agus inniúin agus piobar agus im agus salann agus rudaí eile agus do ḋein sí é ḋingeaḋ isteaċ innti. Annsan fuair sí snáṫaḋ agus d'ḟuaiġ sí í. Ḃíos féin is Cáit ag faire uirti.

Maidin Lae Nodlag ċuaiḋ Cáit 's mo ṁáṫair 'dtí an

foġail, foġla = a plunder, raid.



céad Aifreann. Ḃíos féin agus Daid i mbun an tiġe. Faid a ḃí Daid ag crú na mbó deineas-sa foġail ar an gcurpad. Ġoideas uḃall agus líonas póca liom de risíní agus ḃí smut den ḃairġin breac ann gearrta—ċuireas ċugam é sin, leis. Nuair a ḃíos ag dúnaḋ ar ċurpaid arís, do ḃuail smaoineaṁ mé, rugas ar a' mbuidéal buiḋe agus do leaṫlíonas cupán as. Ḃlaiseas é, aċ ar m'anam, dá olcas é an stuif duḃ ba ṡeaċt measa an rud buiḋe. Ḋóġfaḋ sé tú, a ḋuine! Annsan n'feadar cad a ḋéanfainn leis. Ġlaoḋas ar an madra agus ċuireas fé n-a ṗus an cupán, aċ ní ḟéaċfaḋ sé air, a ṁic ó. Níor ḋein sé aċ sraot a ċur as.

Annsan ċuiṁniġeas ar ṡeift eile. Fuaireas dorn mine buiḋe agus do ḟliuċas leis an stuif as an mbuidéal é agus ċuireas sa ḃuaile amuiċ é ar pláta. Siúd ċuige an ganndal mór agus d'alp sé a raiḃ ann. Níor ḃraiteas faic air go ceann tamaill. Annsan ċrom sé ar ġoġalaiġ. I gcionn tamaill d'éiriġ sé as san agus ċrom sé ar ṡiuḃal tiompall agus leaṫċeann air. Fáinne ḃí sé a ḋéanaṁ agus é ag siuḃal. Annsan stad sé agus leaṫ sé a ḋá ċois amaċ ó 'ċéile agus ḃí sé 'á ṡuataḋ féin anonn 's anall. Ċuirfeaḋ sé na cait ag gáiriḋe. Annsan do luiġ sé agus ḋún sé na súile agus ní feaca aon oiġre riaṁ aċ é ar ṡeana-Ḋiarmaid críona annso amuiċ nuair a ḃíonn sé ag tuitim dá ċodla sa ċaṫaoir ṁóir os coṁair na teine agus é 'mioġarnaiġ. Annsan luiġ sé ar fad anuas ar a' dtalaṁ, do ṡín sé a ṗiopán uaiḋ amaċ agus do leaṫ sé a ḋá sciaṫán agus níor fan anam ná brí ann aċ ċoṁ beag agus dá mbeaḋ sé marḃ. Ambaisce ḃíos ag breit ċugam ar eagla go gcaillfí é agus ní feadar cad a ḋéanfainn. Ċuala Daid ag teaċt ó ċró na mbó agus ċuireas díom isteaċ. Nuair a ċonnaic Daid an ganndal do stad sé agus ḃí sé ag cainnt leis féin.

“An diabal mé aċ go ḃfuil sé 'na ‘ċocstí’!” ar seisean. “A Jimín,” ar seisean ag glaoḋaċ. Ḃíos-sa ag scuabaḋ an úrláir ar séirse.

# Jimín Ṁáire Taiḋg

Cad tá ort," arsa mise.

"Marḃoċaiḋ do ṁáṫair sinn," arsa Daid. "Tá an ganndal mór ar na croití deiriḋ."

"Cad do ḋeinis leis?" arsa mise.

"Cad do ḋeinis-se leis?" arsa Daid.

Ḃíos ag iarraiḋ é ċur ar Ḋaid agus ḃí Daid ag iarraiḋ é ċur orm-sa.

"Gearánfad led' ṁáṫair tú, a ḃligeáird!" arsa Daid.

"B'ḟearra duit éisteaċt," arsa mise, "nó 'neósad-sa di mar ġeall ar an seaċt is raol a ḃainis as fiaċa na mbeiṫioċ."

"Seaḋ! agus 'neósad-sa di cé ṁairḃ an cat," ar seisean.

Ar m'anam, gur ḃain Daid stad asam. Measas ná raiḃ fios ag aonne beirte é. Aċ níorḃ é sin an ċuid ba ṁeasa den scéal aċ go raiḃ Mam ag éisteaċt leis a' gcainnt go léir mar ṫáinig sí isteaċ i gan fios dúinn. Ċrom sí ar an mbeirt againn, a ṁic ó! agus níorḃ fiú trí leaṫpingní sinn nuair a ḃí deire ráiḋte aici. Mise agus Daid boċt! is cruaiḋ an saoġal atá againn! Níor fan focal im' Ḋaid aċ ḋ'éaluiġ sé leis 'dtí an t-Aifreann agus ḃíos-sa trí fiċid slat 'na ḋiaiḋ aniar an bóṫar síos agus gan focal as aonne 'gainn.

Nuair a ṫána abaile ón Aifreann ḃí an ganndal i n-aice na teine age Mam agus an t-anam ag teaċt arís ann. Ní ḟuair Mam amaċ riaṁ cad d'imiġ air mar nuair ṫáinig Daid abaile ḃí sí ag baint sásaiṁ de i dtaoḃ gur ól sé ḋá ġloine fuiscí as an mbuidéal a ḃí sa ċurpad. Duḃairt Daid, "ambaiste," nár ól agus go raiḃ sí ag cur éiṫiġ air; aċ d'áitiṁ sí air gurḃ é a ḋ'ól é. Ní raḃadar buiḋeaċ dá ċéile an ċuid eile den tráṫnóna. Ḃí truaġ agam-sa do Ḋaid; aċ, dar fia! ba ṁeasa liom mé féin agus ní duḃart aon focal.

# Caibidiol VI

## Lá an Dreoilín

Ní mór an sásaṁ a fuaireas féin ná Daiḋ 'nár ndinnéar tar éis teaċt ón Aifreann Lá Nodlag toisc a ḋéine ḃí Mam ag plé linn i dtaoḃ scéil an ġanndail agus na scéalta eile a ḃí scéiḋte orainn tar éis na maidne. Ṫug Daiḋ iarraċt nó ḋó ar a ráḋ nárḃ é féin a ḋein aon ní leis an nganndal. Duḃairt sise go searḃ gur ḋóċa nárḃ é a ḋ'ól an dá ġloine fuiscí, aċ oiread. Ḃí sé ar ḃarra mo ṫeangan agam-sa a ráḋ nárḃ é a ḋein, aċ ṫuigeas i n-am dá dtéiġeaḋ an focal ṫar mo ḃéal go gcaiṫfinn cúntas a ṫaḃairt sa ḃfuiscí úd. Dá ḃrí sin d'ḟágas an scéal mar a ḃí cé go raiḃ trua agam dom' aṫair. Níor ḃe' liom a raiḃ im' ċoinniḃ féin ċeana.

Ḃí an ganndal i n-aice na teine agus é ag teaċt ċuige féin. Nuair féaċainn air ní féadainn gan gáire ḋéanaṁ nuair a ċuiṁniġinn ar an ruḋ a ḋ'imiġ air. Ċonnaic Mam me uair agus ṫóg sí os cionn talṁan me le clabṫa baise. Deirim leat gur ċuireas an doras amaċ ḋíom tapaiḋ go maiṫ gan aon ġáire eile ḋéanaṁ. Ṫuigeas nuair a ḃí sé ró ḋéannaċ gur ḋearṁaḋ dom gáire ḋéanaṁ faid a ḃeaḋ fearg ar Mam. Ṫuig Daiḋ ó ṫúis é agus ḃí a rian air—ní ṫug Mam aon ċlabṫa baise ḋó; is aṁlaiḋ a ċuaiḋ sé féin amaċ 'on stábla agus do ṡuiḋ ar an mainnséar ann ag caiṫeaṁ tobac, agus ní raiḃ focal as. Deineann sé mar sin go minic nuair a ḃíonn Mam ag deargaḋ ḃear air, is ní ṫuigim ca' 'na ṫaoḃ. Dá mbuaileaḋ sí é mar ḋeineann sí liom-sa ḋéarfainn go mbeaḋ cúis aige aċ ní ḃuaileann coiḋċe. Scaoileann sí le Daiḋ i gcoṁnaiḋe. Dá ḃfanaḋ sí ar ċainnt liom-sa is me ná beaḋ duairc.

# Jimín Ṁáire Taiḋg

Nuair ná raiḃ an dream sa ḃaile i ḃfonn ċun coiḋriṁ ċuas ar lorg Ṁicilín Eoin. Ṫugamair tamall ag caiṫeaṁ caiḋtí agus tamall eile ag caiṫeaṁ tobac as píp a fuair Micilín ag dul amú i bpóca a aṫar.

Nuair a ḃí an tobac caiṫte againn ḃíomair ag iarraiḋ cuiṁneaṁ ar cad a ḋéanfaimis.

“An dian!” arsa mise, “beirimis ar asal Ṫaiḋg Ṁóir agus ar asal Ṁáire Aindí agus ceanglaimis a ḋá n-eirball!”

“Tá asal Ṁáire istiġ ó ṁaidin aici,” arsa Micilín.

“Ná féadfaimis éalú amaċ as an stábla leis?” arsa mise.

“N'ḟéadfaimis,” arsa Micilín. “Ná feiceann tú Nell agus Taḋg Óg sa ḃóiṫrín.”

“Go dtagaiḋ fuaċt ins na cosa aca, ná téiġeann isteaċ abaile!” arsa mise. “'Ḃfuil aon ní eile ḋéanfaimis? Ná fuil do ċat-sa fós gan báṫaḋ 'gainn?”

“Tá,” arsa Micilín, “aċ tá piscíní ó iné aici.”

“Ó, hanaman diucs! báṫaimis na piscíní, a Ṁicilín.”

“Ní ḃáṫfam, a ḃuaċaill; teastuiġeann ceann óm' aintín agus ceann ó Nell Ṁáire Aindí.”

“Oċ a ḋe!” arsa mise.

Ḃíomair i ḃfad ag cuiṁneaṁ ar rudaí aċ an riaċ ceann a ḃí ċun ár sásaiṁ. Sa ḋeire d'éistíomair ar fad. Sin é an uair a riṫ an rud im' aigne féin.

“Hanaman scian, a Ṁicilín!” arsa mise, “'ḃfuil fios agat cad é?”

“Cad é?” arsa Micilín.

“Bíoḋ Dreóilín amáireaċ againn!” arsa mise.

“Hanaman diucs, bíoḋ!” arsa Micilín, agus an dá ṡúil ag dul amaċ as a ċeann. “Agus bead-sa im' amadán.” [Sin é an fear go mbíonn an loṁnán gaoiṫe aige sa Dreóilín, tá's agat, agus é ag bualaḋ gaċ aonne leis.]

“Bead-sa im' ċaptaen,” arsa mise.

“Agus cé beiḋ 'na ḋinsiġ?” arsan fear eile.

Ḃ'in ceist ċruaiḋ le réiḋteaċ. Ċuiṁníomair ar Ċáit

seo 'ġainne agus ċuamair ċun an sceal a ċur fé n-a bráid; aċ, a ḋuine, do spriúċ sí.

"Is mór an náire ḋíḃ é!" ar sise, "an dreóilín boċt a ṁarḃú agus ḃeiṫ ag siuḃal pluḋaiġ na ḋúṫaiġe ag lorg airgid 'á ċionn."

"Naċ é scéiḋ ar ár Slánaṫóir," arsa mise; "agus naċ maiṫ atá sé tuillte aige é ṁarḃú."

"Má seaḋ ní hé an dreóilín a ḃeiḋ agaiḃ-se a scéiḋ air," arsa Cáiṫ.

"Maraḃ' é, ṁuise!" arsa mise, "b'é a ḋaiḋ críona ḋein é, agus aonne 'ṁáin iad."

Aċ níorḃ aon ṁaiṫeas ḃeiṫ ag gaḃáil do Ċáiṫ. Duḃairt sí linn imeaċt le n-ár seana-Ḋreóilín gan ṁaiṫ. Ná déanfaḋ gearrċaili i n-ao' ċor na ruḋaí gránna a ḋeineann buaċailli. Ní raġaḋ sí i n-aon Dreóilín.

Ní ḃíonn aon ṁaiṫ ins na seanaċailíní sin.

Ḃíos féin is Micilín i gcruaċás. Ní ḃeaḋ aon ṁaiṫ i n-ár nDreóilín ċeal óinsiġe. Ṫriallamair cailíní an ḃaile ar faḋ aċ ní tiocfaḋ aonne 'ca linn.

"Caiṫfimíd éirġe ar faḋ as," arsa Micilín.

"Ní éireoċaimíd," arsa mise, "cuirfimíd éadaċ óinsiġe ar ḃuaċaill éigin."

Leis sin glaomair ċuġainn ar na leaiḋeanna eile agus d'innseamair ḋóiḃ an ruḋ a ḃí beartaiṫe againn i gcoṁair an lae amáiriġ. Ḃí sceitimíní áṫais orṫa go léir.

"Caiṫfiḋ cuid agaiḃ éadaċ ban a ḃeiṫ oraiḃ," arsa mise.

Níor ḃraiṫeas aon ḃreis áṫais orṫa 'na ṫaoḃ san.

"Ní raġad-sa i n-aon éadaċ mná," arsa Taḋg Learaí Ḃig.

"Aonne ná fuil sásta déanaṁ mar a deirim-se leis imiġeaḋ sé as an nDreóilín ar a' hap," arsa mise.

D'éist Taḋg Learaí Ḃig.

"Cá ḃfaġam éadaiġe ban?" arsa Smulc, "agus cé hiad go mbeiḋ siad orṫa?"

"Taḋg Learaí Ḃig agus tusa, a Smuilc, geoḃaiḋ siḃ

iad agus cuiriḋ orraiḃ iad agus bíḋ 'nḃúr ḋá n-óinsiġ."

"Níl aon ḃean 'nár dtiġ-ne," arsa Taḋg, "aċ mo ṁáṫair agus is mó is mór a cuid éadaiġ sin dom-sa."

Ċuir san i dteannta me. Ḃí'os agam gur ċeap sé go raiḃ buaiḋte aige orm. Ṫáiniġ coċal orm ċuige.

"Ná bac san, a Ṫaiḋg," arsa mise. "Ní fál go haer é. Ġeoḃam culait óinsiġe duit-se ná bíoḋ eagal ort. Bíḋ go léir annso ar a hoċt ar maidin gan teip. Agus anois téiġimís ar lorg dreóilín."

Fuaireamair go léir maidí agus cloċa agus níor fágamair tor ná claiḋe ná bóiṫrín gan ċuardaċ féaċ an bfaġaimís dreóilín le marḃú; aċ an riaċ dreóilín a ḃí i n-aon áit aca. Duḃairt Smulc gur dóċa gurḃ aṁlaiḋ a ḃíodar go léir imiṫe abaile i gcoṁair na Nodlag; aċ is dóiġ liom-sa gurḃ aṁlaiḋ a ḃí fios aca go raiḃ Lá an dreóilín ag teaċt agus go ndeaċadar go léir i bfolaċ ar eagla go marḃoċaimís iad.

Ḃ'éigean dúinn sa deire dul abaile gan aon dreóilín. Ṫeastuiġ ó Ṁicilín aris go n-éireoċaimís as an scéal toisc gan an t-éan beag a ḃeiṫ againn; aċ duḃart-sa go leigfimís orainn go raiḃ sé istiġ i nead i lár an tuir ċuilinn againn agus ná leigfimís d'aonne féaċaint air. Ní raiḃ Micilín sásta ar fad, cé gur ġéill sé.

Ḃí hata cruaiḋ agus casóg eirbaill istiġ i gcurpad mór sa baile. Lem' Ḋaid Críona dob' eaḋ iad sarar cailleaḋ é, fad' ó riaṁ. Ċuireas i gan fios iad amaċ ar loċta an stábla. Ḃíos ar lorg bróg, leis, le cur orm, aċ ní raiḃ aon feiḋre sa tiġ ná tuitfeaḋ dem' ċosa aċ feiḋre de ḃróga deasa 'leaistic le Mam a ḃí os cionn an iarta ar ċlár aici. Ċuireas mo ṡúil orṫa san, aċ d'fágas mar a raḃadar go maidin iad ar eagla go mbraiṫfeaḋ Mam an droċfuadar. Ḋeineas agaiḋ feidil as bib le Cáit agus ṫógas a raiḃ de ribíní sa ḃoiscín aici agus ċuireas ar an hata iad. Fuaireas pice agus ċeanġluiġeas tor cuilinn ar a barra agus nead istiġ 'na lár, de ċaonaċ.

Ó ba ċaptaen mise, dar ndóiġ, níor ṁór dom

claiḋeaṁ. Ní raiḃ aon ċlaiḋeaṁ sa tiġ riaṁ againne ná ag aonne ar an mbaile—ná gnó aca ḋe—agus d'ḟág san mise i dtaoiḃ le claiḋeaṁ aḋmaid a ḋeineas de ċláirín. Táirneálas píosa beag sé n-órlaċ treasna air i n-aice mo láiṁe.

Nuair a ḃí mo ċuid féin facta agam ċuas ar lorg culaiṫ óinsiġe do Taḋg Learaí Ḃig. Ní raiḃ aon ní oiriúnaċ le fáġail aċ éadaċ le Cáit, agus ḃíos i gcás idir dá ċoṁairle cad a ḋéanfainn. Ċuarduiġeas seomra Mam aċ ní raiḃ aon rud ann go bféadfaḋ Taḋg é ċaiteaṁ. Ḃí an scéal ag déanaṁ tinnis dom agus sinn ag dul a codla. Nuair a ḃí an Ċoróin Ṁuire 'á ráḋ againn tug Mam greasáil eile dom mar ná dubart-sa aċ seaċt gcinn den deiċniúr. Ní feadar-sa an ndubart nó ná dubart i gceart iad mar naċ orta ḃíos ag cuiṁneaṁ aċ ar ċulaiṫ do Taḋg Learaí Ḃig.

D'éiriġeas-sa roiṁis an gcuid eile den tiġ ar maidin. Ḃuaileas na bróga leaistic fém' ascail. Annsan ċuas go dtí seomra Ċáit is ċuarduiġeas arís do ċulaiṫ i gcoṁair Taiḋg. Do prioc an t-áiḃirseoir me sa deire agus tugas liom gúna agus rudaí eile le Cáit agus amaċ tríd an bfuinneóig liom go dtí an stábla. Ċuireas orm mo ċulaiṫ Dreoilín—na bróga leaistic agus an ċasóg eirḃaill agus an hata caroline agus riḃiní Ċáit ar sileaḋ leis. Ḃuaileas orm an aġaiḋ feiḋil annsan agus mo ċrios agus mo ċlaiḋeaṁ, agus deirim-se leat, a ḃriteáir, go raiḃ cuma captaen Dreoilín orm má ḃí sé ar aonne riaṁ. D'imiġeas annsan ar lorg na coda eile. Ḃíodar ag teaċt, duine ar duine, agus an riaċ duine aca d'aiṫin me, a ṁic ó! gur ḃaineas an aġaiḋ feiḋil díom.

Tugamar tamall maiṫ ag feistiú a ċéile sara rabamair ullaṁ. Nuair táinig Taḋg Learaí Ḃig ċromas ar éadaċ Ċáit a ċur air. Aċ ḃí ceataiġe sa scéal—ní raġaḋ éadaċ Ċáit ar Taḋg gan Taḋg do ḃaint a ċoda féin de—rud nár taiṫn i n-ao' ċor leis. Níor ḟan dá ċuid féin air aċ a léine; aċ nuair a ḃí an gúna air agus cairḃp ṗioraċ páipéir ar a ċeann ḃí sé 'na ġearrċaile deas go

leor. Do scéid na bróga air, áfach. Feidhre le n'athair ab eadh iad agus iad ró mhór do. Is amhlaidh a bhíodh sé á dtarrang 'na dhiaidh agus gach aon plup-flap aca.

Ceathrar de lucht ceoil do bhí againn. Thugas féin orgán béil liom a fuair Cáit óm' Aintín. Ag Tumaisín Bán a bhí sé 'á seinm i rith an lae. Bhí trúmpa stáin ag Micilín a thug sé do Smulc. Thug duine eile mias mhór stáin leis agus do bhí ag gabháil de mhaide air agus bhí bucaed stáin ar sileadh le muineál duine eile agus bhídís a gceathrar ag séideadh is ag bualadh is ag greadadh i dteannta céile agus deinidís ceól breá.

Thugas an tor cuilinn le hiompar do Peats Micilín Dan agus bhí lomhnán gaoithe ag Micilín Eoin a fuaireamair ó Thadhg Óg nuair mharbhíodar an mhuc roim Nodlaig agus bhíodh sé ag bualadh gach aonne leis. Bhí málaí ar chuid aca agus léinte fear ar a tuille agus seanasciorta le n-a máthair ar fothduine. Bhí blús gorm le Nell Máire Aindí ar Micilín Eoin agus an riach pioc di d'aithin i n-ao' chor air é gur chuimhnigh sí uirthi féin lá'r na máireach.

Tigh Bheit Móire an chéad áit a chuamair. Bhí mo chlaidheamh ar tarrang agam féin nuair mháirseálamair an doras isteach chúichi. Bhuaileamair suas ceol di agus deineamair rinnce ar an úrlár. Deineamair fáinne timpall ar Bheit agus sinn ag damhas. Chrom Beit ar rinnce i féin, istigh i lár an fáinne agus b'in é an t-iongantas: promsáil Bheit a d'feiscint. Bhí giorranáil uirthi nuair a stad sí agus b'éigean di suidhe.

"Ara mhuise, is tréan na buachailli sibh," ar sise.

"Cait chugainn dorn airgid," arsa sinne, mar b'in é b'fearr linn ná aon plámás.

"Airgead ab eadh?" ar sise. "Och, maran sibh na rógairí agam!" Agus bhí sí ag gáirí ag dul go dtí an dresser. Tá Beit anabheathaithe agus nuair a gháireann sí bíonn sí ar fad ag crith agus annsan ní féadfá féin gan beith ag gáirídhe leis.

Thóg sí seanamhuga den dresser agus fuair sí dhá thuistiún rua ann agus thug sí dúinn é. Deineamair greas



ort," ar seisean, "is tusa fé ndeara é."

Lṫnċ. 42

eile ceoil annsan dí agus babta rinnce agus d'imíomair. Ċuamair go tiġ Ṁicilín Eoin agus fuaireamair réal ann. As san linn go tiġ Ṫaidġ Óig. Ḃí Tadġ Óg istiġ agus ḃí sé ag magaḋ fúinn agus 'á ráḋ ná raiḃ ceol ná rinnce againn; aċ nuair a ḃíomair ag imeaċt tug sé scilling dúinn agus tug bean a ḋriṫeár réal dúinn.

Nuair tánamair go Tiġ Ṁáire Aindí ḃí anaġeóin againn. Úrlár leac a ḃí ann, tá's agat, agus ḋeineamair cnagarnaċ ḃreá air ag rinnce. Nuair a ċualaiḋ an madra mór atá aca an ceol ṡuiḋ sé ar a ċorragiob agus ċuir sé a ṡrón san aer agus d'oscail a ḃéal agus ḃí ag cur glamanna móra brónaċa ceoil as i dtreo is go gceapfá go raiḃ gaċ madra riaṁ a ḃain leis marḃ. Ḃí Nell d'iarraiḋ sinn d'aiṫint. Ċait a máṫair aṁras láiṫreaċ orm féin.

"Muise, slán beo le seana-Ṫadġ," ar sise, "agus ní hé sin críċ ba ṁaiṫ leis ar a ċasóig ġreanta."

"Ara! ní hí an ċasóg atá ag déanaṁ tinnis anois do," arsa mise. "Ná fuil sé deiċ mbliana sa ċré."

"Marḃoċaiḋ do ṁáṫair tu," arsa Máire Aindí.

"Ná bí ag tarraċ mo ṁáṫar ċugam," arsa mise, "aċ tr'om scilling don Dreóilín."

Ġáir Máire.

"Féaċ, a Nell," ar sise, "ġeoḃaiḋ tú réal sa sparán san tíos agus taḃair dosna buaċaillí í."

Ċuaiḋ Nell go dtí an sparán aċ ní réal a tug sí dúinn aċ scilling. Annsan tug sí stráice aráin an duine dúinn agus ḃí risíní ann. Is maiṫ liom féin Nell.

Tugamair turus ar na tiġṫe eile sa ḃaile i ndiaiḋ a ċéile aċ d'fágas ár dtiġ-ne ar deire. An ruḋ adubairt Máire Aindí i dtaoḃ culaiṫ mo Ḋaiḋ Ċríona agus i dtaoḃ na feirge beaḋ ar Ṁam—sin é ċongaiḃ ón dtiġ me. Ní baoġal ná go n-aiṫneoċaḋ Mam an ċasóg eirbaill agus an hata agus d'fágfaḋ san an Dreóilín gan captaen. Sé deineas sa deire ná an ċuid eile a ċur go dtí an tiġ agus fanúint me féin sa ḃóiṫrín. Ḃí seans go ḃfaġaiḋís scilling ó Ṁam mara ḃfeiceaḋ sí mise 'na dteannta.

# Jimín Máire Taiḋg

Ḃuel! a ḋriṫeáir, is maiṫ a scaras leis is gan dul leo. Ċonnac iad go léir ag dul an doras isteaċ agus na gléiseanna ceoil ar siubal aca. Níorḃ' ḟada, áfaċ, gur stad an ceol go hobann agus ċonnac ag brú a ċéile sa doras arís iad d'iarraiḋ teaċt amaċ. Stadadar taoḃ amuiċ agus ḃíodar ag féaċaint an doras isteaċ ar rud éigin a ḃí ar siubal istiġ aċ ní leoṁfaḋ aonne 'ca dul róġairid don doras. "Mam arís, déarfainn," arsa mise agus tugas mo ḃuiḋeaċas do Ḋia gur ḟanas ó n-a crúcaí.

Ní fada ḋom go ḃfeaca mo ḋuine Taḋg Learai Ḃig ag teaċt an doras amaċ ċun na coda eile agus ba ḋóbair go dtuitfinn nuair ċonnac an íḋe ḃí air. Ní raiḃ d'éadaċ ná de ċulaiṫ an Dreóilín air aċ an méid nár le Cáit seo 'gainne. Aon lá dá ċuiṁne ní ṫáinig dom agus me ag cura na coda eile go dtí an tiġ, go n-aiṫneoċaḋ Mam gúna Ċáit ar Ṫaḋg.

Ḃí Taḋg ag pusíl ġuil agus a láṁ treasna a ṡúl aige leis an náire. Ḃí trua agam do aċ, ar ṁ'ḟalaing, nuair ċonnac a' ḃreill a ḃí air agus an dá ḃróig ṁóra 'á dtarrang 'na ḋiaiḋ aige ag teaċt ċugam sa ḃóiṫrín níor ḟéadas gan gáiriḋe. Nuair ċonnaic Taḋg me ag gáiriḋe ṫáinig an goṁ air.

"Léan ort," ar seisean, "is tusa fé ndeara é," agus ḃí an gol agus an fearg 'á taċtaḋ. Rug sé ar na cloċa sa ḃóiṫrín agus ḃí sé a' rúscaḋ liom agus gaċ aon liú ġuil aige. Ṗléascamair go léir ag gáiriḋe. "Hí-ú, cosa buiḋe árda!" arsa mise. Ḋein san an donas ar fad ar Ṫaḋg. "Ḃú hú!" ar seisean agus as go bráṫ leis abaile tré sna garraiṫe.

Aċ dá ṁéid an greann a ḃí againn ar Ṫaḋg ní rabas-sa i n-ao' ċor istiġ liom féin. Ḃí fearg mo ṁáṫar mar do ḃeaḋ scamall os mo ċionn.

D'imiġ an Dreóilín ar fad soir ċun na ceardtan agus ċun na dtiġṫe i n-aice leis, aċ ní ḟuaireas aon spórt insa Dreóilín a tuille. Nuair a ċuamair go tiġ Ṗeats Teaimí ní ṫaḃarfaḋ sé aon ní ḋúinn. Dubairt sé gur "daca bligeárd" sinn agus ċuir sé an madra linn; aċ

d'éiriġ an madra as an scéal nuair a ḃuaileas-sa isteaċ sa ċliaṫán le cloiċ é. Riṫ Peats im' ḋiaiḋ le n-a ṁaide aċ ḃí fuar aige ḃeiṫ ag iarraiḋ breiṫ orm-sa agus na bróga leaistic orm!

Ḃíomair tuirseaċ den Dreóilín féin dtráṫ san agus dubramair go n-éireoċaimís as. Ḃí ocras ag teaċt, leis, orainn. Dó ḋéag is seaċt bpingne ḃí againn agus roinneamair idir an deiċniúr a ḃí sa Dreóilín é—scilling is leaṫréal an duine. Ṫugamair an ṗingin breise do Ṫadg Learaí Ḃig toisc an sceiṁle fuair sé ó Ṁam. Micilín a ṫug abaile ċuige é. Annsan ṫug gac aonne agaiḋ ar a ṫiġ féin agus fuadar ocrais fé.

Aċ, a' dtuigeann tú, ní raiḃ aon ḟuadar fúmsa ċun an tiġe. Ḃí droċionntaoiḃ agam as an bfáilte a cuirfí roṁam. Ṫugas fuaṫ don mbaile. Ṫuigeas, tá's agat, go raiḃ Mam ag feiteaṁ liom ann agus go mbeaḋ sásaṁ uaite i ngúna Ċáit agus i gcasóig mo Ḋaid Ċríona agus sa hata Caroline agus dubart liom féin gurḃ é mo leas Mam a ṡeaċaint i láṫair na huaire sin agus b'ḟéidir le himeaċt aimsire go dtiocfaḋ sí ċun blaḋair liom arís.

Suas go dtí tiġ Ṁáire Aindí ċuas. Ní ḟéadfainn fanúint amuiċ agus an ċulaiṫ ṁallaiṫe úd orm, agus ḃí an lá fós ann i slí ná féadfainn dul i gan fios go dtí an stábla ċun mo ċuid éadaiġ féin o'ḟagáil. Ḃí an t-ocras ag gaḃáil díom go géar agus ḃí súil agam, tá'n agat, go bfaġainn píosa de císte Nodlag ó Nell. D'íosainn píosa mór de císte an uair ċéadna.

Ḃí Nell istiġ agus Máire Aindí agus Tadg Óg. Nuair connaic Tadg an ċulaiṫ fós orm táinig fonn magaiḋ air.

"Déanfaiḋ sé seo Dreóilín go hoiḋċe ḋo," ar seisean.

"Naċ agat atá an cion ar ḃalcaisí do Ḋaid Ċríona?" arsa Máire Aindí agus ḃí sí ag gáiriḋe.

Rug Nell ar an hata agus do ċuir ar a ceann é Dar fia! níor oir sé go holc i n-ao' ċor dí.

"Tr'om an ċasóg leis," ar sise agus ḃain sí ḋíom í agus ḃí 'á cur uirṫi.

"Ara! bain díot iad agus ná bí ag déanaṁ Máire Ní Ógáin díot féin," arsa Máire Aindí.

Níor ḋein Nell aċ gáire agus d'ḟéaċ sí síos uirṫi féin "Ná fuilim go deas?" ar sise.

"Ó! go gleóite!" arsa Taḋg.

Ní duḃairt Máire aon ní.

"Cad duḃairt do Ṁam leat nuair a ċonnaic sí tu?" arsa Nell.

"N'ḟeaca sí fós me," arsa mise, "mar ná raḃas sa ḃaile ċuige."

"Agus ab' aṁlaiḋ atá eagla ort dul?" arsa Nell.

"Ba ṁaiṫ an ceart do," arsa Taḋg, agus d'innis sé dóiḃ cad d'imiġ ar Ṫaḋg Learaí Ḃig. "Agus dá ṁéid an néal a ḃí uirṫi nuair ċonnaic sí gúna Ċáiṫ ar Ṫaḋg beag ṫáinig an goṁ ar fad uirṫi nuair ḃraiṫ sí casóg agus hata a hatar imiṫe!" arsa Taḋg Óg.

Ḃí 'fios agam féin gur mar sin a ḃeaḋ, leis, gan Taḋg Óg 'á innsint dom i n-ao' ċor. Ḃraiṫeas mo ċroiceann greadaiṫe, scólta ċeana féin ón mbualaḋ a ḃiṫeas ċun a taḃairt dom.

"Ní gáḋ ḋi i n-ao' ċor ḃeiṫ ċoṁ cruaiḋ ar ḃuaċaill boċt," arsa Nell.

"B'féidir nár iṫis aon dinnéar inniu, leis," ar sise Ṫuigeas go raiḃ Nell tuisceannaċ agus go mbeaḋ sí ag ṫaṫant orm go gcaiṫinn ruḋ éigin.

"Ó!" arsa mise, "níl aon ocras orm." Ḃí, a dtuigeann tú, aċ ní leigfeaḋ náire dom é ráḋ.

"Mara bfuil féin b'féidir go n-iosfá píosa de ċíste Nodlag."

Ḃíos i gcás cruaiḋ—ní féadfainn a ráḋ go n-iosainn agus níor ṁaiṫ liom a ráḋ ná hiosainn. Aċ ḃí Nell tuisceannaċ. Ċuaiḋ sí agus tug sí ċugam cannta mór de ḃairgin breac agus muga bainne. Nuair a ḃíos 'á d'iṫe duḃart liom féin gurḃ í Nell an duine ba tuisceannaiġe dár ḃuail riam liom.

# LÁ AN DREOILÍN

Nuair ḃí an béile iṫte agam ḃraiṫeas feaḃas mór ar gaċ aon scéal agus ḃíoḋ cuiṁne Ṁam ag imeaċt uaim go ḃféaċainn i gcoṁnaiḋe ar an gcasóig eirḃaill. Do réir mar ḃí sé ag dul i ndéannaiġe, áfaċ, agus gur ṁiṫiḋ dom ḃeiṫ ag dul aḃaile ní raḃas i n-ao' ċor istiġ liom féin. Ḃí a cuiṁne ag teaċt tar n-ais ċugam go hana-ṡoiléir ar fad. Níor ṡaṁluigeas aon ní léi an uair sin aċ sceiṁle mór an Luain go mbíonn Ḃeiṫ Mór ag tráċt air go minic, pé rud é. Aċ ní raiḃ aon dul uaiḋ agam tuigeas, agus d'éirigeas ċun dul aḃaile.

"Aḃaile taoi ag dul?" arsa Nell.

"Seaḋ," arsa mise, "agus ba ḃreá ḃeiṫ ag dul 'on croiċ seaċas é."

Do ġaireadar go léir. D'féaċas anonn ar Nell.

"Ṁuise, beannaċt Dé ort! agus téanam ort im' teannta féaċaint a' ḃféadfá faoḃar mo ṁátar a ċur díom."

Is dóċa gur tuig sí an cás cruaiḋ a ḃí orm. Do ṗreab sí.

"Ṁuise im' ḃriaṫar go raġaḋ," ar sise.

Táinig oiread bó de ċroiḋe dom, a ḋuine. Ḃí Máire Aindí ag gáiriḋe fén scéal.

Nuair a ḃíomair ag imeaċt, arsa Taḋg Óg: "Arḃ aon ċaḃair mise dul 'nḃur dteannta?" agus d'féaċ sé ar Nell. Do stad gáire Ṁáire Aindí agus táinig cuma míċéadtaċ uirti nuair féaċ sí sa ċúinne ar lorg rud' éigin. Le n-a linn sin d'féaċ Nell ar Taḋg agus do ḃagair a ceann ċun an dorais.

"Téanam ort," arsa mise, agus táinig.

Ba ṁór an misneaċ orm é an ḃeirt a ḃeiṫ faram agus me ag dul go dtí an tiġ. Ġaiḃeamair an ḃóiṫrín—mise ar tosaċ agus iad-san im' ḋiaiḋ agus láṁ Nell i láiṁ Taiḋg, toisc an oiḋċe ḃeiṫ ann is dóċa. D'fanadar i ndoras an stáḃla fad a ḃíos-sa ag dul ar an loċta ar lorg mo ċuid éadaiġ féin agus 'á ċur orm.

Nuair tána arís ċúċa ġluaiseamair ċun an tiġe. Ní mise ḃí ar tosaċ an ḃabta so am ḃaic! Is i gcoinniḃ mo ċos a ḃíos ag dul ann, a ḋuine.

# Jimín Ṁáire Taiḋg

"Ná bíoḋ aon ḋruċṁisneaċ ort, a ḃuaċaill," arsa Nell liom. "Siuḃail leat."

"Ní leigfiḋ tú ḋi me ṁarḃú ar faḋ, a Nell," arsa mise.

"Ní leigfeaḋ," arsa Nell. "Croiċ suas tu féin."

Ṫugas me féin suas do Ḋia agus do Ṁuire agus rugas greim ar ġúna Nell agus ċuas tar doras isteaċ 'na ḋiaiḋ. Ḃí Mam 'na suiḋe ag ceann an ḃúirḋ agus Daiḋ le hais na teine agus Cáit imiṫe a ċoḋla, is dóċa. Nuair ċuas isteaċ d'ḟéaċ Mam orm. Ċloisfeá biorán dá dtuiteaḋ. Do staḋ mo ċroiḋe agus m'anál agus ċrom ruḋ éigin i gcolpaí mo ċos ar ċrit agus ṁeasas go dtuitfinn.

"Ṫáinis," ar sise.

Ar m'ḟalaing nár labras! D'éiriġ Mam agus ṫóg sí anuas an tslat den ċlár os cionn na teine mar a mbíoḋ sé i gcoṁnaiḋe aici.

"Tar i leiṫ ċugam," ar sise.

Ó muiricín! bíos ag cur uaim. Leis an scannra bíos ag bogaḋ de ġúna Nell ċun dul ċun na slaite nuair ċuir Nell taoḃ tiar ḋi me.

"Ní ḃuailfiḋ tú barra méire ar an mbuaċaill," ar sise le Mam. Mo ċeol í Nell.

"Ḃuailfiḋ me agus bainfiḋ me an croiceann anuas ḋo, mar is é atá tuillte aige," arsa Mam.

Ḃí scaiṁ uirṫi 'á ráḋ, a ḋuine.

"Á faire, a Ṁam! ná dein," arsa Nell. "Dein an garsún boċt dearmaḋ agus tá aiṫreaċas anois air."

"Aiṫriġe ṫóirniġe," arsa Mam. "Scaoil i leiṫ ċugam é agus múinfeaḋ-sa ḋo . . . ."

"Aċ beiḋ sé 'na ḃuaċaill maiṫ gaċ aon uair eile," arsa Nell.

Ḃí Nell ar a ḋíċeall.

"Beiḋ, nuair beaḋ-sa críoċnaiṫe leis," arsa Mam, agus ṫug sí foġa tiompall ar Nell ċun beirṫe orm. Léim Nell eadrainn ċun me ċosaint aċ is baoġal go dteipfeaḋ uirṫi agus go mbeaḋ deire le Jimín mara

mbeaḋ gur ḋein Taḋg Óg fóiriṫint orm. Ní ḋearṁaḋfaḋ go bráṫ ḋó é. Rug sé ar láiṁ ar Ṁam agus ḃain sé an tslat ḋi. Ó 'ḋuine! ba ṁór an ḟuascailt é. Ḃí Mam ar buile aċ do ḋeineadar cainnt ḃreá ḃog léi 'á ciúnú: gur buaċaill boċt óg me agus ná raiḃ aon ċiall agam—ná bíonn ceann críonna ar ċolain óig—ná tagann ciall roim aois—gur fearr go hanamúil aeraċ me ná ḃeiṫ im' ruidín miliṫeaċ cois na teine aici—go nḋéanfainn fear maiṫ ciallṁar fós, le congnaṁ Ḋé—agus naċ minic a ċuala sí na seandaoine 'á ráḋ gur "duine óg diagaiṫe aḋḃar diaḃail seanduine"; agus a lán eile cainnte mar sin gur ċuaiḋ sí ċun suainis.

Annsan ṫarraing Taḋg scéal eile anuas—go raiḃ cúig ṗúint a cúig ḋéag ar ḃanḃaí oċt seaċtaine ar ṡráid an Daingin Saṫarn na Nodlag agus ḃréagadar Mam mar sin ó ḃeiṫ ag cotú fala im' ċoinniḃ-se. Faid a ḃíodar ag cainnt d'éaluiġeas féin ċun súsa agus me go buiḋeaċ tré a feaḃas a ċuas as. Ní haon néal ċodlata ṫuit orm, áfaċ, go gcuala Neill agus Taḋg ag imeaċt aḃaile agus níor stad mo ċroiḋe de ḃualaḋ go gcuala Mam ag dul d'á seomra féin. Is sia ċuiṁnig sí ar ṁiġníoṁ lae sin an Dreóilín im' ċoinniḃ ná aon rud eile ḃí déanta le fada agam. Gaċ aon ṁaidean Doṁnaiġ nuair a ċíoḋ sí gúna Ċáit agus an rian duḃ a ḋ'fan air i nḋiaiḋ an lae ṁí-áiḋ sin ní féadfaḋ sí gan é ċur i gcuiṁne ḋom. Dá mbuaileaḋ Dia aon tseans i dtreo Ċáit go ḃfaġaḋ sí gúna nua ba ṁór an suaineas dom é.

## Caibidiol VII

## Mar ḃriseaḋ cleaṁnas Peats Teaimí

Táim le fada ag faire ar Nell Máire Aindí agus ar Taḋg Óg. Go dtí coigtíos ó ṡin ḃíoḋ an ḃeirt aca sa ḃóiṫrín gaċ aon tráṫnóna. Is mó tamall a ṫugas ag faire orta. A leiṫéid de ċogarnaiġ is a ḃíoḋ aca, a ḋuine! D'éaluiġeas-sa taoḃ tiar de'n ċlaiḋe oiḋċe ag éisteaċt leo féaċaint cad a ḃí ar siuḃal aca. Ní raḃadar buiḋeaċ dá ċéile. Is aṁlaiḋ a ḃí sí sin ag taḃairt greadaḋ do i dtaoḃ go raiḃ sé ag rinnce le cailín ó Ḃaile na hAḃann. Ṫug Taḋg na seaċt leaḃair déag ná raiḃ aon tor' aige ar an gcailín ó Ḃaile na nAḃann ná ar aon ċailín dá rugaḋ riaṁ aċ uirṫi féin. N'feadar ar ċreid sí é, nó nár ċreid. Is dóċa nár ċreid mar nuair ṫug sé iarraċt ar í pógaḋ ḃuail sí clabta baise sa leaṫċeann air. Is minic a ḃídís mar sin sa ḃóiṫrín.

Tráṫnóna tiompall coigtíse ó ṡin ṫáinig Máire Aindí isteaċ go dtí mo ṁáṫair agus ḃíodar ag cogarnaiġ agus ṫuigeas go raiḃ scéal mór éigin ar siuḃal aca. Ċuireas-sa mo ċuid leaḃar ar ceann an ḃúird le hais leo ċun ḃeiṫ ag foġluim mo ċuid ceaċt, mar a ḋéanfaḋ buaċaill maiṫ, aċ duḃairt Mam liom dul d'iarraiḋ gaḃál móna. Nuair a ḃí sé sin istiġ agam ċuir sí amaċ mé d'iarraiḋ uisce. Ṫugas liom an t-uisce, agus annsan duḃairt sí liom dul ar lorg na ngéanna. Ḃí fios agam-sa go maiṫ cad ċuige a ḃí sí am' ċur amaċ, aċ dá ḟeaḃas í, fuaireas amaċ cad do ḃí ar siuḃal aca. D'éaluiġeas isteaċ trí fuinneóig an tseomra agus ḃíos ag éisteaċt ag poll na heoċraċ. Máire Aindí a ḃí ag cainnt.

## MAR BRISEAḊ CLEAṀNAS PEATS TEAIMÍ

"N'feadar-sa cad é an saoġal atá anois ann na deineann an dream atá suas mar do ḋein a muinntir rómpa—a ḃeiṫ sásta leis an té a ġeoḃaḋ a n-aṫair nó a máṫair dóiḃ."

"Tá aṫarú tagaiṫe ar an saoġal ó ḃíos-sa is tusa óg agus ní hé an meón céadna atá age daoine," arsa Mam. "B'féidir go ḃfuil an ceart ag an gcailín. Mara ḃfuil sí sásta é siúḋ do ṗósaḋ, b'féidir naċ ceart duit-se iaċall a ċur uirṫi é ḋéanaṁ."

"Cuma ná beaḋ sí sásta leis?" arsa Máire. "Ná fuil díol aon ċailín d'fear ann? Agus cad é an táċt má tá blianta beaga aoise aige uirṫi? Naċ fearr é ná an glaigín gan éifeaċt san go ḃfuil sí ag cur na súl amaċ ag gol mar ġeall air ó táinig an scéala cleaṁnais ó Ṗeats Teaimí?"

Sin é aduḃairt Máire.

"An mór an spré a tairrig Peats duit, a Ṁáire?" arsa Mam.

"Tairrig, a ċroiḋe," arsa Máire, "cúig céad púnt slán, agus naċ orainn a ḃeaḋ an seans an méid sin airgid do ḃualaḋ an doras isteaċ ċuġainn. Ní ċuirfinn a ċaṫú go brát díom dá scaoilinn uaim é."

Ní duḃairt Mam aon ní go ceann tamaillín.

"Tá sé anaċríona, a Ṁáire," ar sise fé ḋeire.

"Ní mó ná deiċ mbliana is daċad d'aois é. Is mó lá oibre fós ann," arsa Máire.

"Níl Nell aċ ceiṫre bliana fiċead," arsa Mam.

"Arú, naċ ag dul i n-aois a ḃeiḋ sí?" arsa Máire.

"Cad deir sí i ḋtaoḃ an ċleaṁnais?"

"Arú, is mó ruḋ a deir sí, aċ tiocfaiḋ ciall di ar ball. Mara mbeaḋ Taḋg Óg san, níor ġáḋ dom ḃeiṫ ag taṫant i n-ao' ċor uirṫi. An raiḃ a leiṫéid d'ingín riaṁ ag aoinne? Fear breá, ciallṁar, aici 'á ḋ'fagáil, agus gan aon tor' aici air."

"Féaċ, a Ṁáire," arsa Mam, "b'féidir go ḃfuil an ceart ag an gcailín, má tá éileaṁ aici ar Ṫaḋg Óg, is dóċa gur ḋeacair léi an sean-Ṗeats Teaimí do ṗósaḋ . . . ."

# Jimín Ṁáire Taiḋg

"Tse! éileaṁ aici ar Taḋg Óg! Agus má tá féin, cad a baineann san leis an scéal? Ní bíonn san éileaṁ san aċ caiteaṁ aimsire; aċ ní haon ċaiteaṁ aimsire pósaḋ."

"Cad é an locṫ atá agat ar Taḋg Óg?" arsa Mam.

"Arú, ná bí ag cainnt liom ar Taḋg Óg," ar sise, "níl aon deáraṁ leis, é féin agus a trí ċéad-go-leiṫ púnt is go bḟuil an doras 'á ċur isteaċ orm gaċ aon lá age daoine ag teaċt ag taṫant ċeitre céad agus ċeitre céad-go-leiṫ orm, agus naċ ṡin cúig céad 'á tarraċ dom age Peats Teaimí."

"An t-aos, a Ṁáire, an t-aos," arsa Mam, "b'ḟéidir ná mairfeaḋ sé sin deiċ mbliana eile."

"Arú, mara mairiḋ sé, féin, ná beiḋ sí 'na bean óg an uair sin, agus ġeobaiḋ sí fear eile agus, dá n-abrainn é, spré."

Ḃíodar tamall eile ag cainnt mar sin, aċ tuigeas mar do bí an scéal, agus d'éaluigeas liom amaċ arís tríd an bḟuinneóig. Tiġ Ṁáire Aindí baineas ar dtúis amaċ. Ní raiḃ aonne istiġ aċ Nell agus rian an ġuil uirṫi.

"Arú, ná bí ag gol i n-ao' ċor!" arsa mise, "ar nḋóiġ ní ṁairfiḋ sé sin deiċ mbliana eile."

"Cé hé?" ar sise.

"Peats Teaimí," arsa mise, "agus beiḋ tú id' bean óg an uair sin." Ṫáinig dá ṡúil di agus do las sí go bun a cluas.

"Ḃfuil éileaṁ agat ar Taḋg Óg?" arsa mise. "Dubairt Mam go raiḃ."

Ní dubairt sí aon ní, aċ bí sí ar bruaċ ġuil.

"Agus dubairt do ṁáṫair ná raiḃ annsan aċ caiteaṁ aimsire, agus go gcaiṫfeá Peats agus a ċúig céad púnt a ṗósaḋ. Ḃíos ag éisteaċt leo trí poll na heocraċ."

"Cad dubradar?" ar sise.

"Dubairt mo Ṁam gur ṁór an náire tú pósaḋ le seanduine," arsa mise, "agus bíonn an ceart age Mam. Féaċ, a Nell, ná pós Peats san i n-ao' ċor, agus caḃróċad-sa leat."

## Mar ḃriseaḋ Cleaṁnas Peats Teaim.

Do ġáir sí tríd an ngol.

“Dá ḟeaḃas tú, ṁaise, a Jimín,” ar sise, “raġaiḋ ded' ḋíċeall mé ċosaint ar Ṁam agus ar an seana-ċníopaire sin go ḃfuil ċúig céad púnt aige.”

“Fan bog, ṁuise,” arsa mise, agus siúd liom an doras amaċ.

Nuair a ḃíos ag gaḃáil síos ṫar tiġ Ṫaiḋg Óig, ḃí Taḋg san iotlainn agus é ag gearraḋ turnpaí. Aċ ní ag gearraḋ a ḃí sé i n-ao' ċor, mar is aṁlaiḋ a ḃí a uile anuas ar an meaisín aige, agus a láṁ fé n-a leatċeann, agus níor ḋóiġ leat air go raiḃ aon anaṁisneaċ air.

“Cad é an fuadar atá anois fút, a Jimín?” ar seisean.

“Fuadar cleaṁnais, dar fia!” arsa mé féin. N' ḟéadfainn gan é leigint amaċ.

“Arú, cé do?”

“D'ingin Ṁáire Aindí,” arsa mise.

Ṁeas sé gur ag magaḋ fé a ḃíos. “Tá stócaċ aici ṁuise,” ar seisean.

“Is fearr mé ná tusa pé sceal e, agus dá mbeaḋ aon ṁaiṫ ionnat, ní hannsan do ḃeifeá, aċ suas aici. Tá sí 'na haonar agus í ag gol,” arsa mise, “agus ní fiú tú ḃeiṫ ag gol mar ġeall ort.” N'ḟéadfainn é ċongáil istiġ.

Ċaiṫ sé turnap liom.

“Níl aonne 'na teannta,” arsa mise, agus as go bráṫ liom.

Tá Peats Teaimí 'na ċoṁnaiḋe ḋá ṁíle siar uainn. Nuair ṫána ann, ní raiḃ sé istiġ. Duḃairt duine éigin liom go raiḃ sé sa ċearḋċain. Ċuas annsan. Ḃí an oiḋċe tuitte, agus a lán daoine istiġ ann ag caiṫeaṁ tobac. Ḃí an gaḃa ag baint srannṫarnaiġe as na builg. Nuair do ċonnaic sé mise, do stad sé.

“Seaḋ, a ḃuaċaill ḃig,” ar seisean, “cad tá uait-se?”

“Tá Peats Teaimí,” arsa mise, “ḃfuil sé annso?”

“Sin é 'na ṡuiḋe ar ċeann an ḃinnse é,” ar seisean.

“An é an seanaleaid maol é?” arsa mise.

Ní duḃairt aonne faic leis sin, aċ do ġáir slibire do ġarsún fada do ḃí ann. Ḃí a lán des na fearaiḃ, áfaċ, a ṫug súnnc uileann dá céile. Ṫáinig lasaḋ sa ḃfear maol.

“An tusa Peats Teaimí?” arsa mise leis.

“Cad dob áil leat díom?” ar seisean.

“Ṫána i leiṫ,” arsa mise, “ó inġin Ṁáire Aindí ċun a ráḋ leat ná pósfaḋ sí i n-ao’ ċor tú, mar gur seana-ċníopaire tú; agus deir Mam go ḃfuil an ceart aici; aċ deir Máire Aindí naċ mór an díoḃáil a ḃeiḋ déanta má ṗósann tú Nell, mar naċ fada ṁairfir agus go mbeiḋ Nell ’na bean óg id’ ḋiaiḋ, agus go ḃfaġaiḋ sí fear eile, agus beiḋ do ċúig céad-sa aca.”

Faid a ḃíos ag cainnt ḃí meanga gáire ag teaċt ar ċuid des na fearaiḃ agus sara raiḃ deire ráiḋte agam ḃí clab ar an gcuid ba ṁó aca ag gáirí. An riaċ, a ṁic ó, aċ go dtáinig straiḋn ar Ṗeats Teaimí ċugam. Ṗreab sé anuas den mbinnse agus é ar buile le feirg.

“Don diaċ a ḃeirim Máire Aindí agus a toice inġine!” ar seisean. “Abair leo gur maiṫ liom ḃeiṫ scarṫa leo mar gurḃ olc an íde ṫug an tseanaḃean ar an ḃfear a ḃí aici féin nuair a ċuir sí sa ċré go hóg é. Sin é an íde a ṁeas sí a ṫabairt orm-sa leis, is doċa, tar éis mo ċuid a ṡlad uaim. Ḃeirim-se an fial! ná bead-sa am’ amadán aca. Iág mo radarc, a ċoileáin!” ar seisean liom-sa.

Ċuir a ċuid cainnte olc orm. “Ḃú,” arsa mise, “a ṡeanaṗlaitín scúite.”

Ḃíos anaḋroċṁúinte aḋṁuiġim, aċ n’ḟéadfainn a’ “fear maiṫ” fágaint aige.

Ṫairrig sé iarraċt de ċic orm, a ṁic ó, aċ ní mé do ḃuail sé aċ madra an ġaba agus tóg sé os cionn talṁan é. Duḃairt an gaba leis go mbrisfeaḋ sé a ṗus. N’ḟeadar-sa cad a ṫárla ’na ḋiaiḋ san mar ḃaineas an doras amaċ.

Ḃí an oiḋċe dorċa agam ag teaċt abaile agus níor stadas aċ ag riṫ ċun ná ’ḃeireaḋ na púcaí orm. Ní rugadar. Go dtí tiġ Ṁáire Aindí ċuas ar dtúis. Ḃí

Nell ar fuaid na cistineaċ. Ḃí Máire Aindí agus Ḃeit
Ṁór agus beirt nó triúr eile ban tiompall na teine
agus iad ag cainnt i dtaoḃ an ċleaṁnais.

"Is dóċa go mbeiḋ siḃ ag dul 'on Daingean Dé
Sataírn ċun páipéir an ċleaṁnais a ḋ'fáġail ón
atúrnae?" arsa Ḃeit Ṁór agus mé ag teaċt an doras
isteaċ.

"Ní beid," arsa mise, "tá an cleaṁnas briste."
D'féaċadar go léir orm.

"Tá sé briste," arsa mise.

"Cé dubairt san leat, a ḃligeáird?" arsa Máire
Aindí.

"Peats Teaimí," arsa mise. "Ḃíos ar an gceardċain
anois agus ḃí Peats ann agus d'fógair sé 'on diabal
tusa agus do ṫoice inġine agus dubairt sé liom é ráḋ
leat ná beaḋ a ċuid airgid agat-sa ná ná cuirfeaḋ siṫ
'on ċré é mar do ċuiris-se t'fear féin; agus ḃí an goṁ
air 'á ráḋ."

Arú, a ṁic ó! n'feacaís riaṁ aċ an preab a ḃaineas
asta. Ċuaid Máire Aindí i laige agus ḃíodar ag
caiteaṁ uisce uirti go dtáiniġ an t-anam arís innti.
Annsan ċrom sí ar ġol agus ḃí na mná go léir 'na
tiompall d'iarraid í ċur ar a suaineas. Ní raiḃ Nell
ag gol i n-ao' ċor. Ḃí Ḃeit Ṁór ag cáineaḋ Peats
Teaimí.

"Léan air, an ruidín súiġ!" ar sise, "b'olc an díol
air é ṫabairt isteaċ ar do ṫeinteán. Is maiṫ do scarais
leis, a ċroiḋe." Ḃa dóiġ leat ar Ḃeit Ṁór gurḃ í
Máire Aindí féin a ḃí 'á pósaḋ leis.

Ḃí Nell tiompall a máṫar a ḃí ag gol. "Á! 'Ṁamaí,
éist," ar sise, "nár imiġiḋ uainn aċ é. Níl ann aċ
bodaċ."

"Níl, a ċroiḋe," arsan ṁáṫair. "Bodaċ gan ṁeas
air féin, a leanḃ, agus b'féidir ná raiḃ an ceart agam-sa
nuair a ḃíos ag ṫaṫant ort-sa tú féin a ċeangal le
bastún dá leiṫéid." Nuair a ċuala-sa ag bladar le na
ċéile mar sin iad, ċuireas díom amaċ. Ní maiṫ liom
suainseán ban.

## CAIBIDIOL VIII

## PÓSADH TAIDHG ÓIG AGUS NELL MHÁIRE AINDÍ

Nuair a bhíos ag dul abhaile ó thigh Mháire Aindí tar éis cleamhnais Pheats Teaimí do bhriseadh do Nell, do ghaibheas an bóithrín agus cé bhuailfeadh liom féin dtor ach Tadhg Óg.

"Ní gádh duit a bheith annsan," arsa mise, "mar ná tiocfaidh sí anocht chugat. Tá siad go mór tré n-a chéile thuas, tá cleamhnas Pheats Teaimí briste. Imthigh leat suas. 'Is olc an ghaoth ná séideann do dhuine éigin.' N'fheadrais ná go mbeadh fáilte romhat. Tá olc ar Mháire chuig Peats Teaimí."

Chuireas díom annsan.

Bhí Mam ar na craobhacha romham. Ba dhóbair di mé d'ithe, a dhuine, toisc beith chomh fada amuich, ach leigeas di bheith ag cur aisti. Ní 'neósainn di cá rabhas, bíodh gur cheistigh sí go cruaidh mé. Níor fhéadas, áfach, gan beith ag gáirí, nuair do chuimhnigheas ar Pheats Teaimí, agus do chuir san an cíocras ar fad ar Mham chun fios scéil d'fhagháil. Ar feadh na hoidhche n'fhéadainn staidéar a dhéanamh ar aon cheacht ach me ag gáirí agus Mam am' cheistiú coitianta. Chuaidh an scéal ó smacht sa deire orm agus chuireas liú mór gáirí asam nuair do chuimhnigheas ar an gcic do bhuail Peats ar an madra. Bhí mo mháthair bocht 'á snaoi leis an bhfiosracht. Rug sí orm agus chuir sí im' shuidhe ar cheann an bhúird me agus mo chosa ar sileadh. B'éigean dom an scéal go léir d'innsint, a mhic ó. Bhí sí ag leigint uirthi go raibh olc uirthi chugam ach chonnac-sa go maith gur thaitnigh an scéal léi agus thugas fé ndeara go raibh sí ag gáirí chúichi féin. I gcionn tamaill thug sí ubhall dom a bhí i bhfolach aici i n-áit éigin

ná raiḃ ḟios agam-sa. Ṫugas cuid den uḃall do Ċáit. Annsan ċuamair a ċodlaḋ; aċ ní a ċodlaḋ ċuaiḋ Mam aċ suas go tiġ Ṁáire Aindí agus is dóċa gur ag cadráil ṫugadar cuid ṁaiṫ den oiḋċe.

Preabas as an leabaiḋ nuair ċuala ag teaċt í agus ḃíos leaṫslí síos an staiġre nuair ṫáinig sí isteaċ.

“Cad deir Máire Aindí anois le Taḋg Óg, a Ṁam?” arsa mise.

“Téire ’on leabaiḋ,” ar sise, “agus ná bí id’ ġeilt annsan.”

“Á, ’Ṁaimí, innis dom é,” arsa mise, “an raiḃ Taḋg Óg ṫuas faraiḃ?”

“Ḃí,” ar sise.

“Raiḃ sé féin agus Máire go mór le ċéile?”

“Ḃíodar,” ar sise.

“Hurú!” arsa me féin, agus riṫeas isteaċ go dtí seomra Ċáit agus rugas ar ṡróin uirṫi agus ḋúisiġeas í.

“Cad tá ort arú?” ar sise.

“Píosam, pósam,” arsa mise, “prátaí rósta, bainne do ḃó-sa is bainne mo ḃó-sa, táṫaoi pósta, imiġiḋ an bóṫar! Hurú! Hí-ú!” arsa mise. Aċ ċuala Mam ag teaċt agus b’éigean dom riṫ.

“Tánn tú ait,” arsa Cáit, agus ċuir sí osna codlataċ aiste.

Ar maidin nuair a ḃíos ag dul ar scoil ḃí Nell Ṁáire Aindí ar an mbóṫar ag bun an ḃaile. Glaoiḋ sí orm, agus, a ṁic ó, sara raiḃ ḟios agam faic, rug sí orm agus ṫug sí fámaire de póig dom. Ḃa ċuma liom, aċ ḃí Micilín Eoin díreaċ ag gaḃáil anuas an casán agus ċonnaic sé í. Ṫáinig olc orm ċúiċi. Piú! póganna! Ḃíonn cailíní i gcoṁnaiḋe ag pógaḋ daoine agus ċuir-fidís déistin ort. Scríobas an póg dem’ agaiḋ lem’ ṁuinirtle agus d’imiġeas. Ḃíomair leaṫslí ar scoil nuair ċuireas láṁ im’ póca agus cad do ġeoḃainn ann aċ leaṫċoróin. Ḋearṁadas an tseanapóg, deirim-se leat. Ċeannuiġeamair bosca toitíní ag an dTobar agus ḃíomair ag féaċaint ciaca ’gainn araon d’ḟéadfaḋ an

gal do ċur amaċ tré n-a ṡróin. Ḃí Micilín ċoṁ maiṫ liom-sa ċuige sin. Annsan ṫugamair tamall eile d'iarraiḋ an gal do ṡlugaḋ. Ḃí Micilín breóite ag an dtobac agus ṫáinig daṫ glasḃuiḋe air. Nuair a ṫánamair araon ar scoil fuair an Máiġistir bolaṫ an tobac uainn aċ ní ḟuair sé aon toitín 'nár bpócaí mar ḃíodar go léir caiṫte againn. Fuaireamair léasaḋ mar sin féin, aċ ṫáinig scannraḋ ar an Máiġistir nuair do ḃreóitiġ Micilín tar éis é ḃualaḋ agus d'ḟág sé le hais na teine feaḋ an lae é.

Nuair a ḃíomair amuiċ lár an lae ċonnac féin an Máiġistir ag caiṫeaṁ toitíní agus é ag bladar leis na cailíní atá ag múineaḋ sa scoil eile.

Ḃíodar anaṁór tré ċéile i dtiġ Ṁáire Aindí go dtáinig lá an ṗósta. Ḃíoḋ na mná go léir istiġ ann gaċ oiḋċe agus ċuala Cáit 'á ráḋ go raiḃ gúna gleóite age Nell agus hata istiġ i mbosca agus cleite mór bán air. Ḃí sceitimíní ar Ċáit mar ġeall ar na rudaí a ḃí aici. 'Sé rud a ḃí ag cur tinnis ar na fearaiḃ ná "an lá" a ḃeaḋ aca. Ba ċuma leo-san i dtaoḃ an hata. Nuair a ċídís mise, ḃídís am' ċeistiú mar ġeall ar mo ṫurus go dtí Ṗeats Teaimí. Ġeiḃidís anaṡult sa scéal, a ḋuine. "Agus cad duḃairt sé annsan, a Jimín?" adeiridís.

D'innsinn dóiḃ agus ċuiridís liú gáirí asta. Is dóiġ liom go raiḃ Ṗeats 'na ċoiliċín paor ag an ndúṫaiġ. Duḃradar liom go raiḃ sé 'á ḃagairt go marḃóċaḋ sé mise; aċ duḃairt Taḋg Óg go gcosnóċaḋ sé féin me. Fear mór láidir iseaḋ Taḋg.

Ḃí rí-rá mór ar an mbaile maidin an ṗósta. Ḃí a ċulaiṫ Doṁnaiġ ar gaċ aonne aċ ar Ḋaiḋ. Ċongaiḃ Mam sa ḃaile é sin. Ṫáinig dá ġluaisteán ón nDaingean ċun luċt an ṗósta a ḃreiṫ go dtí an séipéal. Ċuaiḋ luċt an ḃaile ann ar ċóistí agus ar ṫrucailí. Ní ḃeaḋ Nell sásta gan mise ḋul léi 'na gluaisteán féin. Ḃí sí go deas, a ḋuine, agus ḃí a súile agus a béal ag gáirí. N'ḟeadar connus a ḋeineann na cailíní iad féin ċoṁ

deas? Nuair a ċonnac ċugam í ṁeasas go raiḃ sí ċun me ṗógaḋ arís agus ḃíos ag cúlaḋ uaiṫi.

"Caiṫfir-se teaċt liom-sa sa ġluaisteán," ar sise.

"Raġaḋ, am ḃaic!" arsa mise, "má ṫugann tú geallúint dom."

"Arú, cad é?" ar sise.

"Gan mé ṗógaḋ," arsa mise.

Do ġáir gaċ aonne agus ḃí Nell ag gáirí leis.

"Ó, táim sásta," ar sise, "téanam ort!"

Arú! is breá an rud mótar. Ḃain an suiḋeaċán preab asam, a ḋuine, nuair a ṡuiḋeas anuas de ṗreib air. Is láidir nár ċaiṫ sé i n-áirde san aer me, ḃí sé ċoṁ bog san. Nuair a ṡuiḋ úncail Nell im' aice ḃain an suiḋeaċán preab as san leis, mar d'imiġ sé i ḃfaḋ síos fé, gan ċoinne. "Ó de, an diaḃal me!" ar seisean, leis féin, agus annsan do ġáireamair araon.

Annsan ḃain an tiománaiḋe casaḋ as rud éigin i dtosaċ an ġluaisteáin agus tosnuiġ glór uafásaċ éigin istiġ i mbolg an ṁótair. Ṁeasas féin gur tinneas a ḃí air. Ṡuiḋ an tiománaiḋe isteaċ agus as go bráṫ linn. Ḃí mo ċroiḋe im' ḃéal agam-sa go ceann tamaill mar ṁeasainn go raġaimís i n-áirde ar an gclaiḋe; aċ ba ḋóiġ leat go raiḃ ciall ag an ngluaisteán an tslí seaċnuiġeaḋ sé gaċ aon rud.

Ba ṁór a' spórt ḃeiṫ ag féaċaint ar ṡeanaṁná agus asail aca ag baint an ċlaiḋe amaċ nuair a ḃraiṫidís ċúca sinn; agus níor leigeas-sa don aḋairc ar feaḋ na haimsire aċ 'á séideaḋ.

Nuair a ṫánamair go dtí an séipéal ḃí a lán de ṁuinntir an ḃaile ann agus ċuamair isteaċ. Ċuir an sagart Nell agus Taḋg ar a ḋá nglúin agus léiġ sé rud éigin as leaḃar agus duḃairt sé leo rud éigin a ráḋ 'na ḋiaiḋ agus duḃradar, aċ is ar éigean a ċloisfá Nell i n-ao' ċor. Ḃí sí támáilte, tá fios agat. Annsan do ċuir Taḋg fáinne ar a méir agus b' in pósta iad. Ní raiḃ a tuille ann. N'feadar-sa cad ċuige a ḃíonn an gleo go léir i dtaoḃ pósta i n-ao' ċor.

Annsan seaḋ d'éiriġ an ċainnt. Ḃí gaċ aonne ag teaċt ċun na beirte agus ag croṫaḋ láṁ leo agus ag ráḋ, "Go mairir a ḃfuil nua agat!" agus ḃíoḋ mná ag pógaḋ Nell go dtáinig olc orm féin ċúċa agus d'imiġeas ar fuaid na sráide. Ċuadar go léir isteaċ i dtiġ óil annsan agus ḃíodar ag rinnce agus ag ól agus ag aṁrán. Ag déanaṁ siar ar an tráṫnóna b'ait leat cuid de sna fearaiḃ. Ḃídís ag aṁrán agus greim láṁ aca ar a ċéile agus cainnt gan aon ċiall ar siubal aca; agus dá ḃfeicteá na pleidcí ag iarraiḋ a ċéile a pógaḋ, agus an pórtar ag tuitim as an ngloine ḃíoḋ 'na láṁaiḃ. Ċuirfidís muca i gcuiṁne duit. Ḃí na daoine óga ar fad sa ċistin ag rinnce agus mileóidsinn ag sranntarnaiġ agus ag casaċtaiġ mar ċeol aca.

Tráṫnóna d'imiġ Nell is Taḋg sa ṁótar go dtí an traen agus ṫugadar mise leo go bun an ḃóiṫrín age baile. Im' ṡuiḋe i n-aice an tiománaiḋe a ḃíos, agus mé ag faire ar gaċ aon rud a ḃíoḋ sé a ḋéanaṁ. D'féaċas taram siar aon uair aṁáin agus is aṁlaiḋ a ḃí Taḋg ag pógaḋ Nell; agus ní ṫug sí aon ċlaḃta baise do mar ṫug sí an oiḋċe úd sa ḃóiṫrín. Ḃaineaḋ anapreab as Nell nuair a ċonnaic sí mé ag féaċaint orta agus ċlúduiġ sí a haġaiḋ le n-a dá láiṁ agus ḃí sí ċoṁ dearg leis an dteine. Ḃí caṫú orm gur féaċas i n-ao' ċor.

Nuair d'imiġeadar uaim ag bun an ḃóiṫrín, an riaċ ná go dtáinig uaigneas orm féin agus ḃíos i reaċtaiḃ guil, a ṁic ó! cé go raiḃ Taḋg taréis leatċoróin a ṫaḃairt dom. Nuair a ċuas isteaċ aḃaile b'éigean dom an scéal go léir d'innsint do Ċáit. Ḃí anaṡuim aici ann.

Ṫáinig Nell agus Taḋg aḃaile aréir—oiḋċe Ṁáirt Inide tá fios agat, agus caiṫeann gaċ aonne ḃeiṫ sa ḃaile roimis an gCarrġas. Go tiġ Nell a ċuadar agus is ann a ḃeiḋ Taḋg feasta adeir Mam, mar tá sé 'na ċliain isteaċ age Máire Aindí. D'fiafruiġeas de Mam an mbeidís sa ḃóiṫrín aon oiḋċe eile aċ is aṁlaiḋ do ḃuail sí mé agus dubairt—"Ḃfuil do ċeaċt agat?"

## Pósaḋ Taiḋg Óig agus Nell Ṁáire Ainḋi

Nuair a ḃíos ag dul ar scoil inḋiu cé ċífinn im' ċoinniḃ sa ḃóṫar aċ Peats Teaimí. Ḃí eagla orm gaḃáil tairis agus léimeas isteaċ tar claiḋe. Nuair ḋ'aiṫniġ sé mé ḃagair sé a ḋorn orm. "Ḣa, há! má ḃeirim-se ort!" ar seisean.

"Ḣí—ú!" arsa mise, "connus do ṫaiṫniġ do ṫurus 'on Sceilg leat." Táiniġ néal air annsan agus ċaiṫ sé bolán mór cloiċe im' ḋiaiḋ.

## Caibidiol IX

## Mar do-ċuaiḋ Jimín ar seaċrán fairrge

Níor éiriġ idir me féin agus Mam ar feaḋ abfaḋ. Ḃíos im' ḃuaċaill maiṫ, tá's agat! nó ċeap Mam go raḃas, agus b'é an dá ṁar a ċéile é. Nuair tagainn isteaċ istoiḋċe deirinn léi gur ṫuas i dtiġ Ṁáire Aindí a ḃínn, ag tarrac uisce agus ag breiṫ ṁóna isteaċ do Nell. Deireaḋ mo ṁáṫair go mb'fearra dom fuireaċ ar fad aca. Ag magaḋ fúm a ḃíoḋ sí, tuiginn; aċ deirinn-se léi ná fágfainn mo Ṁaimí féin ar aonne. Ar ṁ'anam ná feadar ciaca ag magaḋ ḃínn féin nó nárḃ eaḋ. Is aṁlaiḋ atá an scéal idir me féin agus Mam: go mbímíd mór le ċéile uair umá seaċ agus aṁrasaċ ar a ċéile urṁór ár saoġail agus mise boċt i mbroid is i mórḃrón an ċuid eile den aimsir.

Aimsir na broide atá anois tagaiṫe orm. Táim féin is Mam i gcogaḋ dearg le n-a ċéile. B'féidir naċ mar sin is ceart dom cur síos air, mar is í sin atá i gcogaḋ liom-sa agus mise ag díol as go cráite agus go dóite. Is mór an tubaist d'aon ḃuaċaill boċt a ṁáṫair do ċur scaiṁe an uilc uirṫi féin ċuige. Níorḃ fiú trí leaṫṗingní do ṡaoġal aici, a ċroiḋe, nuair a ḃeaḋ an faoḃar uirṫi ċugat. Sin é duḃairt Daid, leis.

Tá Mam le seaċtain ag gaḃáil steallaḋ orm-sa agus ní feudaim í ṡásaṁ. Tá seaċt ḃfiċid céad buicéad uisce beirṫe isteaċ agam ċúiċi ó ṫuit sí amaċ liom, agus fiċe céad míle miliún gaḃál móna; agus tá mo ċroiḋe is m'ae ag riṫ ar a ċéile agam ón gcosanáirde ag dul ar teaċtaireaċtaí ḋi; aċ goḋé'n ṁaiṫ sin? ní fagaim tar éis na mbeart aċ droċíde. Uair d'á raiḃ gaḃál móna agam ag teaċt, tugas gaḃál mór liom

d'fonn a buiḋeaċas a tuilleaṁ; aċ tuit caḋrán sa doras agus ṁairḃ sé sicín beag ḋá lá agus ṁairḃ Mam mise.

Ní féadaim aon rud a ḋéanaṁ go ceart. Imiġeann aindeise éigin ar gaċ aon ní. Ċuir mo ṁáṫair me ag caḃrú le Cáit ċun na gceaċt.

"A hoċt fé ċeaṫair," arsa mise.

"A hoċt is daċad," ars an gligín.

"Léan id' ċeann cipín!" arsa mise. (Sin é deir an Máiġistir ar scoil linne. Is maiṫ an ḃail air ná fuil mo ṁáṫair ar scoil aige.) Nuair a ċualaiḋ Mam cad duḃairt le Cáit, ṫáiniġ olc uirṫi ċugam. Rug sí ar scoiṫ cinn orm agus deirim-se leat nár ḟág sí aon teasbaċ orm. "Múinfiḋ san fios do ḃéas duit," arsa Mam agus ropp sí síos sa tseomra mé.

Tá gaċ aon rud im' ċoinniḃ agus ní haon ṁaiṫ dom ḃeiṫ ag iarraiḋ buaċaill maiṫ a ḋéanaṁ díom féin. Ní leigfear dom ḃeiṫ go maiṫ. Ní ḃeaḋ Mam sásta, ceapaim, gan í ḃeiṫ 'á ráḋ gaċ aon uair a ċluig gur ḃligeárd me. Ḃí mo ċroiḋe scólta nuair cuireaḋ sa tseomra me. Ḃí olc orm ċun gaċ aonne. Ḋeineas pictiúir de Ṁam ar an úrlár le smut de ċailc a goideas ón Ṁáiġistir. Annsan do rinnceas ar pictiúir Ṁam agus ba ṁór an sásaṁ dom' ċroiḋe é sin. Ḋeineas pictiúir annsan de Ṡeanaḃad Ṫaiḋg Nelli agus rinnceas mo ṡásaṁ uirṫi sin, leis. Ḃí an goṁ orm ċúiċi sin mar sin í tairrig an miáḋ so go léir anuas orm.

Mar seo do ṫuit an scéal amaċ, tá's agat. Ní raiḃ "caid" ná liaṫróid coise agam féin ná ag Micilín Eoin. An seana-ċeann a ḃí againn d'imiġ sé 'na stráicí. Ní raiḃ ceann nua le fagáil gan a deiċ scillinge agus tar éis ḃeiṫ ag goid uḃ ar feaḋ coigtíse ní raiḃ againn aċ a ceaṫair agus tuistiún. Goideas féin na huiḃe ón gcirc a ḃí deiċ lá ar gor age Ḃeit Ṁóir! Fuair Micilín dá scilling orta i siopa an Toḃair. Ṁeallas réal a ḃí age Cáit uaite. Ḃí Cáit ag gol, aċ bagruiġeas uirṫi go 'neosainn do Ṁam cé ḋoirt an beiste bainne go raiḃ

an murdal 'na ṫaoḃ cúpla lá roime sin. D'éist Cáit im baic!

Nuair nárḃ ḟéidir linn dul ṫar an gceaṫair is tuistiún b'éigean dúinn slí éigin eile tarrac ċugainn. Ḃíomair i ḃfad ag cuiṁneaṁ agus ag smaoineaṁ agus isé rud a ḃeartuiġeamair sa deire a ḋéanaṁ ná gleamaiġ a ġoid agus a ḋíol; agus ċeapamair maidean Doṁnaiġ ċuige sin. Ḃí a lán cogarnaiġe ar siuḃal age beirt againn. Ḃí sé socair againn ná tógfaimis aċ ceiṫre cinn de ġleamaiġ nó b'ḟéidir cúig cinn. Ní raġaimis ṫar cúig cinn. Ċuirfimis i gcliaḃ iad agus feamnaċ tiompall orṫa agus ḃéarfaimis 'on Daingean ar ṡlí éigin iad. Ḃeaḋ an "ċaid" ag teaċt aḃaile againn. Ní leigfimis d'aon duine eile barra bróige bualaḋ uirṫi sin—aċ Cáit b'ḟéidir. Ḃeinn-se is Micilín 'nár máiġistrí ar an gcaid. Ḃeaḋ sí oiḋċe agam-sa agus an tarna hoiḋċe age Micilín. Ní ḃeaḋ cead ag aonne 'gainn an loṁnán a ḃaint amaċ aiste ċun a ḃeiṫ 'á ṡéide.

Istoiḋċe Dé Saṫairn ṫógamair an dá ṁaide ráṁa ó binn tiġe Taidg Nelli agus ċuireamair i bfolaċ i ndíg sceaċ iad. Ḃí an ḃád ar snáṁ i gCuas na Ḃáistiġe agus bí 's againn go mbeaḋ sí ann ar maidin. Nuair bí gaċ aonne ag dul ċun an Aifrinn lárnaṁáireaċ do ġluaiseamair-na leo ċoṁ fada le Páirc a' Leasa. D'éaluiġeamair isteaċ sa lios annsan agus scaoileamair na daoine go léir ṫarainn. Nuair bíodar gabṫa ṫarainn, ċuamair ón lios go dtí an bád ag éalú cois clataċ. Rugamair na maidí linn agus ċuamair sa ḃád. Seanapota salaċ iseaḋ í a bíonn aige ag baint iascán, agus bíonn bolaṫ loḃṫa istiġ innte.

Ḃí an ġaoṫ ón dtalaṁ agus bogamair linn soir le hais na gcloċ insa bfuiṫin. Ḃuail corc linn agus rugamair air agus bíomair ag tarrac agus ár dteanga amuiċ againn go dtáinig an pota gliomaċ aníos go dtí taoḃ an ḃáid. Ní raiḃ faic ann. Ní haon ṁisneaċ a ċuir san orainn, dar fia! Ṫánamair go dtí pota eile. Partán dearg a bí annsan agus a ḋá ċrúb ar leaṫaḋ

d'iarraiḋ beirṫe orainn. Scaoileamair uainn an pota. Níor ḟan aon ṁisneaċ mór annsan againn agus duḃairt Micilín ná faġaimís gliomaċ an lá san i dtaoḃ ná raḃamair ar aon Aifreann. Duḃart-sa leis paidir a ráḋ agus ḃí leaṫ "Ár n-Aṫair atá ar Neaṁ" ráiḋte aige nuair a ċuiṁniġ sé gur ag goid gliomaċ a ḃíomair agus ṫáiniġ stad ann. Níor ṁaiṫ leis, a' dtuigeann tú, a iarraiḋ ar Ḋia caḃrú leis ċuige sin.

Ṫánamair go dtí an tríú pota agus, ambasa, ḃí fámaire de ġliomaċ ann. Nuair a ċuireamair ar ṫóin an ḃáid é, ḃí gaċ aon ċnag aige le n-a eirball. Ċuar-duiġeamair cúig potaí eile agus ḃí trí gleamaiġ againn, aċ má seaḋ, ḃíomair i ḃfad soir agus sinn ag druidim amaċ go dtí Gob an Ġéaráin. Ní ró ṁaiṫ is cuiṁin liom cad a ṫuit amaċ nuair ṫánamair go dtí an Gob. Ḃí an fairrge anaṡuaiṫte ann díreaċ taoḃ amuiċ ḋe agus nuair ṫáiniġ an scannra orainn agus ċasamair ċun teaċt isteaċ, ruġ an ġaoṫ ón dtalaṁ, agus an taoiḋe, ar an mbád agus beireaḋ amaċ fén ḃfairrge ṁóir sinn. Do réir mar ḃíomair ag dul amaċ iseaḋ ba ṫreise ḃí an ġaoṫ agus iseaḋ ba ṁó a ḃí an scannra ag teaċt 'nár gcroiḋe. Do ċrom Micilín ar ḃéiciġ agus ar ġlaoḋaċ ar a ṁáṫair agus annsan ṫáiniġ daṫ glasliaṫ air agus ċrom sé ar úrlucan. Ċaiṫeas féin, is cuiṁin liom, na trí gleamaiġ i ḃfairrge féaċaint an gcuirfeaḋ san fearg Dé dínn. Aċ níor ċuir.

Amaċ a ḃíomair ag imeaċt i gcóṁnaiḋe agus ón ḃfuadar a ḃí fúinn ṁeasas féin naċ fada na laeṫeannta ḃainfeaḋ sé dínn dul go Meirice. Uaireannta d'éiriġeaḋ buile orm agus ḃínn go cráiṫe agus ḃuailinn toċta an ḃáid lem' dorn agus ḃuailinn Micilín agus deirinn leis breiṫ ar an maide. Aċ ṫéiġeaḋ an ráṁaiḋeaċt 'nár gcoinniḃ mar ḃí an fairrge ró ġarḃ agus leagaḋ an maide ar ár gcúl anuas den toċta sinn. Annsan ṫugainn tamall ag gol, agus b'in é an gol croiḋebriste. Ċuiṁniġinn ar Ṁam agus ar Ḋaid agus ar Ċáit; agus ġlaoḋainn ar Ṁam ċun teaċt agus a ḃuaċaillín féin a ṡaoraḋ.

Agus deirinn léi go ḃféadfaḋ sí me ḃualaḋ go mbeaḋ sí sásta agus go mbeinn im' ḃuaċaill maiṫ gaċ aon uair eile, go deo agus go bráṫ. Annsan ḋúisiġeaḋ Micilín agus deireaḋ sé liom paidir a ráḋ agus téiġimís ar ár nglúine gaċ taoḃ den toċta agus deirimís "Ár n-Aṫair atá ar Neaṁ," agus d'iarraimís ar Ḋia agus ar Ṁuire agus ar Ṗádraig agus ar na Naoiṁ go léir teaċt i gcaḃair dúinn. Ḃí 's againn ná raiḃ Dia ró ṁór linn toisc a raiḃ de ṡladaiḋeaċt déanta againn d'iarraiḋ na caide a ċeannaċ, aċ ṁeasamair go mbogfaḋ an dream eile A Ċroiḋe má ḃí Sé i n-earraid linn. Ġeallamair go prinsiopálta ná goidfimís uiḃe guir ná gliomaċ faid a ṁairfimís beo. Ṫuigeamair go mbogfaḋ san aon Ḋia a ċífeaḋ an uair sin sinn ar ár nglúiniḃ agus greim ar toċta báid againn agus an bád 'á ċaiṫeaṁ síos suas, soir siar, ag an riaċ fairrge ná fanfaḋ socair. Ní ró ċruinn atá na rudaí sin im' aigne i n-ao' ċor. Is geall im' ċuiṁne iad leis an dtromluiġe a ḃí orm bliain ó ṡin nuair ċeapas go raiḃ tarḃ mór Ṁicí Tomáis im' ḋiaiḋ an cnoc anuas.

Ṫáinig codla nó mairḃitiġe éigin orm fé ḋeire, agus sé an ċéad rud eile is cuiṁin liom i dtaoḃ an ḃáid ná Taḋg Óg a ḃeiṫ am' ċrotaḋ, agus nuair a ḋúisiġeas ṫugas fé ndeara go raiḃ cúig cinn de naoṁóga tiompall orainn agus greim ag naoṁóig aca ar an mbád. Ḃí Mam innti sin. Do ġeal mo ċroiḋe nuair ċuir Taḋg isteaċ sa naoṁóig me agus ċonnac í. Ní ḟéadfainn focal a ráḋ léi aċ cromaḋ ar gol. Ní raiḃ aon ḟocal as Mam, aċ ṫóg sí 'na huċt me agus d'ḟáisc sí isteaċ léi me agus ċuir sí a brat im' ṫiompall. Ḃraiṫeas uirṫi go raiḃ toċt uirṫi aċ ní toċt é ċuir aon eagla orm roimpe agus ṫuit mo ċodla orm agus níor ḋúisiġeas go raḃas istiġ sa ḃaile.

Do hullṁuiġeaḋ dabaċ mór d'uisce te agus cuireaḋ síos ann me agus tugaḋ deoċa teo ḋom agus casaḋ i bplaincíní me agus baineaḋ allus asam agus ní leigfí dom dul as an leabaiḋ go ceann dá lá. Ḃíteas am'

ṗotḃiataḋ an faid sin, aċ nuair éiriġeas agus gur ḃraṫadar nár ḃaoġal dom—sin é an uair a fuair Jimín an rud a ḃí ag teaċt ċuige. Níor ḃuail sí i n-ao' ċor an uair sin me, aċ b'ḟearr liom go mór an bualaḋ ná an tslí ḃíonn sí ag féaċaint orm. Níor ġáir sí ċugam le seaċtain, ná ní duḃairt sí "mait an buaċaill" liom.

Is dóċa gur droċṡaġas me agus gur bligeárd me—sin é an ainm a tuġ sí orm an lá d'éiriġeas—aċ má's bligeárd me dar ndóig ní mise fé ndeara é. Ḃím ar mo ḋíċeall d'iarraiḋ a ḃeit go mait aċ teipeann orm. Táim gan aon loċt le seaċtain, agus féaċ! ní ḋéanfaḋ Mam gáire ná bladar liom. Cad a ḋéanfad i n-ao' ċor má ḋ'fanann sí mar seo. Ḃeiḋ mo ċroiḋe briste. Tá sí ró ḋian ar fad ar ḃuaċaill boċt.

Tá's agam-sa cad a ḋéanfad léi. Imeoċad uaiṫe. Éalóċaiḋ me amaċ an doras agus suas an cnoc—suas, suas, suas ameasc na ḃfaillte agus raġad isteaċ i bpluais ann agus bead go brónaċ agus go huaigneaċ agus tiocfaiḋ Mam am' lorg agus beiḋ sí ag glaoḋaċ orm agus ní taḃarfad aon ḟreagra uirṫi agus imeoċaiḋ sí go brónaċ ag gol agus í ag lorg Jimín ḃig ṁait. Agus beiḋ me gaċ aon oiḋċe ag féaċaint síos ar an solas i n-ár ḃfuinneóig-na agus beiḋ fios agam go mbeiḋ Mam ag gol i n-aice na teine nó 'na seasaṁ sa doras féaċaint an mbeinn-se ag teaċt; aċ fanfad-sa sa ṗluais ar an gcnoc agus mo ċroiḋe lán de ḃrón agus beiḋ an bás ag teaċt ċugam gaċ aon lá agus annsan tógfad amaċ an smut cailce seo im' póca agus scríḃfad ar ṫaoḃ na lice beiḋ im' aice:

"Siad so cnáṁa Jimín do fuair bás
ins an áit seo agus a ċroiḋe briste
toisc ná laḃarfaḋ Mam leis,"

taréis bliana ġeoḃaiḋ siad mo ċnáṁa agus taḃar abaile iad go dtí Mam agus beiḋ Mam ag gol

agus ag bualaḋ a bas agus ḋéarfaiḋ sí: "Ó ṁaise! cad na taoḃ nár laḃras lem' Jimín beag féin agus gan a ċroiḋe a ḃriseaḋ? Ocón! Ocón!" Sin é an tslí ċun sásaṁ a ḃeiṫ agam as Mam. B'ḟéidir annsan go mbeaḋ caṫú uirṫi agus go mb'ḟearr léi go mbeaḋ sí go deas le Jimín boċt.

## Caiḃiḋiol X

# Mar do ċuir Jimín spiaire i dTeannta

Fuspar i leiṫ, ná hinnis d'aonne 'á ruġaḋ é. Táim-se im' ṡaiġdiúir! Ar m'anam ná fuil aon ḃréag ann. I n-arm na hÉireann atáim agus me ag foġluim na saiġdiúireaċta go tiuġ. Ḃím ag iompó deiseal agus ag iompó clé agus ag iompó ar ais agus ag bualaḋ mo ṡál le n-a ċéile. Taḋg Óg a ṁúin na focail órdaiṫe dom. Sé Taḋg an captaen atá annso ar na buaċailli móra, tá's agat. Sin é ḋein saiġdiúir díom-sa agus a ṫaisbeáin dom cionnus geáitsí an tsaiġdiúra a ḋéanaṁ. Aċ ní faġaim aon ḃlas orta gan na bróga ḃeiṫ orm, mar ná deineann mo ċosa aon glór, tá's agat. Ḃain Mam na bróga ḋíom oiḋċe nuair rug sí orm i dtiġ an bainne agus iad orm agus mé ag máirseáil timpall agus ag iompó agus ag casaḋ agus ag cnagaḋ mo ṡál. Ḃíos ag bualaḋ mo ċos fúm go breá láidir. "Ar ḋeis!" arsa mise liom féin fé mar ċuala Taḋg Óg 'á ráḋ leis na buaċailli.

"Deas agus clé, a ḃioránaiġ," arsa Mam ag teaċt an doras isteaċ ċugam agus am' ḃualaḋ le dá ċlaḃta, deas agus clé. Annsan rug sí orm agus ḃí sí am' ċrotaḋ gur tuit na bróga ḋíom. Ní raḃadar fáiscite i n-ao' ċor, tá's agat; agus ní raiḃ aon stoca orm.

Is olc an sás mo ṁáṫair ċun misneaċ a ċur ar aonne a ḃeiṫ 'na ṡaiġdiúir ar son na hÉireann—is olc san, agus tá na seanaṁná go léir mar sin, mar nuair a ḃíd siad bailiṫe timpall na teine ins na tiġṫe, ní téiġeann aon laġaḋ orta aċ ag cáineaḋ na ndaoine atá ag cur isteaċ ar an ngoḃermint "atá ċoṁ láidir, a ċroiḋe," agus "b'éidir gurab aṁlaiḋ a stopfaí an pinsiun uata

féin," agus "ná fuil aon tseans go deo go mbogfaḋ an Sasannaċ a ġreim i nÉirinn." Sin é saġas cainnte ḃíonn aca san. Aċ b'ḟearr scaoileaḋ leo—níl fios a ṁalairt age sna ruḋaí boċta. Táid siad dall, mo ġraiḋn iad!

Nuair ná raiḃ aon duine dem' ċóṁaois im' ṫeannta d'iarras ar Ṫaḋg Óg cead a ṫabairt do Ṁicilín Eoin, leis, ḃeiṫ 'na ṡaiġdiúir. Ṫug, agus is é gnó ṫug sé do ḃeirt againn ḃeiṫ ag faire agus ag éisteaċt, agus ag breiṫ eolais ċuige féin i dtaoḃ aonne ḃeaḋ ar ti na mbuaċaillí san áit. Ġearánas na seanaṁná ar fad leis aċ is aṁlaiḋ a ġáir sé fé'n méid sin. Spiairí agus daoine ḃeaḋ ag breit scéalta ċun na naṁad—eolas orṫa san a ḃí uaiḋ, adubairt sé.

As san amaċ ní raiḃ stad le Micilín ná liom féin aċ ag cuardaċ do spiairí. Ḃímís laistiġ des na clataċa istoiḋċe ag éisteaċt leis gaċ aonne ġaibeaḋ an bóṫar. Ċualamair Taḋg Mór 'á ráḋ le n-a ḃean, agus iad araon i dteannta céile ag teaċt ón nDaingean go raiḃ "gob ċun cainnte uirti." Dubairt sí sin nár ṁór di faobar a ċur uirti féin mar go raiḃ smisde amadáin d'ḟear aici. Ċonncamair Flúirsín ag imeaċt, oiḋċe eile, le cliaḃ móna as cruaiċ Ḃeit Móire, aċ tuit an t-anam as, naċ mór, nuair ḃéiceamair air é ċur ṫar n-ais. Ċuir—go tapaiḋ.

D'éaluiġeamair oiḋċe eile treasna dá ṗáirc ċun teaċt ar cúl Tomáisín Nelli agus Ṁáirín Donnċa a ḃí ag cadráil le n-a céile age lúib an bóṫair. Dar fia! ní raiḃ aon rud le héisteaċt 'á ráḋ aca, aċ cainnt gan ċiall! Ċaiṫeamair scraiṫín leo agus d'imiġeamair. Ar an slí sin fuaireamair fios deiscréideaċ ar gaċ aon rud a ḃí ar siuḃal sa ṗaróiste agus is mór na ruḋaí a ḃí ar siuḃal ann i gan fios, fé ċlúid na hoiḋċe. Tar éis ár ndíċill, áfaċ, ní fuaireamair aon spiaire sa ṗaróiste, agus b'orainn a ḃí an mioṡásaṁ.

Nuair a ṫeip muinntir an ṗaróiste orainn ċeapamair go mb'éidir go mbuailfeaḋ seans éigin linn dá ḃfairimís

stróinséirí ḃíoḋ ag teaċt is ag imeaċt. Dacaig is mó ṫagaḋ, agus a gcuid ban. Is mó uair a ċluig a ṫugaimis 'á bḟaireaḋ agus ár gcroiḋe go cráite toisc gur daoine macánta iad go léir. Ṫáinig fear ón nDaingean lá agus cosa cama fé agus asal aige, aċ níorḃ iad Éire ná Sasanna a ḃí ag cur tinnis air sin. Ṫáinig fear eile ar leaṫċois go raiḃ dá ṁaide croise aige. Ní ċreidfeaḋ Micilín nár spiaire é i gcló bacaiġ agus d'ḟaireamair é féaċaint an gcuirfeaḋ sé an tarna cos fé, aċ níor ċuir.

Annsan ṫug tincéir fiarṡúileaċ rua turus ar an mbaile, agus a ḃean agus scata mór de ṫincéirí beaga fairis. Ċuarduiġeadar gaċ aon tiġ ar feaḋ an lae agus tráṫnóna d'imiġeadar soir go dtí an crosaire—iad féin agus asal agus cairt a ḃí aca—agus ċuireadar fúta ann i gcóir na hoiḋċe. Ḃí droċḟuadar fúta, dar linn, agus iad d'ḟanaċt annsan. Ḃeartuiġ an ḃeirt againn éalú amaċ taréis ár muinntire a ḋul a ċodla ċun an tincéir agus a ḃean a ḋ'ḟaireaḋ.

Amaċ tríd an bḟuinneóig a ċuas féin le smut de téadán a ḃí ceangailte agam de ċois na leabtan. (Is minic a ċuas amaċ mar sin i gan ḟios do Ṁam, tá's agat.) Ḃuail Micilín liom sa ḃuaile agus ċuaiḋ an ḃeirt againn soir tré sna páirceanna go dtí an ċrois. Ḃí na tincéirí fós ann agus teine ar lasaḋ aca agus rud éigin aca 'á róstaḋ. Ḟuaireas amaċ ó ṡin gurḃ é bárdal Ṁáire Aindí a ḃí aca. Nuair a ḃí sé róstaiṫe d'iṫeadar láiṫreaċ é agus ṫugadar na cnáṁa do sna leanḃaí beaga le cogaint. Ḃíodar go léir ag dul a ċodla annsan aċ an t-aṫair. Rug sé sin an t-asal leis agus ċuir sé isteaċ i móinéar Ṗeats Teaimí é agus i n-ionad dul a ċodla i dteannta na coda eile is aṁlaiḋ a ṫug sé agaiḋ siar ar na tiġṫe arís. Ḃain san preab asainn agus beirt againn i ndíg ag faireaḋ air.

“ Nanaman riaċ, a Ṁicilín,” arsa mise, “ spiaire ! ”

Ċloisfeá croiḋe Ṁicilín ag bualaḋ agus a anál 'á baint de. Siúd linn 'na ḋiaiḋ ag éalú.

Nuair táinig an tincéir i n-aice tiġe Ṁáire Aindí

Ċuaiḋ sé ar éalú cois an ċlaiḋe agus é ag stad agus cluas air gaċ 'ra nóimeat. Ḃí aḋarc beag den ġealaiġ ann an oiḋċe sin.

“Ag spiaireaċt ar Ṫadg Óg atá sé,” arsa mise i gcogar le Micilín, nuair ċonnac an bitiúnaċ ag dul isteaċ ameasc na dtiġte i mbuaile Ṁáire Aindí. Ḃí mo ċroiḋe féin im' ḃéal agus allus orm agus mo láṁa ar crit agus ná feadar cad a ḋéanfainn. Ba ṁeasa Micilín ná mé féin agus ḃí agaiḋ bán air. Ċonnac an tincéir agus é ar a ċromaḋ ag éalú ó ṫiġ go tiġ sa buaile agus rud éigin 'na baclainn aige.

Dubart le Micilín annsan riṫ leis go ciúin agus cuid de ċomrádaiṫe Ṫaiḋg Óig a ṁúscailt agus a ḃreiṫ leis ċun go mbeiridís ar an spiaire. Siúd le Micilín agus d'imiġeas féin ag laṁncán laistiar den dtiġ go dtána go dtí an seomra mar a mbíonn Tadg 'na ċodla. Ḃí tairnge im' póca agus ċromas ar an ngloine a scríobaḋ leis agus ní fada go dtáinig Nell ċugam. Ḃagruiġeas uirti a béal d'éisteaċt. D'oscail sí an fuinneóg go ciúin agus dubart léi annsan Tadg a ṁúscailt go grod agus é ċur amaċ ċugam. Ṁeasas ná beaḋ Tadg múscailte go deo aici, aċ ṫáinig sé go dtí an fuinneóg sa deire.

“Tar im' ḋiaiḋ,” arsa mise, “tá spiaire agam,” agus siúd liom ag laṁncán arís go dtí cúinne an tiġe. Nuair a ṫána annsan do stadas, mar fuaireas radarc ar mo ḃioránaċ arís ag éalú ameasc na dtiġte agus a hata anuas ar a ṡúiliḃ aige ag féaċaint gaċ 'ra coiscéim ar an dtiġ cóṁnaiṫe agus rud éigin mór 'na baclainn.

Ċuaiḋ sé go ciúin go doras tiġe an bainne agus do bain an lúb den doras agus d'éaluiġ isteaċ agus do ḋruid an doras amaċ 'na ḋiaiḋ. Preabas féin anonn agus ċuireas an lúb arís ar an ndoras ón dtaoḃ amuiċ.

“Seaḋ, a buaċaill, ceap do ṡuaineas annsan duit féin,” arsa mise.

Le n-a linn sin ṫáinig Tadg Óg, agus ċonnac ċugam

## Mar do ċuir Jimín spiaire i dTeannta

anuas Micilín agus ceaṫrar des na buaċaillí agus gan a gcuid éadaiġ i gceart ar aonne 'ca.

Ċromas láiṫreaċ ar a ċur i n-iúl dóiḃ go raiḃ spiaire fé ġlas agam i dtiġ an ḃainne, go raḃamair ar feaḋ na hoiḋċe ar a tóir agus go gcaiṫfí é láṁaċ nó é ċroċaḋ. Ní raiḃ giog as an mbioránaċ a ḃí fé ġlas. Is dóċa go raiḃ sé ag breiṫ ċuige, an fear boċt! Ċromadar san am' ċeistiú-sa agus giorranáil orta leis an bpreab a ḃain an scéal asta, agus leis an iongantas; agus iad go léir ag cainnt ós íseal. Ḃíos féin agus Micilín d'iarraiḋ an scéal a ċur i dtuiscint dóiḃ agus giorranáil orainne, leis, agus ḃíomair i ḃfad sar ar ḟéadamair brí an scéil a ċur 'na luiġe orta.

I lár na cainnte istiġ, cad a ḃraiṫfimís ċugainn i leiṫ an bóṫar aċ trucaill mór gluaisteáin agus solus mór, geal, ar a ṫosaċ. Do stadamair le hiongantas ag féaċaint air agus gan aon ḟocal asainn. Ḃí sé ag gluaiseaċt go dtáinig sé go bun an ḃaile. Annsan do stad sé agus léim gabra mór fear amaċ—saiġdiúirí agus póilíní!

Ċonncamair ag teaċt aníos iad go léir fé ḋéin tiġe Máire Aindí.

“Droċḟuadar!” arsa Taḋg Óg. “Ní fearr beiṫ annso ná ṫuas i mbóṫar an ċnuic.”

D'éaluiġeamair linn suas gan iad 'ár bḟeiscint agus nuair stadadar san ag an dtiġ, stadamair-ne ag féaċaint síos orta.

Ċuarduiġeadar an tiġ ar lorg Taiḋg, aċ ní raiḃ aon Taḋg ann dóiḃ. Nuair ná raiḃ sé le faġáil istiġ aca seo leo ag cuarḋaċ na dtiġṫe amuiċ. Nuair ċuadar i dtiġ an ḃainne agus buail an tincéir leo ḃí gleo mór agus glaoḋtí ar siubal aca agus cainnt ṁór láidir ag an dtincéir. Ní ċreidfidís nárḃ é Taḋg Óg a ḃí aca. D'árduiġeadar leo é agus 'na ceangail air.

Nuair a ṫánamair-ne anuas ċun na dtiġṫe arís ḃí an baile go léir 'na suiḋe agus gaċ tiġ aca ar lorg a ḋuine

féin. Bí Máire Aindí ag dul i bhfranntaisí agus bí Nell ag gol agus Tadg 'á cur ar a suaineas. Níl aon réasún le mnáib!

Cuaid Tadg go tig an bainne ar maidin agus fuair sé mála an tincéara ann agus trí cinn déag de cearca Máire Aindí istig ann marb. Nuair d'innis sé domsa é tuigeas an scéal. Bí déistin orm.

## Caibidiol XI

# Jimín is an Ṁeiṫeall ag Baint na Móna

Tá cluig ar mo láṁa agus me buiḋe ón ngréin agus an croiceann dóiġte ag imeaċt dem' ṡróin mar beaḋ croiceann práta beaḋ ró beiriṫe. Agus tá mo ċnáṁa ċoṁ tinn sin naċ maiṫ liom cor a ċur díom. Ar meiṫill na móna d'imiġ sé seo ar fad orm. Dar muige! má tá gaċ aonne ḃí ar an meiṫill ċoṁ tuirseaċ agus táim-se—ní foláir nó táid siad ag mallaċtú an té ċeap móin ar dtúis. Léan air, nár ċeap slí éigin eile ċun teine déanaṁ.

Againne ḃí an ṁeiṫeall, agus coimeádaḋ mise sa ḃaile ón scoil ċun an t-asal a ṫiomáint go dtí an portaċ leis an mbia. Ar feaḋ trí lá roime lá na móna ḃíomair ag ullṁú. Ḃí Mam ag déanaṁ cístí aráin, agus ċongaiḃ sí ceiṫre púint ime ar leiṫiliġ agus ċuir sí mise go tiġ Ḃeit Móire agus Ṁáire Aindí ċun an crúsca mór cré d'ḟaġáil ó Ḃeit agus crúsca mór stáin ó Ṁáire. Ḃí glór breá ag an gceann stáin nuair a ḃíos 'á bualaḋ le smut de ṁaide; agus leis an nglór ní ċuala Mam 'á ráḋ liom stad go dtáiniġ sí ar mo ċúl agus ṫug sí' failp sa ċluais dom.

Mise a ċuireaḋ, leis, ar fuaid an ḃaile ar lorg sleánta. Ṫugas Micilín Eoin liom agus níor ḟágamair aon tiġ i ngiorraċt míle dinn nár loirgíomair sleán ann do Ṁam. B'ṡin tar éis scéal an ċeaintín, tá's agat, agus bíos beartaiṫe mo díċeall a déanaṁ ag soláṫar sleán di ċun í sásaṁ. Fuaireamair naoi gcinn aca di.

B'é ár ndíċeall iad d'iompar abaile. Ḃí ár dteanga amuiċ againn agus bíoḋ sleán ag tuitim uainn anois is arís. Aċ níorḃ aon táċt é sin seaċas Mam nuair a

# Jimín Ṁáire Taiḋg

Ċonnaic sí an t-ualaċ sleán an buaile aníos ċúiċe. Ṁeasas go dtairriceoċ' sí an baile orm leis an néal a ḃí uirṫi. Ṫug sí "amadáinín" is fiċe orm. B'sin é mo ḃuiḋeaċas tar éis mo ḋíċill. Tá Mam gan aon réasún agus is dóċa gurab é sin fé ndeara domsa beiṫ im' amadáinín.

[I dtaoḃ na sleán san, tá aċrann mór ar siubal. Níor ċuiṁin liom-sa cad é an tíġ go ḃfuaireas aon ċeann aca agus nuair cuireaḋ abaile iad ní raiḃ a ċeann féin ag aonne. Ní raiḃ aon leiġeas agam-sa air sin, aċ aonne ḋeineaḋ gearán nárḃ é a ṡleán féin a cuireaḋ abaile ċuige—mise ḋíolaḋ as. Léan orta mar sleánta!]

Ar maidin sé céad rud a ċuala ná mo ṁáṫair ag glaoḋaċ go hárd is go géar ar Ḋaid. Duḃairt sí go raiḃ an ṁaidean caitte. Ċeapas, am baic! ón gcainnt a ḃí aici, go raiḃ sé tar éis a deiċ nó mar sin. Ṗreabas síos 'on ċistin aċ ní raiḃ sé aċ leaṫuair tar éis a cúig! Ṫiomáin sí Daid d'iarraiḋ an ċapaill agus me féin d'iarraiḋ na mbó. Ḃí an citeal beiriṫe nuair a ṫána, agus ḃí cuid de ṁuinntir an ḃaile ag teaċt. Ṫáinig Taḋg Óg, leis. Ḃí pící aca ar fad. Ċeangail m'aṫair na pící ar fad agus trí sleána treasna ar ṡáilíní na cairte agus ċuir sé beart d'ḟéar glas as an móinéar isteaċ innti. D'iṫeadar go léir bricfeast—ní raiḃ slí tiompall an ḃúird i n-ao' ċor dóiḃ. Gaḃaḋ an capall annsan agus as go bráṫ leo agus iad caitte i dtoll a ċéile sa ċairt agus na pící agus na sleánta ag gliogarnaiġ.

Nuair a ḃíodar imiṫe do ċuir Mam faoḃar uirṫi féin. B'éigean dom cliaḃ d'ḟagáil di agus féar. Ċuir sí crúsca mór cré Ḃeit Ṁóire síos sa ċliaḃ agus féar fé agus tiompall air. Ḃí sé lán go smig de ṗórtar. Ḃlaiseas é, tá's agat, nuair a ḃí Mam d'iarraiḋ an ime. Ḃí blas gránna air agus scaoileas as mo ḃéal isteaċ sa teine é.

Ċuir mo Ṁam an citeal isteaċ i mbosca, agus stán an gleoiḋ Ṁáire Aindí agus é lán de leaṁnaċt, agus an t-im agus sceana agus cúpla spiúnóg agus oċt gcinn

de ṡáspain, agus púnt de ṫé agus laḋar siúicre; agus ṫug sí dom oċt n-únsaí tobac do sna fearaiḃ a ḃí sa ṁeiṫill. Ċuir sí an t-arán go léir i mála agus do ḃuail isteaċ sa trucaill é.

"Seaḋ' 'nois," ar sise, "ná bíoḋ sé ḋen riaċ ort aon rud a ċailliúint ar an mbótar; agus ná caiṫ an lá ar an mbótar nó marḃóċaiḋ na fir tu. Seaḋ, suiḋ isteaċ anois."

Ṡuiḋeas. Ḃuaileas flip ar an asal. Ṫug sé léim, agus, ar ṁ'anam! siúḋ lem' ċuid sáspan amaċ ar an mbótar. Ċuaiḋ an t-asal i ḃfaḋ sarar ḟéadas é stop. Sin cleas aige. Ḃeaḋ sé ag imeaċt leis agus tusa ag tarrac air agus lúb 'na ṁuineál aige agus a ṗus ċoṁ fada siar le n-a eirball aige leis an straiḋn agus ní stadfaḋ Éire é go mbuailfeaḋ sé i gcoinniḃ claiḋe nó rud éigin. Níorḃ aon ṁaiṫ "ḃaoi" a ráḋ leis.

Ṫáinig Mam suas liom leis na sáspain agus duḃairt sí liom go raiḃ ḟios aici go maiṫ go gcaillfinn na sáspain. Sin é deir sí le gaċ rud—go raiḃ ḟios aici féin go maiṫ é. Tá Mam anasmeartálta.

Ḃ'áil le Dia gur ḃaineas amaċ an portaċ gan aon óspairt eile. Nuair a tána ann ḃíodar ag gaḃáil díom i dtaoḃ a ḃeiṫ fada ag teaċt. Ní raḃas fada ag teaċt, aċ is aṁlaiḋ a ḃí an iomaḋ den dúil aca féin insa rud duḃ a ḃí sa ṗróca mór cré. Ní túisce ḃíos tagaiṫe ná tógadar as an gcliaḃ é agus fuair gaċ duine aca taoscán sáspain de, aċ Taḋg Óg. Ní ólfaḋ Taḋg Óg i n-ao' ċor é. Duḃradar go léir gurḃ olc an rud, leis, ḃeiṫ ag ól agus go mbeaḋ daoine ċoṁ maiṫ gan é ḃac; agus do ġuiḋeadar go ḃfágfaḋ Dia Taḋg i ḃfad gan dúil san ól aige; agus annsan ċuiridís féin an sáspan pórtar ar a gceann arís agus d'ólaidís go ḋríodar é.

Ṫugas fé ndeara na daoine is mó d'ól an pórtar go mbrisidís a lán des na fóid. Ḃris Daid cuid ṁaiṫ fóḋ. Ḃí Taḋg Óg ar an sleán an lá go léir agus ceaṫrar ag piceáil 'na ḋiaiḋ agus iad ag caiṫeaṁ na ḃfód ó ḋuine go duine.

Mise ba ċócaire. Ḃailiġeas cipíní giúise agus caḋráin trioma agus d'aduiġeas teine i lár an portaiġ. Líonas an citeal as poll uisce ḃí i n-aice liom aċ is láidir nár ṁarḃiodar me mar ġeall air. B'éigean dom é ċaiteaṁ as arís agus dul go dtí srután i bfad suas ċun uisce d'ḟaġáil.

Duḃradar liom an ceaintín bainne ċur síos i bpoll móna ċun ná géaruiġeaḋ sé leis an dteas. Rugas ar eascúin ṁóir ḟada ḃí sa poll agus ar ċeann des na froganna ḃí, leis, ann. Ḃí an frog im' póca agam agus nuair a ḃí Taḋg Mór ag ól sáspain pórtair ċuireas an frog isteaċ ann i gan ḟios do. 'Á ṁeas a ḃíos go sloigfeaḋ sé an frog, mar ba ṁait liom Taḋg a ḋ'ḟeiscint nuair a ḃeaḋ an frog ag léimriġ istiġ ann. Aċ nuair a ċuir sé an sáspan ar a ċeann táinig an frog aníos ċuige agus ċuir Taḋg béic as agus ċait sé uaiḋ an sáspan.

Ċait sé aṁras láiṫreaċ ar Ḋoinnicín Eoin—gurḃ é ċuir an frog ċuige—agus ḃí sé ċun é ṡát' le píce mara mbeaḋ go rug Taḋg Óg air. Ḃí aiġneas mór ar feaḋ tamaill ann mar ḃí néal buile ar Ṫaḋg Ṁór agus ní éisteoċaḋ sé le haon réasún go ceann i bfad. Ḃíos féin ag breiṫ ċuġam, am baic! agus d'imiġ an frog de léim den bport síos i bpoll eile. I gcionn tamaill ċromadar go léir ar obair arís agus gan focal asta; aċ anois is arís ḃriseaḋ a ġáire amaċ ar ḋuine éigin agus ḃídís ag sciṫiríl ċúċa féin. Ḃí Taḋg Mór anaḋúr an ċuid eile den ló.

Níor ṁór dom féin dul ag píceáil. Ḃí sé deas go leór ar feaḋ tamaill, aċ annsan ċuaiḋ na fóid i dtruime, ṁeasas, agus táinig teas ar mo ḃaisíní agus d'imiġ an spórt as an scéal dom. N'ḟéadfainn stad, mar ḃí na fóid ag teaċt ró ṫiuġ orm agus ċeangliod cuid aca ar an bpíce agus ní mór ná go leagaidís me. Ḃíos cráite scólta aca agus mo ḋá ḋearnain ar lasaḋ, agus gan faeseaṁ le faġáil aċ na fóid ṁí-áiḋ 'á gcaiteaṁ ar fuaid na gcos agam. B'é toil Dé gur ċuiṁnig Taḋg Óg ar an gciteal.

"'Jimín," ar seisean, "féaċ a' bfuil an t-uisce beiriṫe." Ḃa ṁór an fuascailt í. D'imiġeas agus sé céad ruḋ a ḋeineas mo ḋá láiṁ a ċur síos fé uisce i bpoll móna. Ḃa ḃreá an t-ionuaraḋ é. Ní ḟuaireas a leiṫéiḋ de ṡásaiṁ as aon ruḋ riaṁ.

Insa ċiteal a ḋeineaḋ an té. Caiteaḋ té agus bainne agus siúicre isteaċ ann i dteannta ċéile. Níor ḃlaiseas riaṁ aon té ċoṁ deas leis. Ġearraḋ an t-arán go reaṁar agus cuireaḋ an t-im go reaṁar anuas air agus sinn suiḋte ar ḃlocanna giúise agus ar fóda móna ag iṫe agus na fir ar faḋ ag cainnt i dtaoḃ laeṫeannta móna agus gaisce le sleán. Ḃíodar ag cur barr-ḟóḋ agus bun-ḟóḋ agus méiṫ-ṁóin agus spairt tré n-a ċéile; aċ ní hag éisteaċt leo a ḃíos-sa aċ d'iarraiḋ gal a ċaiṫeaṁ as ṗíp Ṫaiḋg Óig i gan ḟios dom' aṫair.

Ḋeineamair té arís tráṫnóna tiompall a cúig a ċlog agus d'óladar an ċuid deiriḋ den bpórtar an uair sin, leis. Ṡluigeadar an braon deirinneaċ de, mar ní raiḃ diúir ann nuair a ċuas-sa ag lorg na heascún a ċuireas isteaċ ann ar maidin. N'ḟeadar ón dtalaṁ cad é an ċríċ a ḋ'imiġ ar an eascúin mboiċt. Ḃí sórt uaignis orm nuair ná ḟuaireas a tuairisc ó aonne. N'ḟeadar cá ḃfuil sí anois.

Ḃailiġeas le ċéile mo ċuid giúirléidí ar faḋ tar éis aimsire an té agus rugas ar an asal agus ḃíos ag cur díom abaile agus me ag aṁrán. Ṫugas lán an ċléiḃ de ġiúis tirm go dtí Mam agus ṫugas arc luaċra liom istiġ i bpáipéar go dtí Cáit. Duḃairt Mam "maiṫ an buaċaill," aċ nuair a ṫairrigíos an t-arc luaċra beag do Ċáit do scréaċ sí. Ḃíd na cailíní an-aiṫ. Duḃairt sí an "sníoṁaiḋe snáṁaiḋe" ruḋa san a ċaiṫeaṁ as a raḋarc. Fan go mbeireaḋ-sa aon ruḋ arís ċúiċe.

## CAIBIDIOL XII

## Púca Beit Móire ar Tóir Jimín

An cuiṁin leat Beit Ṁór go rabas ag eaċtraiġe go minic uirṫi—í siúd a bí 'nár dtiġ-ne an oiḋċe fuartas mise sa bfeamnaiġ agus nár réiḋtiġ na mná eile le Máire Aindí i dtaoḃ ciaca le Mam nó le Daid ba ḋeá'rṫaċ me. Buel, ní ḋéanfaiḋ sí spiorspear d'aon scéal eile. Tá a gnó déanta. Tá sí marḃ!

Ní feadar 'n tsaoġal cad a ṁairḃ í. Measas go raiḃ sí coṁ láidir le capall. Ḃí, leis, agus nuair ṡuiḋeaḋ sí isteaċ i gcairt an asail ḃíoḋ lán na cairte innti, a ḋuine. Ní foláir nó is láidir an duine an bás agus tabairt i n-ao' ċor fé na leiṫéid.

Níor ċuiṁniġeas riaṁ i gceart ar an mbás gur leagaḋ Beit Ṁór leis. Am baic, a ṁic ó! ní me an duine céadna ó ṡin. Táim teanntaiṫe ag an mbás mallaiṫe sin de ló agus d'oiḋċe. Aon rud a ċím sa ló bíonn aḋḃar mo ḃáis ann. B'féidir go mbuailfeaḋ an capall speaċ orm nó go leagfaḋ an t-asal me nó go mbeaḋ fríḋíní galair san uisce—bímíd marḃ ag an Máiġistir ag tráċt orṫa san; agus ó cailleaḋ Beit, an riaċ pioc díom a ċuaiḋ ṫar doras aon oiḋċe ar eagla go bfeicfinn a púca, a ḋuine. Bíonn scilimis im' ċroiḋe roimis na púcaí sin. Mara mbeaḋ iad do beinn ar aor a' ṁaidrín ruaiḋ.

Is mór an éagcóir dos na daoine marḃa ná fanann socair dóiḃ féin is gan beiṫ ag dul tiompall ins an oiḋċe ag cur eagla ar ḋaoine fé mar atá Beit Ṁór anois. Duḃairt Taḋg Óg liom go bfeaca sé ṫíos sa ḃóiṫrín í an oiḋċe fé ḋeire agus bairrlín bán 'na tiompall agus í ar lorg Jimín Ṁáire Taiḋg agus Ṁicilín Eoin. Ḃí olc aici ċugainn, aduḃairt Taḋg, i dtaoḃ an dosaon uḃ a

ġoideamair ón gcirc a ḃí ar gor aici. Ar ṁ'anam is ar mo ṡláinte gurab ṡin é aduḃairt Taḋg Óg, agus duḃairt sé rud eile—go raiḃ néal uirṫi i dtaoḃ gur ġoideamair oċt gcinn de ṗípeanna tórraiṁ an oiḋċe ḃí sí fé ċlár agus ná duḃramair paidir na cré le n-a hanam.

Ní hag cuiṁneaṁ ar a hanam a ḃíomair, a' t··uigeann tu leat me, aċ sinn d'iarraiḋ na pípeanna ·ogaint i gan fios don scata ḃan a ḃí istiġ, agus ní raḃas féin go ró ṁaiṫ istiġ liom féin faid a ḃíomair 'á déanaṁ, mar ċeapas gaċ 'ra nóimeat go bpreabfaḋ Ḃeit féin aniar ċun me ġearán le Mam. Ḃ'in seanabéas aici riaṁ. Níor ṗreab an uair sin agus ṡaoileas gurḃ aṁlaiḋ ná feacaiḋ sí i n-ao' ċor sinn. Aċ féaċ ná raġaḋ 'oireaḋ uaiṫe !

Ní gáḋ di, ar nós an scéil, ḃeiṫ coṁ danarṫa i dtaoḃ na seanaṗípeanna. Nuair ċualamair go raiḃ sí sa ṁullaċ orainn mar ġeall ar an slí tógamair iad duḃramair paidir ar son gaċ píp riaṁ aca agus d'iarramair ar Ḋia an suaineas síorraiḋe a taḃairt d'á hanam.

Aċ tug Dia an ċluas boḋar dúinn, mar ċonnaic Taḋg Óg an oiḋċe 'na diaiḋ san arís í agus ní haon ṁaolú a ḃí tagaiṫe ar an bfeirg aici. Duḃairt sí leis ná sásoċaḋ aon ní í aċ sinn a ċur na bpípeanna i bpoll an ċlaiḋe fé'n dtor sa ḃóiṫrín.

Do ċuir san me féin is Micilín i bponnc. A' dtuigeann tú, ḃí cuid den dtobac a ḃí ionnta caiṫte agus ḃíomair tar éis ceann aca a ḋíol le Taiḋgín Neilli ar ḋá ṗingin. Ḃ'éigean dúinn Taiḋgín a leagaḋ ċun na pípe baint de—ḃí na pingní caiṫte 'gainn ar ṁisleáin, tá's agat. Ċuireamair brúscar móna i dtóin gaċ pípe aca a ḃí ólta againn agus cuid den tobac as na ceannaiḃ eile anuas ar a ḃarra. Ṁeasamair, tá's agat, ná taḃarfaḋ púca Ḃeit Móire fé ndeara an deifir.

Ċuireamair na pípeanna sa ṗoll, leis an lá. Ní raiḃ oireaḋ leisce orm ag scarúint le haon rud riaṁ—pípeanna breáṫa 'á gcur i bpoll claiḋe don bpúca agus an t-uisce ó sna fiacla againn féin le dúil sa tobac !

Maidin lae ar na ṁáireaċ ċuas ós íseal go dtí an poll d'ḟéaċaint an dtáinig ḃeit d'iarraiḋ na bpípeanna. Dar fia, ḃí gaċ aon ċeann riaṁ aca imiṫe! Ṁeasas go dtuitfinn leis an bpreab a baineaḋ asam. Ḃí an lá gléigeal ann, aċ mar sin féin ṫabarfainn an leaḃar go ḃfuaireas bolaiṫ an púca san áit. Ṫáinig fuaṫ agam don dtor agus don mbóiṫrín agus fuaṫ speisialta do ṗúca Ḃeiṫ Ṁóire agus í ag imeaċt ar fuaid na dúṫaiġe i lár na hoiḋċe agus oċt gcinn de ṗípeanna tobac ar lasaḋ i n-éineaċt aici agus gal deataiġ ag éirġe as a béal.

Ní leigeaḋ an smaoineaṁ san dom aon néal ċolata a ḋéanaṁ ó d'innis Taḋg Óg dom gur mar sin a ḃí sí oiḋċe a ḃuail sí leis féin. Ḃí sí sásta go leor, duḃairt sé, go dtáinig sí go dtí an brúscar móna fén dtobac agus gur ḋóiġ san an carbal aici. Ḃí sí ag casaċtaiġ annsan agus ag eascainí agus duḃairt sí, am baisce! ná maiṫfeaḋ sí ḋúinn i n-ao' ċor nó go gcuirimís ċúiċe an dosaon uḃ a ṫógamair ón gcirc ġuir. Léan uirti! naċ maiṫ do ċuiṁnig sí orṫa.

Ḃíomair teannṫaiṫe ar faḋ aġe sna huiḃe. Ḋíolamair iad-san fad ó riaṁ le bean a' Tobair i gcóṁair na caide agus ní fios caḋ é an ċríċ a ḃí imiṫe orṫa—droċċríċ is dóċa mar ḃí sicíní ionnta nuair a ḋíolamair iad. Ar feaḋ trí n-oiḋċe níor ċodail aonne de ḃeirt againn aon néal aċ 'á ċeapaḋ gaċ aon nóimeat go mbeaḋ an púca ċuġainn ag éileaṁ na n-uḃ agus ní ṫaḃarfá trí leapíní orainn ḃíomair ċoṁ suaiṫte sin.

Ḃíomair i ngalar na gcás d'iarraiḋ uiḃe ġuir a ṡolátar. Ḃotán cearc níor ḟágamair ar fuaid an ṗaróiste gan cuardaċ aċ ní raiḃ oiread agus aon ċearc aṁáin ar gor ionnta. Fuaireamair dosaon uḃ saoráideaċ go leor agus má ċuireamair cearc aṁáin de ċuireamair cearc is fiċe 'na suiḋe orṫa; aċ an riaċ gor a ḋéanfaḋ aon ċeann aca! Ċeangliomair ceann aca ar ċois sa nid, aċ nuair a ḃí sí tuirseaċ de ḃeiṫ 'na suiḋe do léim sí agus do ṫairrig sí an baile uirti leis an ngleo a ḋein sí agus rug Máire Aindí na huiḃe léi. Ḃíomair cráite.

agus dubhairt Tadhg Óg go raibh an gomh ag teacht ar an bpúca chugainn toisc gan na huibhe bheith fachta againn dí. Go marbh'id siad í, gan olc dúinn!

Dheineas féin agus Micilín comhairle annsan dosaon ubh a ghoid agus iad a chur chúiche agus litir 'na dteannta. Scríobhamair an litir:

Go dtí Púca Bheith Móire.

A Phúca, a ghrádh dil,

Seo dhuit dosaon ubh. Ní hiad na huibhe céadna bhí féd' chirc-se iad mar d'imíodar san 'n Daingean. Tá siad gan gor, leis, ach b'fhéidir go mbeadh cearc agat féin a dhéanfadh duit é; agus má's é do thoil é, a phúca dheas, ná bí dian orainn mar táimíd óg, agus ná bí 'ár ndiaidh insa bhóithrín aon oidhche eile.

Mise Jimín agus
Mise Micilín Eoin.

Chuireas Cáit go dtí an tor sa bhóithrín agus chuir sí na huibhe sa pholl agus an litir ar a mbarra. Níor chodluigheas néal an oidhche sin ach 'á cheapadh gach aon nóimeat go bhfeicfinn an amhailt isteach tré pholl na heochrach chugam. Ach am baite! ní tháinig sí i n-ao' chor agus ní me ná raibh buidheach!

Ar maidin go moch chuaidh Cáit arís go dtí an poll. Ní raibh ubh ná litir ann. I gcoinnibh a cos a chuaidh sí go dtí an poll i n-ao' chor, ach ar m'anam, a mhic ó, gur bhain sí as na cosa go maith é ag teacht abhaile arís, agus bhí sí ag dul i laigí le heagla an phúca; agus chun na fírinne a rádh, ní rabhas féin istigh liom féin.

. . . . . . . .

Ó scríobhas an méid sin tá scéal tuitithe amach annso. Is suarach an scraiste Tadhg Óg. Táim tuitithe amach leis. Chuala aréir é istigh i dtigh Máire Aindí 'á innsint

# Jimín Ṁáire Ṫaiḋg

Níl Daid boċt go holc dá mbeaḋ an coṫrom aige ċun maiṫeasa.

Domhnaċ a b'eaḋ é, agus siúd liom féin agus le Micilín tar Mám ar boġṡodar. D'ḟágamair na bróga fé ċoca féir i bpáirc le Micilín, mar ba ṁór linn mar ualaċ iad. I mbarra an ṁáma ḃuail asal linn agus ċuamair araon anáirde air aċ ní haon deaḃaḋ a ḋeineamair dá ḃrí sin, mar ní ḃainfeaḋ cogaḋ na bpléar aon tsiuḃal as, agus nuair a ḃíos 'á ṗriocaḋ le tairnge is aṁlaiḋ do luiġ sé fúinn agus ní éireoċaḋ sé gur lasamair scotán aitinn fé n-a ḃolg. D'éiriġ sé annsan de ṗreib, agus do raiḋ sé agus siúd leis ar cosanáirde uainn agus é ag raide agus gaċ aon "ní-há" aige. Ċuir an scotán aitinn giodam ann.

Ḃí an saoġal go léir ag féaċaint ar an ras—fir agus mná agus daoine beaga. Ní ċuala riaṁ oiread geónaċ, ná oiread cainnte, ná oiread argóna, ná n'ḟeaca riaṁ oiread tarta ar ḋaoine agus a ḃí; aċ má ḃí tart orta ḃí sás a ṁúċta ann go tiuġ, mar ċonnac a lán bairrlí ar fuaid na háite go léir agus daoine ag ól asta le sáspain. Ġeoḃtá taoscán den stuif duḃ do ḃí ins na bairrlí ar scilling. Ḃíos ag faire ar ċuid des na daoine agus ní ḃídís ċoiḋċe sásta le haon tsáspan aṁáin a ṡlugaḋ. Líontaí na sáspain go léir arís dóiḃ agus ḃídís 'á ḋiúgaḋ agus sobal ar a bpusa uaiḋ agus a súile ag leataḋ orta agus a gcuid cainnte ag dul i ndiṫ céille le gaċ sáspan d'á n-ólaidís. Ṫíos fé ḃun na haille ḃí cuid des na scríbíní agus ins na páirceanna tiompall na tráġa, agus ċonnac beirt go raiḃ bairrlí istiġ i gcairt asail aca agus iad soir, siar ar feaḋ an ḃóṫair ar lorg daoine boċta go raiḃ tart gan múċaḋ orta. Ḃí srután mór uisce ann, aċ ní raiḃ aoinne ag ól aon ḃraon as san.

Ḃí mná ann, flúirseaċ, aċ ní ḃídís sin i n-ao' ċor tiompall na mbairrlí. Aċ má seaḋ níor ḟág san balḃ iad ná go mbídís ag caint—mná Ċuas a' Ṗortáin agus mná Ḃéal Cairrge ag áiteaṁ ar a ċéile agus ag molaḋ

a gcuid fear. Bídís go seard le n-a chéile, a duine, agus ba dóigh leat gur scian gach aon focal a scaoilidís amach as a mbéal. Chaiteas tamall ag éisteacht le cuid aca féachaint cathain a liúrfaidís a chéile. Ach an diabhal liúradh, a duine! Ní haon mhaith na mná san ach chun cainnte.

Bhí lucht ubhall a díol ann agus misleán agus crúibíní muc. Bhí bean a' duilisc ann leis, agus lucht amhrán, agus fear go raibh trí cártaí aige agus é ag breith scillingí ó dhaoine chomh tiugh le tiul. Tabharfadh sé coróin don té aimseochadh an t-aon muileat. Uair, ná raibh sé ag féachaint ar na cártaí rug Donncha Neans ar an aon muileat agus do lúb sé cúinne de. Annsan chuir Donncha leathchoróin leis an bhfear go n-aimseochadh sé féin an t-aon muileat. Suait an fear arís iad agus nuair a d'iompuigh Donncha an cárta go raibh an cúinne cam air cad do bheadh aige ach an deich triuf.

Táinig néal ar Dhonncha Neans. "Deinis iad do bhatú, a diail boy!" ar seisean, agus buail sé flip ar fear na gcártaí. Tóg seisean a mhaide croise agus buail sé Donncha sa bhatas. N'feaca-sa den spórt ach an méid sin mar chuaidh a lán eile sa ghráscar. Do bhíodar go léir i n-aon tranglam amháin ag tnáthadh a chéile agus b'éigean domh-sa cur díom.

Seo liom síos mar a raibh na naomhóga. Sin é an áit a raibh an suathadh agus an siosma agus gach aonne ag moladh a chriú féin agus ag cáineadh gach aon chriú eile. D'imigheadh naomhóg ar sciúird léi féin an cuan siar.

"Ó hanamain scian!" adeireadh fear, "nach deas iad," agus bhíodh rian an phortair ar a smigín.

Labharadh fear eile 'á fhreagairt:

"B'féidir dá mbeadh naomhóg eile suas le n-a gcliathán gur beag a' teasbach fágfadh sí orta."

"Ara, níor chás dóibh—níl criú sa chuan indiu a déanfadh aon lámh orta," adeireadh fear a' smigín smearta. "An iad muinntir Chuas a' Phortáin arú? Muise, cúis gháire chugainn! Cad a deineadar riamh?"

"Ḋeineadar, an rud a ḋéanfaiḋ siad indiu arís—an suae a ḃreiṫ leo ó Ḃéal Cairrge."

"Cuirfiḋ mé cúig púint leat ná déanfaid."

"Cuirfiḋ mé, agus fiċe púnt," arsa fear an ṗortair agus ċuir sé láṁ 'na ṗóca. Ní dóiġ liom go raiḃ fiċe scilling ag an ḃfear céadna, mar ċonnac 'na ḋiaiḋ sin é, agus é a d'iarraiḋ leaṫċoróin a ḃaint d'á ṁnaoi ċun dul ag ól.

Ḃí luċt na naoṁóg ag baint díoḃ—níor ḟágadar caipín ná casóg ná ḃest orta ná treaḃsar. Ḃí gaċ aonne ag liúirig orta agus 'á molaḋ agus 'á gcoṁairliú agus 'á ngríosaḋ. Ċífeá fear agus sáspan pórtair 'na láiṁ aige agus é ag béicig ar naoṁóig aca. "Dar hanamain t'aṫar, a Ṁaiḋc, ná scaoil go bráṫ le Cuas a' Ṗortáin é;" agus an uair céadna ḃíoḋ streall den ṗórtar ag imeaċt mar seo agus streall mar siúd as an sáspan i dtreo go mbíoḋ a urṁór imiṫe uaiḋ nuair ċuireaḋ sé ċun a ḃéil é. Annsan deireaḋ sé le fear an scríbín: "I n-ainm na maoṫaile tr'om taoscán eile do san."

Ní fada gur imiġ an dá naoṁóig agus cuḃrán bán fé n-a dtosaċ agus an dá ċeaṫrar ag iomraḋ ar a ndíċeall báis, siar 's aniar, siar 's aniar, gan stad, gan staonaḋ, agus na hoċt maidí ar coṁimeaċt. Ḃí na daoine i dtír ag dul ar mire agus iad ag riṫ feaḋ na trága agus ag liúirig agus ag bagairt a láṁ agus a ndorn ar na naoṁóga agus ag tabairt órdaiṫe dóiḃ agus ag ráḋ "Ṁuise mo ċeol siḃ!" agus gan luċt na naoṁóg 'á gclos i n-ao' ċor, aċ iad ag tarraċ gur dóiġ leat go mbrisfeaḋ a gcroiḋe.

Annsan ḃris Maiḋc Mór dula.

"Ó, an dial!" arsa gaċ aonne mar ċeapadar go raiḃ an rás caillte 'á ḋeascaiḃ. Aċ ċuir Maiḋc dula nua isteaċ agus tosnuiġ sé arís ar buillí móra ráṁa.

"Ó my! is tréan an fear é," arsa gaċ aonne. Annsan do ḃris an fear tosaiġ sa naoṁóig eile maide ráṁa.




D'éiriġ Maiḋc Mór agus d'árduiġ sé maide ráṁa.

# RÁS NA NAOMHÓG I gCUAN AN DUILISC

"Ó faire go deó," arsa na daoine, ac cuireadar go léir liú molta asta nuair tairrig sé cuige maide nua. "Fear diail," adubradar.

Mar sin dóib ar fead dá míle go dtánadar go dtí an tarna polla cun casad abaile. Ag gabáil tiompall ar an bpolla dóib ní fágfad aon ceann aca slí dá céile, agus slán mar a n-innstir é, cuaid an dá naomóig i n-acrann 'na céile. D'éirig Maidc Mór agus d'árduig sé maide rámha agus buail sé fear sa naomóig eile leis. Annsan rug an dá criú ar a céile cun a céile a bát'. Níor bátadar, áfac, mar hailid na naomóga eile isteac orta agus stopadar iad. Ac bí deire leis an rás.

Nuair a táinig Maidc Mór isteac dubairt sé gurb iad an muinntir eile a dein an feall. Dubairt lucht na naomóige eile gur d'aon gnó do cuaid muinntir Maidc ceangailte ionnta féin nuair a bíodar "béiteálta" aca. Creid gac dream istig a muinntir féin agus ba gearr go raib an sluag go léir ag áiteamh ar a céile.

"Op Maidc Mór!" arsa plubaire amadáin a bí ar bogmheisce.

"Nárab ead," arsa gligín eile go raib na cosa ag imeact uaid, "ac op Cuas a' Portáin!"

Bain an plubaire mór a casóg de.

"Má tá meas fir agat ort féin," ar seisean, "anois an t-am agat."

Tug an beirt aca fé n-a céile, ac ní buailfead aonne aca taob tige, mar bíodar ar meisce. Rit gac aonne mar a raib an gleo, agus ná raib fios ag a leat cad cuige bí an leat eile ag rit. Is ait an rud an duine mar sin—ar nós na gcaorac díreac.

Má bí argóint ann roimis an rás níorb aon ní é seacas an giotam a bí ar siubal 'na diaid. Bí na mná féin corraite go mór agus ba dóig leat ar an gcainnt a bí aca gurb é a gcúram riamh beit ag tarrac naomhóige —gac bean aca ag locctú builli rámha na bfear i naomhóig an té bíod ag cainnt léi agus í comh húdarásac 'na cuid reasa agus a bead Seana-Diarmaid buide a cait trí ficid

bliain dá shaoghal i dtóin naomhóige. Sin é dálta na mban coitche. Nuair a bhíodh fir a' dul dian ar a chéile san argóint d'éirighidís as an gcainnt agus bhainidís sásamh as a chéile leis na dóirne.

N'fheadar an mbead-sa mar sin nuair a bhead mór—ag ól pórtair mar do bheadh gamhain agus annsan ag cainnt agus gan d'éifeacht ins a' chainnt ach mar a bheadh i ngéimrigh bó.

Ca' na thaobh go mbíonn daoine go hait? Ca' na thaobh gur chuaidh an dá naomhóig ceangailte 'na chéile? Ca' na thaobh gur bhuail Maidhc Mór an fear eile leis an maide rámha? Cad é an paor a bhí age Dia ar an nduine nár thug Sé ciall do mar thug Sé do chapaill agus d'asail?

Dá mbeinn-se mór aon uair amháin agus mé i rás ní fheadar an mar sin do bheinn?

# CAIBIDIOL XIV

## OIḊĊE IASCAIĠ

Tráṫnóna Dé hAoine bíos ṫíos sa Ċuas ag féaċaint orta ag cur na líonta ins na naoṁóga. Ḃí iasc sa cuan, tá's agat—mairciréil Fómair agus iad ag rát'ioċt ar barra an uisge le dá lá roiṁe sin agus ṁeallaḋar muinntir an baile ċun dul 'na ndiaiḋ. Tógaḋ anuas láiṫreaċ seanalíonta ḃí le bliain ar na loċtaí agus ar na maidí snaḋmta agus deisiġeaḋ na mogail briste ionnta agus cuireaḋ bra'gḋeáin leo ċun na gcloċ a ċeangal dá mbun ċun iad a ṡúncáil. Mise bailiḃ na cloċa do Ṫaḋg Óg.

Trí naoṁóga atá sa ċuas so 'gainne, agus gac ceann aca páirteaċ idir beirt nó triúr. Atair Ṁicilín atá páirteaċ le Taḋg Óg, agus beireaḋar Donnċa Peig leo 'na ṫriú duine. Ḃí an tráṫnóna go breá agus barra taoide ann nuair a ḃíomair ag bórdáil na líonta ṫíos age leac a' báid. Mise ḃí ag congáil na naoṁóige do ċriú Ṫaiḋg Óig faid a ḃíodar san ag réiḋteaċ an lín agus ag ceangal na gcloċ i ngiorraċt gaċ aon ċúpla feaḋ dá ċéile agus 'á socrú i dtóin na naoṁóige i dtreo ná beaḋ aon baoġal go raġaḋ an líon i n-aċrann nuair a beidís 'á ċur i bfairrge. Ní faḋa ḃíos ṫíos nuair ċuala Mam ag glaoḋaċ orm. D'isliġeas-sa síos sa naoṁóig agus ní ṫugas aon tor' uirti. Ḃí'os agam go maiṫ gur d'iarraiḋ na mbó beaḋ sí am' ċur. Táim marḃ age sna ba céadna siar 's aniar gaċ aon lá. Ní feacaiḋ Mam i n-ao' ċor me agus b'éigean di Cáit a ċur ċun iad a bagairt abaile. D'fearr liom-sa gurḃ é Daiḋ a ċuirfeaḋ sí ann mar ḃí'os agam ná féadfaḋ Cáit an ċloċ a ċur sa bearnain 'na diaiḋ agus go mbeaḋ asail an baile ag

dul ar ár gcuid-ne agus nár dóichighe rud eile ná go mbeadh Mam am' chur-sa 'na ndiaidh chun iad a ruagairt. Ach ní raibh Daid istigh, is dócha, chun é chur ann.

Bhí Donncha Peig ag gabháil dom i dtaobh neamh-chor' a thabhairt ar mo mháthair.

"Mór an náire duit é ná déanfadh rud ar do mháthair, a bhligeáird mhaith," ar seisean.

"Níor iarr aonne ort-sa do shrón a chur i n-ao' chor ann," arsa mise.

Is dócha go rabhas drochmhúinte, ach cad 'na thaobh gur thug sé bligeárd orm.

D'fhéach Donncha Peig go feargach orm. "Um, bó," ar seisean, "a dhrochbhreed! ar bhiorán buidhe chaithfinn i bhfairrge tu."

"B'fhearra duit é thriail," arsa mise agus rugas ar mhaide rámha chuige.

Do gháir Tadhg Óg. "Muise, mo chroidhe tu, a Jimín!" ar seisean. "Mairbh ar fad an seanachníopaire"; ach níor mharbhuigheas 'r a shon san.

Thug Donncha Peig aghaidh ar Thadhg Óg annsan. "Is measa tusa tá ag séideadh fé. Níl sé drochmhúinte, a bhótain cheana is dócha," arsa Donncha.

Annsan d'imthigh Donncha Peig abhaile d'iarraidh treabhsair agus lón bídh i gcóir na hoidhche. Chaith Tadhg Óg an seol isteach i dtosach na naomhóige agus tar éis an naomhóg a cheangal den bhfáinne iarainn d'imthigh sé féin agus athair Mhicilín abhaile d'iarraidh culaith iascaigh agus lóin.

Bhí sórt leisge orm féin dul suas, tá's agat, ar eagla go bhfeicfí sa bhaile me agus go bhfaghainn rud le déanamh ó Mham. Is maith an sás chuige sin í.

Bhí an ghrian imthighthe síos agus dath an chopair ar an spéir go léir thiar. Bhí an fhairrge ar nós ruda bheadh 'na suan agus a huachtar mar a bheadh gloine le sleamhaine. Bhí gach aon rud chomh ciúin sin go dtiocfadh saghas uaignis ort, ach níorbh aon uaigneas é gur mhaith leat dul uaidh, ach is amhlaidh d'fhanfá id' thost gan chorraighe. Níor chorruigheas féin go ceann i bhfad ach bhíos ag iarraidh a'

ḃfeicfinn Tír na nÓg ṫiar ar faḋ sa ḃfairrge, aċ ní feaca. Taḋg Óg aḋuḃairt liom go ḃfuil sí ann agus gur ċaiṫ Oisín trí ċéaḋ bliain innti gan aon lá aoise a ṫeaċt air. Ḋuḃairt Niaṁ Cinn Óir leis gan ḋul tar n-ais go hÉirinn níos mó, aċ ṗrioc an míḟoirtiún é go ḋtiocfaḋ sé ag féaċaint na seanaṁuinntire, agus ní túisge ċuir sé a ċos ar talaṁ na hÉireann ná ḋein seanḋuine ḋo agus cailleaḋ 'na ḋiaiḋ san é. Nárḃ é an t-amaḋán Oisín nár ḟan mar ḃí aige. Iomarca teaspaiġ, is ḋóċa.

“Né, Jimín,” arsa Mam arís, agus í amuiċ ar an gclaiḋe am' lorg. Ruaig sí sin Tír na nÓg as mo ċeann agus ċuas isteaċ fén seól sa naoṁóig ċun ná feiceaḋ sí me. Le n-a linn sin ċuala na hiascairí ag teaċt ċun ḋul ar an ḃfairrge. Ċualaḋar Mam ag glaoḋaċ orm.

“N'feaḋar,” arsa Ḋonnċa Ṗeig, “cá ḃfuil an ḋiailín sin imiṫe. Ḃí sé annsan ó ċiainiḃ. Siḋ í a ṁáṫair fós 'á lorg.”

“I n-áit éigin ċun toirmisc, bíoḋ geall,” arsa aṫair Ṁicilín. “Níl a leiṫéiḋ ar ḋá ċois.”

“Scaoil an téaḋ san agus bímís ag bogaḋ linn siar,” arsa Taḋg Óg.

Faiḋ a ḃíoḋar ag cainnt, a ḋuine, ṫáinig anaċuiṁneaṁ ḋom go raġainn féin ag iasgaċ leo an oiḋċe sin; agus ná raiḃ agam aċ fanúint socair mar a raḃas agus ná taḃarfaí fé nḋeara me go mbeiḋís ró ḟaḋa siar ċun filleaḋ aḃaile liom. Ṫáinig sé go léir im' ċeann mar imeoċaḋ pléar as guna.

Ní raiḃ giog asam agus iaḋ ag teaċt sa naoṁóig. Ḃraiṫeas ag cur na maiḋí amaċ iaḋ, agus níorḃ ḟaḋa gur ḃraiṫeas siuḃal ag teaċt fén naoṁóig. Nuair ḃog sí amaċ as an gcuas ḃraiṫeas í ag tuitim 's ag éiriġe le suaṫaḋ na fairrge.

Ḃí míḟoiḋne orm teaċt amaċ ón seol agus pread a ḃaint asta; aċ ḃí eagla orm ḋá nḋeininn ró luat é go ḃfillfiḋís agus go gcuirfiḋís i ḋtír arís me. Ḃa ṡia liom gaċ neomat ná uair a' ċluig ag feiteaṁ. Níor

laḃair aon duine den triúr go ceann i ḃfad aċ iad ag tarraċ leo go fada breá réiḋ. Annsan ċonnaic atair Ṁicilín rud éigin sa ḃfairrge.

"Ab'in tóiṫín laistiġ dinn?" ar seisean. Do stad an rám'ioċt. I gcionn tamaill laḃair Taḋg Óg.

"Tá scol aca ann. Soir atáid siad ag gaḃailt. Ní haon droċċóṁarta ar iasc iad a ḃeit ann."

Ṫaḃarfainn an saoġal ar ċead a ḃeit agam éiriġe ċun na muca mara d'feiscint, aċ ċeapas, am baic! go mb'fearr mo ċeann a ċoimeád go híseal tamall eile.

Ḃíodar annsan ag cainnt ar an ndíoḃáil a deinid na muca mara agus na cránta mara dos na líontaí agus an tslí itid na madraí éisc agus na cailleaċa breaca an t-iasc as an líon. Duḃairt atair Ṁicilín go raiḃ trí ṁíle gaḃar insna líonta aca maidin aṁáin agus go raiḃ greim bainte as gaċ aon ċeann riaṁ aca age sna madraí. Ní dóċa gur tugadar féin fé ndeara i n-ao' ċor é, aċ ní raiḃ aon ċainnt aca aċ ar ċoileaċa breaca agus ar ġaḃraiḃ agus ar ṁucaiḃ agus ar ainṁiḋte eile. Naċ ait go ḃfuil gaċ aon ainṁiḋe riaṁ aca sa ḃfairrge.

Ḃíos faid gaċ 'nfaid fén seól agus sa deire ní féadfainn foiḋneaṁ a tuille agus ċuireas amaċ mo ċeann. Ḃí sé naċ mór dorċa. Ḃí drom an trír liom agus b'é Donnċa Peig ba ġiorra dom. Ḃíodar ag tarraċ leo 's ag cainnt. Atair Ṁicilín a ḃí 'á innsint conus mar ḃí Taḋg Mór ar meisge oiḋċe aonaiġ agus ḋiriġ sé ar ṁuinntir a tiġe a léasaḋ. Do teiċ a ḃean agus is i dtiġ a máṫar a ċait sí an oiḋċe. "Agus an d——l, a' dtuigeann tú leat me? Ḃí muinntir na mná ar buile agus teastuiġ uaṫa ná raġaḋ sí tar n-ais ċuige, aċ táinig sé leasmuiċ de ḋoras aca le píce agus d'fógair sé ḋóiḃ a ḃean a ċur amaċ ċuige, agus ċuireadar—uṁal go leór!"

"Ṁuise mo ġraiḋn í, an ḃean ḃoċt!" arsa Donnċa. "Ní maoiḋte a saoġal uirṫi nuair a ḃíonn aon ḃraon istiġ ag an ḃfear mór." Ṫarraing Donnċa cúig ḃuille eile sarar laḃair sé arís. Annsan: "Ní feicim-se aon

bean a ḃeaḋ maiṫ a ḋóṫain do-súd aċ Máire Taiḋg. Sé an scrupall naċ í atá pósta leis. Deirim-se leat go ndíreoċaḋ sí sin Taḋg."

"Ní feadar an ndéanfaḋ," arsa Taḋg Óg.

"Um, bó, sí ḋéanfaḋ," arsa Donnċa agus do ṫarraing sé cúpla buille láidir. "Níl aon teora léi sin, a ḋuine. An feairín boċt láġaċ san atá aici—ná fuil a ċroiḋe 's a ṁisneaċ briste sa ḋuine boċt."

Ṫáinig olc orm féin ón gcainnt sin. Pé rud a ṫuitfeaḋ amaċ eadrainn féin sa ḃaile ní leigfinn d'aonne Mam ná Daiḋ do ċáineaḋ. D'éiriġeas amaċ ón seól.

"Ó 'ra, naċ fada go dtaċtann a' t-éiteaċ tu!" arsa mis'. "Tá Daiḋ . . . ."

Ḃíos ċun a ráḋ go raiḃ Daiḋ gan aon ḃeann aige ar mo ṁáṫair, aċ, a ṁic ó! níor ċríoċnuiġeas an ċainnt ó ṡin. Ḃuel! mara mbeaḋ agat aċ aon ġáire aṁáin ċaiṫfeá é ḋéanaṁ fé Ḋonnċa Peig. Ṫuit an dá ṁaide ráṁa uaiḋ agus ċuir sé béic as.

"I gcúntas Dé na bfeart!" ar seisean, agus annsan ċaiṫ sé é féin ar ḃior a ċinn siar fén dtoċta go raiḃ aṫair Ṁicilín 'na ṡuiḋe uirṫi. Stad an ḃeirt eile, leis, den ráṁ'ioċt. Ḃain aṫair Ṁicilín fíor na croise ḋe féin, agus d'éiriġ Taḋg Óg i ndeire na naoṁóige agus d'iompuiġ aniar féaċaint cad é an murdal a ḃí ar siuḃal i dtosaċ na naoṁóige. Nuair a ċonnaic sé mise ċuir sé sgarta gáire as. "Seaḋ, go bfaġaḋ bás den dtart," ar seisean, "marab é Jimín féin atá ann."

Ċaiṫ aṫair Ṁicilín a hata i dtóin na naoṁóige.

"Ḃuel, d'imiġ a' dial ar sin!" ar seisean.

Ara, a ḋuine, ḃí anaspórt againn agus an naoṁóg 'na stad amuiċ i lár na fairrge. Ḃí Donnċa Peig anaḋúr, agus nuair a ḃíodar ag déanaṁ coṁairle le céile féaċaint cad ab' fearr a ḋéanaṁ liom duḃairt sé gur ṁór an suaiṁneas ar ḋaoine é dá ndeintí cloċ a ċur lem' ṁuineál agus me ċaiteaṁ go tóin puill, mar go raiḃ an diabal am' ṗriocaḋ gaċ aon lá den mbliain. Duḃairt aṫair Ṁicilín ná bainfeaḋ Aristeaitil aon ċeart díom.

Ḃíodar tamall maiṫ ag argóint im' ṫaoḃ, agus sé an socrú a ḋeineadar sa ḋeire ná me a ċoiméad sa naoṁóig n-éinfeaċt leo go maidin, cé go raiḃ Donnċa Ṗeig 'á ráḋ 'feaḋ na haimsire gur ċeart me ċur abaile, mar dá n-imiġeaḋ aon ní orm go mbeaḋ mo ṁáṫair 'á dtaḃairt féin ċun cúntais.

Ġluaiseamair arís, agus i gceann leaṫ-uair an ċluig nó mar sin, ṫánamair go dtí áit an iascaiġ. D'éiriġ an beirt ṫiar as an ráṁ'íoċt agus ċromadar ar an líon . ċaiṫeaṁ amaċ—duine aca ar na cuirc agus an fear eile ar na cloċa. Ḃí Donnċa Ṗeig ag ainnliú na naoṁóige agus mé féin ag féaċaint ar an obair. Ṁeasas nuair ḃí na líonta amuiċ go ḃfágfaí mar sin iad go maidin agus go ḃfanfaimís feaḋ na hoiḋċe os a gcionn ; aċ 'na ionad san do tarraingeaḋ gaċ aon uair a' ċluig iad, go dtí 'na cúig a ċlog ar maidin.

Is iongantaċ an rud an ḟairrge istoiḋċe. Ḃí an oiḋċe anaḋorċa againn, agus ní ḟeicfeá ḋen dtalaṁ aċ rud mór duḃ go gcloisfeá an tonn ag briseaḋ i gcoinniḃ na gcloċ ag á ḃun. Nuair a ḃíonn an dorċadas ann ḃíonn solus greannúr sa tsáile. Ċeapas go raiḃ an líon ar lasaḋ nuair ḃíodar 'á tarraċ isteaċ. “Ḃéirneáil” a ṫug Taḋg Óg ar an solus. Rugas air, féaċaint a' raiḃ sé te, aċ ní raiḃ.

An ċéad uair a ṫarraingeamair na líonta ní raiḃ ionnta aċ tiompall leaṫċéad mairciréal. D'aistríomair go dtí áit eile annsan agus ṫugamair cor eile. An dara tarraing ní raiḃ aċ trí ṁairciréil ionnta agus madra éisc. Nuair ḃí an madra istiġ i dtóin na naoṁóige againn ḃí gaċ aon sceaṁ aige go dtaḃarfá an leaḃar gur gaḋar a ḃí ann. Ḃain aṫair Ṁicilín an t-eirball de le sciain agus do ċaiṫ sé i ḃfairrge arís é.

“B'ḟéidir go múinfeaḋ san ciall do roinnt éigin aca gan teaċt 'ár ngoire,” ar seisean.

Go dtí a ceaṫair a ċlog ar maidin níor ḃuail aon ní fónta linn. Ḃíomair ag druidim leis an mbaile gcoṁnaiḋe. Ar a ceaṫair duḃradar go dtaḃarfaidís

cor eile, agus go n-éireoċaiḋís as annsan. Ḃí an lá ann an uair ċéadna. An ċéad líon a tugaḋ isteaċ ḃí fot ḃreac ann. Ḃíodar ag dul i dtiuġa amaċ go dtí n-a deire. Fé mar ḃí an líon ag teaċt isteaċ ḃíodar ag piocaḋ an éisc as, aċ, dar fia, nuair a ṫáinig an tarna líon níor ḃacamair le haon ṗiocaḋ aċ líon agus iasc agus uile a ċaiṫeaṁ isteaċ sa naoṁóig. I n-áiteanna den líon ḃí mairciréil ar gaċ aon ṁogal, dar leat. Ḃí oiread san éisc ann gur ṡúncáil na líonta síos agus ḃí saoṫar ar na fearaiḃ d'iarraiḋ iad a ṫarrang aníos agus leaṫċeann ar an naoṁóig. Ó! ḃí obair ṁór orainn, aċ, ráinig linn sa deire iad go léir a ṫógaint isteaċ. Ḃí ualaċ sa naoṁóig, adeirim leat, agus ḃí a faoḃar síos i ngiorraċt sé n-órlaċ den uisge.

Ḃí iasc agus líonta ó n-a tosaċ go dtí n-a deire agus anáirde ar na toċtaí agus sinne 'nár suiḋe anuas orta. Duḃairt Taḋg Óg gur dóċa go raiḃ trí ṁíle éisc againn. Ḃí Donnċa Ṗeig féin sásta, agus dein sé gáire —an ċéad ġáire ón uair a ḃaineas-sa an preab as. Aċ dá feabas a ḃí an sgéal ní féadfaḋ sé gan cnáimseán éigin a ḋéanaṁ. Ḃíoḋ sé ag eascainí ar na madraí nuair a ċíoḋ sé aon ṁairciréal agus greim bainte as a ḋrom ag ceann aca. Ní féadfaḋ duine é ḋéanaṁ n b'ḟearr le sciain.

Ṫugamair agaiḋ ar an mbaile annsan agus gan aon anaṡiuḃal fúinn toisc méid an ualaiġ. Ḃa ṁaiṫ an scéal go raiḃ an uain ċoṁ breá is a ḃí. Dá mbeaḋ aon ḃorrnaḋ ann ḃeimís báiṫte, aċ ḃíomair ag cur dínn, agus i gcionn tamaill ṁaiṫ ḃaineamair ár gcuas féin amaċ, fé ḃun na dtiġṫe.

Aċ fan bog, áfaċ, go 'neosaiḋ mé conus a ḃí an scéal sa ḃaile im' ḋiaiḋ ar feaḋ na hoiḋċe. Cáit d'innis dom-sa é faid a ḃí Mam ag crú na mbó an tráṫnóna san agus mise fé ġlas ins an tseomra im' ṗríosúnaċ. Trí ṗoll na heoċraċ a ḃí Cáit ag cainnt liom.

Do réir deá'raiṁ nuair a ḃí Mam ag glaoḋaċ orm-sa ċun dul d'iarraiḋ na mbó agus ná fuair sí aon tor' ní

mór an naṫ a ċuir sí ann. Ḃa ṁinic, slán beó sinn, ná fagaḋ sí cor' uaim-se. Ġlaoiḋ sí cúpla uair eile, leis, orm, aċ ní raḃas-sa i mbun freagarṫa. Ní ṫáinig aon ana-imṡníoṁ uirṫi go dtí n-a deiċ a ċlog nuair ba ċeart dom-sa beiṫ sa ḃaile nó am ċodla. Nuair ná raḃas tagaiṫe ċuir sí mo ṫuairisc ar Ċáit agus ar Ḋaid, aċ ḃíodar-san dall ar cá raḃas. Ċuir sí Daid go tiġ Ṁáire Aindí féaċaint an annsan a ḃeinn. Nuair a ṫáinig sé gan me ċuadar araon go dtí gaċ aon tiġ ar an mbaile, agus nuair ná fuair sí mo ṫuairisc i n-aon áit d'éiriġ a croiḋe uirṫi. Ruaigeaḋ as an leabaiḋ gaċ aon ḃuaċaill ar an mbaile agus ceistiġeaḋ iad. Cuarduiġeaḋ tiġṫe bó agus stáblaí agus ioṫalaintí ar mo lorg; aċ an riaċ pioc de ṫuairisc Jimín a ḃí i n-aon áit. Tiomáineaḋ Daid leis an gcapall go tiġ m'aintín cúig míle ó ḃaile, féaċaint le h-aon tseans gur annsan a ḃeinn imiṫe. Ḃailiḃ mná an ḃaile timpall ar Ṁam agus ḃíodar a ráḋ léi gan aon ḃuairt a ḃeiṫ uirṫi, náċ aon droċrud a ḃí imiṫe orm, agus go mbeinn ċúiċi lá'r na ṁáireaċ go seaḃraċ. Gaċ 'ra toċt uaignis agus feirge ṫagaḋ ar Ṁam. Ḃí sí 'á ráḋ gur dóċa go raiḃ deire le n-a buaċaillín boċt gan ċiall an boḃta so, agus gur dóċa gurḃ é críċ a ḃí i ndán do é, mar ón lá ṫáinig siuḃal na slí ann nár scar an miáḋ riaṁ leis ná an t-imṡníoṁ léi féin. Duḃairt Cáit ná feaca sí riaṁ oiread droċ-ṁisniġ ar Ṁam.

D'imiġeaḋ an toċt sin de Ṁam i gcionn tamaill agus ṫagaḋ toċt eile uirṫi. Deireaḋ sí go raiḃ a croiḋe scólta agam agus nuair a ġeoḃaḋ sí greim orm go ndíolfainn as. Cad é an crann a ḃí uirṫi féin anuas go mbeaḋ a leiṫéid de ṁac aici ná raiḃ fé mar ḃeaḋ aon ḃuaċaill eile ar an mbaile? Níorḃ aon rud léi garsún a ḃeiṫ crostálta uair umá seaċ, aċ naċ mar sin a ḃí ag a mac féin aċ ná rug aon lá gréine riaṁ air ná beaḋ a croiḋe 'na ḃéal aici, nó náire uirṫi i láṫair na gcoṁarsan, ag cuirbṫeaċt nó ag dí céille éigin a ḃeaḋ ar siuḃal agam. Aċ fan go ḃraġaḋ sí féin na n-a hiongain arís me. . . !

# Oiḋċe Iascaiġ

Ḃí Máire Aindí agus máṫair Ṁicilín 'á ċóṁairliú teaċt ar an dtaoḃ socair den scéal agus gan a ḃeit 'á cur féin ċun tinnis im' ṫaoḃ. "Ḃíomair go léir óg 's gan ċiall," arsa Máire Aindí, "agus cé mór do Jimín boċt tamall a ḃaint as. Ní beag do a luaiṫe a ṁúinfiḋ an saoġal do ġur ċun cruatain a ruġaḋ sinn."

Le n-a linn sin ṫáiniġ Daiḋ ó tiġ m'aintín agus allus ar an gcapall aige. Nuair a ċualadar ná rabas i dtiġ m'aintín ṫiṫ an lug ar a' lag aca. Níor ḟan aon ċainnt ag na mnáiḃ a ḃí fara Mam. Is aṁlaiḋ a ḃídís as san amaċ, 'na ngasraí ag cogarnaiġ ag binn a' tiġe nó i dtiġtiḃ na gcoṁarsan. Nuair a ḃí an lá ag breacaḋ ċuadar 'na dtriúraiḃ 's 'na gceaṫraraiḃ am' lorg ar fuaid na bpáirceanna agus cois na gclaḋtaċ. Ċuadar barra na ḃfaillte siar, leis, agus iad ag iniuċaḋ síos agus eagla orṫa go ḃfeicfidís Jimín boċt smiodarṫa ṫíos ar na cloċa. Ṫánadar ar ḃarra an ċuasa agus ḃíodar ag féaċaint síos tríd an uisge go ḃfeicidís mo ċorp ameasc na feamnaiġe ṫíos ar an ngainniṁ. Ní ḟeacadar, ar ndó.

Níor ḟan aon ċainnt ag aonne ar an mbaile 'na ḋiaiḋ san. Ḃí gaċ aonne ag imṫeaċt go ciúin agus aonne a laḃraḋ is ag cogarnaiġ a ḃíoḋ sé. Ṫáiniġ Mam isteaċ abaile agus ṡuiḋ sí ar an raca agus ní ḟéadfaḋ aonne focal a ḃaint aisti.

Mar sin a ḃí go dtí ag déanaṁ amaċ ar a leaṫ-uair tar éis a cúig. Ḃí Taḋg Mór ar an gclaiḋe agus ráiniġ leis naoṁóg d'ḟeiscint ag déanaṁ ar an gcuas. Ní mór an tsuim a ċuir sé sa scéal ar dtús go dtí gur tugaḋ casaḋ éigin den naoṁóig. Annsan ṫug Taḋg léim as a ċorp agus do ġlaoiḋ sé ar an gcuiḋ eile.

"Féaċaiḋ an naoṁóg san," ar seisean. "Tá duine farra n-a ceart innti." Aċ, toisc go raiḃ an naoṁóg díriṫe ar an gcuas arís, ḃíodar i ḃfad go raiḃ deiṁniú scéil Ṫaiḋg Ṁóir aca. Annsan baineaḋ casaḋ eile as an naoṁóig agus ċonnacadar go léir an ceaṫrar. Sin é an uair a ṫáiniġ a gcainnt dóiḃ—gaċ aonne ag cainnt

agus gan aonne ag éisteaċt leis an dtarna duine aċ 'á ċur i n-iúl go raiḃ 'ios aca féin go maiṫ cá raḃas aċ nár ṁaiṫ leo aonní a ráḋ.

Riṫ duin' éigin isteaċ go dtí Mam agus d'innis an scéal di. Am briaṫar go dtáinig sí ċúiċi féin, a ḃuaċaill. Siúḋ léi amaċ go dtí an claiḋe, agus níor ċorruig sí ná níor ḃog a súil den naoṁóig gur ġaiḃ sí béal an ċuasa isteaċ. Annsan ġluais sí síos go dtí leac a' ḃáiḋ agus faḋairt 'na súil. Do lean an baile go léir í.

Do ċoṁairliġ Taḋg Óg doṁ-sa, sara dtánamair 'on ċuas, dosaon de stracairí agus de ṁaircréil slána do ċur ar córda agus iad a ḃreiṫ go dtí Mam mar ḃreab síoċána. Ṫuigeas gur ṁaiṫ an ċoṁairle í agus ḃí mo stropa ullaṁ agam nuair a ḃuaileamair taoḃ na lice. Nuair a ċonnacamair an baile go léir roṁainn sa ċuas ḃí iongantas orainn cad a ṫug ann iad; aċ nuair a ċonnac féin Mam 'na seasaṁ ar an lic ṫuigeas go maiṫ cad a ṫug í. Níor taiṫn a scéiṁ liom, agus ba ḃeag liom mar ċosaint na stracairí. Ḃíos ag cur uaim, a duine, aċ ṗreabas as an naoṁóig agus ċuas fé n-a déin. Do ṡíneas ċúiċi an stropa éisc agus me ar crit.

"Ċugat féin a ṫugas iad, a Ṁaimí," arsa mise; aċ, a ṁic ó, oiread agus féaċaint ní ṫug sí orm aċ ċoṁ beag agus ná beaḋ ionam aċ partán trága. Ṁeasas go raġainn síos tríd an dtalaṁ le náire mar ḃí an baile go léir ag féaċaint orm. I n-ionad aon tor' a ṫaḃairt orm-sa d'iriġ Mam ar luċt na naoṁóige.

"Ḃeó saṁlófar siḃ, a ḟeara," ar sise. "Is tuisceannaċ agus is nádúrṫa na ċoṁarsain siḃ. Is maiṫ an aire a ṫugaḃair go mbeaḋ m'aigne-se ar a suaineas feaḋ na hoiḋċe aréir. Táim buiḋeaċ diḃ, a ḟeara," ar sise, "agus gan a ḟaid sin de luiġċán na bliana oraiḃ."

D'iompuiġ sí de sguaib ċun dul abaile annsan.

Ṫáinig néal ar Ḋonnċa Ṗeig toisc beiṫ 'á daoraḋ is gan é cionntaċ, agus ṗreab sé. Dá mbeaḋ oiread aiṫne aige ar Ṁam agus ḃí agam-sa d'ḟanfaḋ sé 'na tost. "Tá sclábaiḋe maiṫ teangan age daoine áirite," ar

# Oiḋċe Iascaiġ

seisean, "Agus ní fearr leo díoṁaoin í, roġa aca ceart nó míċeart a ḃeiṫ aca. Aċ bíoḋ a dial agat!" ar seisean, "níl aon ḃeann agam-sa ort."

D'iompuiġ Mam tar n-ais air. D'ḟéaċ sí air ó n-a hata síos agus annsan ó n-a ḃróga suas. Ḃí droċṁeas agus déistin sa ḃḟéaċaint sin agus sa ġáire ḋein sí 'na diaiḋ. Ní mór aduḃairt sí. "Seaḋ ndoṁaintí!" ar sise. "Donnċa na h-aindeise is gan aon ḃeann aige ar aonne!" agus do ḃain sí crotaḋ as a ceann agus do ġáiḃ suas aḃaile agus mise roimpi amaċ agus mo stropa éisc agam agus iad ag bualaḋ i gcoinniḃ mo ċolpaí, agus mo ċroiḋe im' béal.

Ní 'neosaḋ an ċuiḋ eile de scéal na maiḋne sin duit—ba ṡearḃ liom tráċt air; aċ nuair a ḃí sé go léir i leaṫtaoiḃ ḃí sé socair im' aigne agam-sa nár ṁaiṫ an ċiall dom dul ag iascaċ arís gan a innsint do Ṁam roim ré. Ciall ċeannaiġ a ḃí agam. Aċ sin é an dálta agam-sa i gcoṁnaiḋe é. Ní ḃíonn ciall roim ré coiḋċe agam.

## CAIḂIDIOL XV

## MAR DO-ĊUAIḊ JIMÍN LE SAGARTÓIREAĊT

Ḃí Mam ar feaḋ coigċíse agus ní ḟéadfainn a ḋéanaṁ amaċ cad a ḃí ag gaḃáil di. Ag macṫnaṁ a ḃíoḋ sí, tá's agat, agus stadaḋ sí uaireannta i lár a cuid gnóṫa agus ḃíoḋ sí ag smaoineaṁ. Annsan uaireannta eile ċinn ag cainnt le Daid í aċ ní ḃíoḋ 'á ráḋ age Daid aċ—"Tá an ceart agat. Is agat-sa is fearr ḟios, a ċroiḋe." D'iarras ar Ċáit faire a ḋéanaṁ ar Ṁam féaċaint cad a ḃí ar siuḃal aici aċ níl aon ṁaiṫ i gCáit ċun spiaireaċta agus b'éigean dom plean eile a tarraċ ċugam.

Nuair cuireaḋ a ċodla me oiḋċe ċuas isteaċ 'on leabaiḋ tamall, aċ annsan nuair a ḃí mo ṁáṫair agus Daid cois na teine sa ċistin d'éaluiġeas isteaċ i seomra na beirte aca agus ċuas laistiġ de ċlóca ṁór mo ṁáṫar a ḃí ar croċaḋ ar an ḃfalla agus d'ḟanas leo go dtagaidís 'on tseomra. Tá's agat, bíonn siad go minic ag cainnt nuair a téiġid siad 'on tseomra.

Aċ ar ṁ'anam go raiḃ feiṫeaṁ fada ar ċosa laga agam mar ċaiṫeadar an oiḋċe ag cadráil cois na teine, agus na glúine ag lúbarna'ġ agam-sa. Aċ fuaireas luaċ na foiḋne sa deire mar ċuir Daid an madra an doras amaċ agus ċuir sé an bollta sa doras agus ṫáinig sé féin agus Mam go dtí an seomra. Do leanadar den ċainnt a ḃí ar siuḃal ṫíos aca nuair ṫánadar 'on tseomra :

"Caillfimíd mála airgid leis aċ níl dul as is dóċa," arsa Mam.

"Seaḋ, agus b'féidir gur abaile aris ċugainn a cuirfí é mar ná féadfaiḋ sé é féin d'úmpar," arsa Daid.

## Mar do-ċuaiḋ Jimín le sagartóireaċt

Níor taiṫn san le Mam.

"Má tá droċ-úmpar ann ní ó n-a ṁáṫair a ṫug sé é," ar sise.

Do ḃain m'aṫair crotaḋ as a ċeann le mí-ṁisneaċ: "Oċ ṁuise," ar seisean, "sé an seanport céadna i gcoṁnaiḋe agat é."

Ṫuigeas féin ós na bréiṫre sin gur don mac so a ḃíteas ag tagairt. Sin é uair d'éiriġ an sot go léir orm ċun feasa d'fáġáil cá raḃtas am' ċur agus conus a ḃíteas ċun an mála airgid sin a ċaiteaṁ liom. Tar éis tamaill táiniġ an beirt aca ċun bladair arís.

"Bainfiḋ sé deiċ mbliana do sar a mbeiḋ sé 'n-a sagart," arsa Mam.

Ní mór ná gur ṫuiteas féin i láṫair mo ċos nuair a ċuala an méid sin, a ḋuine. Mise im' ṡagart! Ċuir an scéal mearaṫal orm agus ní mór ná gur scéiḋeas orm féin laistiar den ċlóca.

"Arú," arsa m'aṫair, "b'fearr liom é ċur le céird éigin eile. Bíonn siad 'n-a seanduiní anois sara dtugtar paróiste dóiḃ." Aċ ṫug Mam fé arís agus duḃairt sí naċ ċun airgid ná saiḋḃreasa a déanfaḋ sí sagart d'á mac féin aċ ċun seirḃíse Dé. D'éist Daid tamall, am baic, tar éis an méid sin. Annsan ar seisean:

"Cé déanfaiḋ an treaḃaḋ agus an fuirse nuair a ḃuailfiḋ an t-aos mise?"

"Nár leigiḋ Dia go mbuailfeaḋ ṁuise, laiġe ná aos tusa, a dalta!" arsa Mam. Ón nglór a ḃí 'n-a guṫ ṫuigeas gur searḃas a ḃí ar siuḃal aici. "Aċ ná bíoḋ eagla ort," ar sise, "geoḃad-sa cliain isteaċ duit-se a raġaiḋ i mbun seisriġe duit."

"Uf," arsa Daid, agus d'umpuiġ sé ar a ċliaṫán agus ṫuit a ċodla air.

Ḃí Mam uair a ċluig sarar ṫuit aon néal uirṫi agus deirim-se leat go raiḃ na cosa fuar go maiṫ agam-sa sarar féadas éalú as a' tseomra.

Ar maidin nuair a ċonnac Cáit: "Beaḋ-sa im' ṡagart," arsa mise.

Do ġáir Cáit. "Ní ḃeir, a ṁuise," ar sise, "aċ beaḋ-sa im' ṁnaoi rialta."

"Cuir uait im ḃaisce!" arsa mise, "fanfair-se sa tiġ seo agus taḃarfaiḋ Mam fámaire ḋe ċliain isteaċ ċun tú pósaḋ agus ċun an treaḃaḋ a ḋéanaṁ do Ḋaiḋ. Níl dul as agat—tá san socair iḋ' ċóṁair age Mam."

Ċrom an óinsín ar ġol agus cé ċualaiḋ í aċ Mam.

"Caḋ é seo anois ort?" ar sise.

"Ḃu-hú!" arsa Cáit, "ní ṗósfaḋ-sa aon ċliain isteaċ!"

Ḋ'ḟéaċ Mam uirti agus annsan ḋ'ḟéaċ sí orm-sa. Ċeapas féin, am ḃaisc, gurḃ fearr riṫ maiṫ ná ḋroċ-ṡeasaṁ agus ċuireas ḋíom suas go tiġ Ṁáire Ainḋí.

Máire agus Nell a ḃí istiġ.

"Ara, caḋ a ṫug ċoṁ luaṫ so ar maiḋin ṫu?" arsa Nell.

"Mam, ḋar fia! do ċuir an riṫ orm," arsa mise, "i ḋtaoḃ gur innseas do Ċáit go raḃadar ċun cliain isteaċ a ḋ'ḟaġáil ḋi."

"Arú, a ḃligeáirḋín, caḋ a ċuir é sin iḋ' ċeann?" arsa Máire Ainḋí.

Ċuir sé sin olc orm féin.

"Ní haon ḃligeárd me," arsa mise, "aċ tá Mam ċun sagairt a ḋéanaṁ ḋíom agus beiḋ siḃ go léir ag taḃairt 'Father James' orm annsan agus b'ḟéiḋir ná taḃarfá bligeárd an uair sin orm."

"Mo ġráḋ-sa Dia," arsa Máire, "ag magaḋ fúm atánn tu."

"Níl aon ḟocal éiṫiġ ann," arsa mise, agus ḋ'innseas di gaċ aon ní. Níor ḟágas aon ní istiġ nár scaoileas amaċ. Ní raiḃ leiġeas agam air—ní ḟanfaḋ an riaċ fada istiġ. Sin é an loċt mór atá orm-sa, tá's agat, me ḃeiṫ im' ḃéal 'leiṫ Éireann. Ní ċeilim faic ar aonne aċ ar Ṁam; aċ ġeiḃeann sí sin fios ar mo ġnótaí gan mise 'á n-innsint i n-ao' ċor ḋi.

Ní túisce ḃí mo ḃotún déanta agam-sa ná ḃí sé go léir innste ar fuaiḋ an ḃaile. Ní raiḃ an oiḋċe ar fónaṁ ann nuair ġaiḃ Máire Ainḋ isteaċ go ḋtí Mam.

"Ṁuise, go gcoṫuiġiḋ Dia ḋíḃ é, an scéal maiṫ," ar sise.

"Cad é an scéal?" arsa Mam.

"Jimín beag a ḃeiṫ ag dul le sagartóireaċt, ḃail ó Ḋia air," do ráiḋ Máire.

Baineaḋ anapreab as Mam boċt. Níor ḟan focal aici. D'ḟéaċ sí anall orm-sa agus ṁeasas nár ḟan oiread luiċe ionnam leis an scannraḋ. Ċonnac go raiḃ sí go cráite dóite toisc an scéal a ḋul amaċ roimré. Níor ṁaiṫ liom í ḃeiṫ ag féaċaint orm agus d'imiġeas liom go maolċluasaċ go dtí an leabaiḋ agus gan é aċ a leaṫuair tar éis a seaċt. Deirim-se leat ná rabas buiḋeaċ dem' teangain, mar ċeapas siúrálta go ḃfaġainn búrdáil ṁaiṫ an oiḋċe sin. Aċ ní ḟuaireas, a ḋuine. Nuair a ḃí Mam ag dul a ċodla táinig sí le coinnill mar a rabas-sa agus d'ḟéaċ sí orm. Ḃíos im' ċnap codlata, a ṁic ó, agus ná hosclóċainn súil liom ar ṁíle púnt.

"Hum," ar sise, "codla an traḋna ċugat-sa, a ḃuaċaill," agus tuigeas go raiḃ droċaṁras aici ar an suan a ḃí orm. D'imiġ sí, áfaċ, agus tugas mo ḃuiḋeaċas do Ḋia a ṫug saor an uair sin me.

Ḃí babta bruiġne agam féin is ag Micilín Eoin lá'r na ṁáireaċ. Nuair a ċonnaic sé ċuige me, "Ara, féaċ aníos 'Father James'!" ar seisean. Táinig beiriṫean uilc orm ċuige agus leanas suas 'on páirc é agus ċuireas fuilśrón leis. B'féidir go múinfeaḋ san béasa ḋó. Aċ níor stop san an ċuid eile den mbaile, mar bíoḋ an ainm ar siuḃal aca go léir orm—mór mór ag na sciċirí gearrċailí. Ḃíos cráite aca, aċ me féin fé ndeara é a scaoil lem' teangain i láṫair Ṁáire Aindí.

Ar feaḋ trí seaċtaine 'na ḋiaiḋ sin níor ċuaiḋ stad ar Ṁam aċ ag ullṁú rudaí dom. Ṫug sí trúnc nua ón nDaingean ċugam agus ḃí seóḋ rudaí istiġ ann. Ḃí léinteaċa ann agus tuḃáilí agus cíor dom' ċuid gruaige agus máilín beag ċun mo léine oiḋċe a ċur isteaċ ann, a ḋuine. Ḃí hainceasúirí póca, leis, ann, agus stocaí,

agus ḋein an táiliúir dá ċulaiṫ éadaiġ dom. Fuaireas dá ḟeiḋre gleoite bróg ná raiḃ aon tairnge ionnta aċ iad ag gíoscán nuair a siuḃluiġinn.

Ḃíos ag gaḃáil an ḃóṫairín síos lá nuair a glaoiḋ Taḋg Óg tar n-ais orm. "Cogar i leiṫ, a Jimín," ar seisean, "cad tá an dá ḃróig sin a ráḋ le ċéile?"

"Tin t'ḟiarṫaiṫe ar do ṡeanaṁáṫair!" arsa mise. Ḃíos cráite aige aċ níor ḋein sé aċ gáirí fúm. Is dóiġ leis go ḃfuil sé anasmeartálta.

Ḃeiḋ mé ag imeaċt amáireaċ agus do réir mar a ċloisim ní ró ṁór an aga a ḃeiḋ agam ċun a tuille cúntaisí mar seo a scríoḃ. Is dóċa go ḃfuil an cruatan róṁam. Deir Mam liom go gcuirfear urċall annsúd liom agus srian agus go mbead ag gol fós i ndiaiḋ mo ṁáṫar agus an tsaoġail ḃreá a ḃí agam uaiṫe. Dar fia! má ḃíonn siad níos cruaiḋe orm ná mar ḃí Mam tá an riaċ buiḋe go léir orṫa. Ní ró ṁaiṫ atáim i n-ao' ċor istiġ liom féin na laeṫeannta so agus ar dá ḃiorán ní raġainn i n-ao' ċor ann. Táim idir fonn is faitċíos, a ḋuine; aċ tá beartaiṫe agam má ḃíonn an scéal ró ḋian orm sa Ċoláiste ná fanfad aca, dar fia!

Ṫáinig Máire Aindí aréir agus ṫug sí dá ḟeiḋre stocaí dom. Ṫug Taḋg Óg is Neill bille púint dom. Ṫáinig Micilín Eoin ċugam ó ċiainiḃ agus ḃí sagas náire air agus ní duḃairt sé aon ní go ceann tamaill. Annsan ṫairrig sé scian as a ṗóca agus ċuir sé im' aice ar an mbórd í agus deora ó n-a súile. Ṫug sé iarraċt ar rud éigin a ráḋ aċ ní féadfaḋ leis an dtoċt guil. Annsan riṫ sé an doras amaċ uaim ag gol. Deir Cáit go raiḃ Micilín anaċeanúil orm-sa. Ṫugas an píp adṁaid a ḃí i ḃfolaċ sa stáca agam do Ċáit ċun é ṫaḃairt do Ṁicilín amáireaċ.

Tá mo ṫrúnc pacálta sa ċistin. An rud deireannaċ a ċuir Mam ann ná císte mór aráin go raiḃ rísíní ann. Tá na comarsain ar fad sa ċistin—is dóċa gur mar ġeall orm-sa é. Ṫug a lán aca scillingí agus leaṫ-ċorónaċa dom agus ḃíodar go léir am' ċomairliú agus

am' ṁolaḋ. Tá Cáit ag gol ó ṫáinig an tráṫnóna agus níl focal as Daiḋ. Nílim féin ar mo ċúilín tseaḃraċ aċ ċoṁ beag le duine. Níl aonne go ceart aċ Mam. Ní ċorroċaḋ an saoġal í sin.

. . . . . . .

Táid siad go léir imiṫe aḃaile agus duḃairt Mam liom-sa dul a ċodla. Nuair ṫána 'on tseomra lean sí me agus ḃí sí i ḃfad am' ċoṁairliú. Annsan rug sí barróg orm agus ṗóg sí me agus ċonnac deora 'na súile nuair d'imiġ sí.

Ní mór go ḃfeicim féin an páipéar so go ḃfuilim ag scríoḃ air le gaċ 'ra raċt guil agus uaignis.

Caiṫfiḋ mé stad is dóċa agus an peann a leigint ar lár. Aon ruḋ dár scríoḃas mar ġeall orm féin go dtí so níor ċuireas ann aċ an ḟírinne ġlan. Tá's agaiḃ anois cad é an sagas mé. Dá mbeinn ar nós a lán dem' aiṫne ní ḃeinn ċoṁ béalscaoilteaċ i dtaoḃ mo loċtaí féin, agus ċeapfaḋ siḃ annsan gur buaċaill maiṫ me. Aċ is cruaiḋ an scéal ar ḃuaċaill a ḃeiṫ go maiṫ—ṁarḃoċaḋ sé é tar éis aon tseaċtaine aṁáin. Ḋeininn-se mo ḋiċeall uaireannta me féin d'úmpar aċ ċaiṫinn briseaḋ amaċ arís gan ḃuiḋeaċas dom. Tá gaċ aonne ċoṁ holc liom. Ní feicim-se aonne go ceart aċ Mam.

Caiṫfeaḋ dul a ċodla. Ḃeannaċt Dé agaiḃ go léir agus má's fiú liḃ orm é iarraiḋ ar Ḋia go gcuireaḋ sé Jimín Ṁáire Taiḋg ar a leas.

# Jimín Ṁáire Taiḋg

dóiḃ i dtaoḃ an sceiṁle fuaireas-sa ó Púca Ḃeit Ṁóire agus mar a ḋein sé féin smiste ’madáin díom nuair dubairt sé liom na pipeanna agus na huibe a ċur sa ṗoll i gcóir an ṗúca; agus dubairt sé le Máire gur uaiṫe féin a ġoideas na huibe. Ní raib oiread náire riaṁ orm. Bead-sa suas le Taḋg ar ṡlí éigin—bead san. Ní ḋéanfaḋ sé mar sin liom é an oiḋċe ḃriseas an cleaṁnas le Peats Teaimí do féin is do Nell. Léan uaiḋ, ní maiṫ an díol air aon bean a ṡoláṫar do—ní maiṫ san.

## CAIḂIDIOL XIII

## RÁS NA NAOṀÓG I gCUAN AN DUILISC

Nuair a beaḋ-sa mór beaḋ im’ fear naoṁóige agus beaḋ ag rás agus ní beiḋ aon naoṁóg i n-aon ċuan i gCiarraiġe a tiocfaiḋ i ngiorraċt scread asail ḋúinn agus beiḋ gaċ aonne ag liúiriġ agus ag ráḋ “ Op Jimín ! ” agus ag ól ṗórtair fé ṫuairim mo ṡláinte, agus annsan crompfaid siad ar ḃruiġinn agus bainfid siad fuil as a ċéile, aċ ní beiḋ focal asam-sa aċ mé ’á leigint orm ná raiḃ aon ġaisce déanta agam, cé go mbeaḋ ag éisteaċt leo ’á ráḋ le n-a ċéile—“ Sin é Jimín Ṁáire Ṫaiḋg—sin é an fear do ḃuaiḋ an rás ! ”—agus iad am’ taisbeáint dá ċéile. Sin mar beiḋ nuair beaḋ-sa mór.

A’ dtuigeann tú, sin é do ċuaiḋ im’ ċeann an lá do ḃí an rás mór naoṁóg i gCuan an Duilisc coiġċíos ó ṡin. Ana lá a b’eaḋ é, a ḋuine. Ċaiṫeas scilling is tuistiún ar ṁisleáin agus ar ubla. Ḃí Micilín Eoin i n-éineaċt liom agus ní raiḃ aige aċ scilling. Ní fada le dul scilling is tuistiún nuair do ċaiṫfeá tuistiún do ṫabairt ar uḃall go mbeaḋ focal ’na lár agus ní ċoimeádfaḋ scilling leaṫ-uair a ċloig ag cogaint tú nuair a ṫabarfá ar ṁisleáin í. Is damanta an earraḋ iad le daoine. Ḃí fios agam ar maidin a ġiorraċt a raġaḋ an t-airgead, aċ ní leigfeaḋ scannraḋ ḋom aon ṗingin d’iarraiḋ ar Ṁam, mar beaḋ fios aici cá mbeinn ag dul, agus annsan do beaḋ laingcis liom, mar ní maiṫ le Mam ráiseanna naoṁóg. Ċongaiḃ sí Daiḋ sa baile aċ d’éaluiġeas-sa uaiṫi. Dubart le Daiḋ éalú, leis, aċ is aṁlaiḋ do ḃain an fear boċt crotaḋ as a ċeann agus d’ḟéaċ sé go heaglaċ i dtreo Ṁam. Nuair ná raiḃ sí ag féaċaint ṫug sé trí pingine ḋom i gan fios di.

## Slán le Jimín!

A Jimín, a dalta, céad slán leat is beannacht,
In Iolscoil na Sagart go mairir do cháil!
Ró gairid linn d'fanais leo' gasra 'nár bfearra
'S é scaradh na gcarad sidh scaipthe chum fáin.
Mam agus Daid bocht, is Cáit beag gan ganguid,
Tadhg Óg seasadh ceart duit, is Nell thugadh gean,
Micilín do chara, Beit Mhór is Máir' Aintí—
Cad dhéanfaimid feasta 'na n-éamuis ar fad?

I gceart-lár an mhacha ar leathchois fé mhairg,
Tá an gandal 'na sheasamh go cannthlach, diombách;
Aon bhraon den "stuif dearg" anuraidh chuir maig air
Is d'fhág leatta san easair é, níl sé le fagháil.
Níl cúntas imeachta lucht diúgtha an leanna
Lá móna do baint ná lá reatha na mbád;
Is tá uaigneas d'á dheasgaibh is duairceas sa Daingean
Na leanbaí gan teacht ann is na bacaig gan ábhacht.

Táir imithe, a taisce, is ní plámás ná bladar
Uainne thug taitneamh do d'eachtraí é rádh,
Aris chughainn go gcasair le h-"olcas" nó "maitheas"
Is beimid ag faireadh do theachta gach lá.
Agus guidhmid an Seabhac le d'Cliabhán do sheasaimh
Ár ngéar-gádh do freastal le scéal uait i dtrácht;
I n-éide geal sagairt go bfeicthear thar ais thú—
Nó b'féidir i d'easbog, a bhuachaillín báin.

"CLOCH LABHRAIS."

# Gluais

lċnċ.

1, 10, 52.—Cad dob áil le . . . . de, what does . . . . want it for.

2.—barra taoide, high tide mark.

,, 26, 56.—sceitimíní, exuberant delight.

,, —uċtaċ, powerful voice.

,, —is baileaċ a ṫug sé dá ṡúil ṡeanaṪaiḋg leis, The eyes of SeanaThadhg (his grandfather) have been exactly reproduced in him.

,, —cruṫanta, created, exact.

,, —gaiḃim-se orm, I undertake, "I'll engage."

,, —deá'ratraiġe, i.e. deallraṫaiġe, most like (in resemblance).

,, —crot aonair, i.e., cruṫ a., exact resemblance, "the dead spit."

,, —caiṫiseaċ, handsome.

,, —ṫáinig sciaṫáin ar m'aṫair, father was in a flutter of delight.

3.—bunóc, a newborn infant.

4.—oiread a' frí, i.e., o. na friġide, a small piece; an atom.

,, 10.—scuḃta ċuige, craving for it; wolfish, with teeth bared.

,, —ag cur aisti, .i. ag cur cainnte aisti.

,, 69.—fiarṡúil, fiarṡúileaċ, side-glance; cross-eyed.

,, —faid a ḃí 'nár gcroiḋe, to the limit of our endurance.

,, —ḃí an ṗraiseaċ ar fuaid na mias annsan, then things were in a mess!

,, —sceimle, frightful chastisement; a "lecturing."

,, —srimileálaiḋe, an incapable person; a dawdler.

7.—léasaḋ, .i. bualaḋ, a beating.

,, —aicionta (? aiṫġeinte), namaid a., born enemy.

8.—púiríní, five-stones, "gobs."

,, —spric, the "jack" in the game of pitch-and-toss.

,, —toċrais, winding thread.

,, —cúllocta, the small loft over fireplace in old-fashioned farm houses.

Líne

8.—ar néal buile, in a rage.

,, —bóiricín, nickname; from bórać, "bandy-legged."

9, 14, 42, 61.—goṁ, madness (of a dog).

,, —speaḃraíḋí, ravings; hallucinations.

10.—i gceist, in fact. níl a leiṫéid i gceist, such has no existence in fact.

,, —taoscán, part of a load or of a vessel-full.

,, —meáḋ, a balance or weighbridge.

11.—léan id' ċeann cipín, confound your wooden head!

,, —olc air ċugam, in a rage with me.

,, —stiall, a cut, a cutting blow.

12.—smiotaḋ, smashing.

14.—guaileáin, braces, shoulder-straps.

,, —buairicín, a wooden stopper or button such as in cow spancel.

,, —straiḋn, anger (? from "strain").

,, —diaḃar=diaḃal.

,, —i ḃfearras, in order; adjusted.

,, —drad, a grin; a leer.

,, —crúistín, a missile.

,, —tairrig ort me, draw my attention (anger) on you (if you dare).

15.—sliogán ruacan, a cockle-shell.

17.—sciomarṫa, scoured clean.

18.—stalca, a stiff thing; dead.

,, —sáruiġ, head off; s. iad, round them up.

19, 46, 60.—scaiṁ, a snarl; a scowl.

,, —cleiṫire, a tall person; from cleiṫ, a pole.

,, —plubaire, a fat, flabby person.

,, —rian a ċoda air, showing sign of what he had eaten, i.e., fat and well-fed.

,, —raga, a thin, emaciated animal.

,, —nea'réasún, unreasonableness.

21.—súlaċ, .i. suġlaċ, juice (fig., pleasure).

,, —brioscа, a biscuit (briosc, brittle).

22.—raispín, an impudent brat.

,, —fara, with; along with.

27.—céapars, capers.

,, —ní ċuirfeá amaċ, you could not guess.

lcnċ

27.—scéıṫfeá orm, you would inform on me.

28.—scaılpeanna, detached pieces, sections.

,, —raıc [? wreck], ḋeın sí raıc, she made a scene.

30.—ıs láıḋır nár ṁaırḃ sí me, she killed me almost.

,, —masmus, surfeit.

31.—ḋ'alp sé, he ate voraciously; he gobbled.

,, —míoȝarnaċ, nodding.

,, —píopán, windpipe, neck.

,, —aȝ breıṫ ċuȝam, feeling uneasy.

,, —"cocstí," slang for a dead or spoiled thing.

,, —ar séırse, diligently (lit. singing).

,, —na croıtí ḋeırıḋ, the last shake; last gasp.

33.—aȝ plé lıom, annoying me, worrying me.

,, —níor ḃe' lıom, .ı. níor ḃeaȝ lıom, I thought it enough.

,, —aȝ ḋearȝaḋ bear, nagging (lit. blooding [her] lance).

34.—caıḋtí, quoits; a game.

,, 62.—loṁnán, a bladder.

35.—fé n-a bráıḋ (.ı. braȝaıḋ), before her; under her observation.

,, —spríúċ sí, she protested angrily (lit. "she kicked").

,, —smulc, a surly, sour expression on the face.

,, —ıs mó ıs mór, somewhat too large.

,, —ní fál go h-aer é, it is not an insurmountable difficulty (as a wall up against the sky I would be).

36.—aȝaıḋ feıḋıl, a mask.

37.—ı ḋtaoıḃ le . . . ., having but . . . .; trusting to.

,, —aȝ ḋéanaṁ tınnıs ḋom, causing me anxiety.

,, —ȝreasáıl, a beating or whipping.

,, —ḋeıċnıúr, a decade (of the Rosary).

,, —feıstıú, putting in order; adjusting.

,, —promsáıl, prancing; ungainly movement.

41.—ana-ȝeoın, great noise.

,, —corraȝıob, ar a c., sitting on his haunches.

,, —aȝ tarrac mo ṁáṫar ċuȝam, reminding me of my mother (and consequent unpleasant possibilities).

,, 61.—stráıce. a cut; a slice; a strip.

,, —ıs maıṫ a scaras leıs, I had a lucky escape.

42.—breıll, an expression on the face of dejection or of being about to cry.

lṫnċ.

42.—rúscaḋ, throwing things violently.

44.—néal, a fit (of anger).

45.—sceimle ṁór an Luain, the terror of the Judgment Day.

,, —dul 'on ċroiċ, to go to the gallows.

46, 100.—ḃíos ag cur uaim, I was dreading the consequences.

47.—mílíṫeaċ, pale and sickly.

,, —súsa, a blanket (fig., bed).

49.—cumá ná beaḋ, why not? why should it (he, she) not?

,, —táċt .i. táḃaċt, importance.

,, —éileaṁ aici ar Ṫ. Ó., fond of, in love with T. O.

50.—las sí, she blushed.

51.—seana-ċníopaire, an old grumbler.

,, —fan bog, wait a while.

,, —stócaċ, a go-between; a match-maker.

52.—slibire, a tall, lanky person.

,, —meanga gáire, a smile; a leer.

,, —clab, a wide-open mouth.

,, —toice, a bold, pert little girl.

,, —a ṡeana-plaidín scúite! old bald head!

,, —an "fear maiṫ," the upper hand; the victory.

53.—ruidín súiġ, miserable wretch; a low fellow.

54.—ar na craoḃaċa, angry; mad. Ḃí sí ar na c., she was in a rage.

,, —snaoi .i. snoiġe, wearing away.

55, 63.—fáṁaire, anything big or great.

56.—coiliċín paor, a laughing stock. Coiliċín = a little cock bird. Paor = the butt of wit or sarcasm.

57.—cúlaḋ, drawing back; retreating.

,, —baint an ċlaiḋe amaċ, striving to reach the fence.

,, —támáilte, shy.

58.—pleiḋce, a fool, a simpleton.

,, —cliain (.i. cliaṁain) isteaċ, a daughter's husband who lives in the house of the parents-in-law, and is made heir to their farm.

,, —bolán (? golán), a large, heavy stone.

60.—níor éiriġ idir me féin agus Mam, M. and I did not quarrel.

,, 98.—uair umá seaċ, an odd time, now and again.

lṫnċ.

60.—ʒaḃáil sceallaḋ, chastising with rod or whip or tongue.

,, —mo ċroiḋe agus m'ae ag riṫ ar a ċéile, out of breath from dint of speed and hurry.

61.—ʒliʒín, a giddy girl or woman.

,, —scoṫ cinn, hair of the head; top knot.

,, —caid, a football.

,, —beisce, a wooden cooler or tub.

62.—ʒleamaiʒ, lobsters.

,, —iascáin, mussels; shellfish that are scraped off the rocks at low tide and are used for manure.

,, —pota ʒliomaċ, a lobster pot.

,, —partán (portán), a sea crab.

63.—ana-ṡuaitte, rough (at sea).

,, —úrlacan, vomiting.

,, —toċta, the seat (thwart) in an open boat or canoe.

64.—i n-earraid, unfriendly, at enmity.

,, —ʒo prínsiopálta, definitely and particularly.

,, —mairḃitiʒe, numbness, deadness.

,, —naoṁóʒa, canoes.

,, —toċt, a rush of feeling.

,, —daḃaċ, a vat or large vessel to hold liquid.

,, —plainíntí, flannels.

65.—potḃiaṫaḋ, being fed with delicacies and rich foods. pot=? pota: pot-feeding.

67.—bioránaċ, a sly rogue, a "boyo."

68, 82.—smíste amadáin, a great fool.

,, —deiscréideaċ, discreet; secret.

71, 76.—ag breiṫ ċuiʒe, anxious; fearful of impending punishment or exposure.

72.—réasún, reasonableness. níl aon réasún le mnáiḃ, women are unreasonable.

73.—ar leiṫiliʒ (.i. ar leiṫ i leiṫ), especial, particular.

,, —failp, a thump, a blow.

,, —sleán, a spade of peculiar design used for digging or cutting turf.

,, —ṁeasas ʒo dtairriceoċaḋ sí an baile orm, I thought she would draw the attention of the whole village on me.



BIBLIOTECA UNIVERSITARIA SALAMANCA

lċnċ.

74.—sáilíní, the projecting ends of the shafts of a cart.

75, 85.—ꝼlíp, a vigorous, sweeping blow.

,, —óspairt, an accident.

76.—ċuir sé an sáspan ar a ċeann, he raised the saucepan to his mouth—to drink.

,, —sciṫiríl, skitting, laughing in a giddy fashion.

,, —níor ṁór dom féin dul ag píceáil, I was not content till I went to pike (turf).

77.—méiṫ-ṁóin, the dense white turf found near the bottom in bog.

,, —spairt, the soft spongy turf found at the top in bog.

,, —arc-luaċra, a lizard, a newt.

78.—spior-spear a déanaṁ de, to dissipate the trouble; to throw oil on troubled waters.

,, —fríoíní (friġidíní), microbes; atoms.

,, —sceilimis, a scare; great terror.

79.—fé ċlár, laid out dead.

,, —danarṫa, hard; inexorable.

81.—aṁailt, an apparition, a ghost.

,, —scraiste, an idle, good-for-nothing fellow.

83.—ꝼoċal, the empty space inside overgrown apple or potato.

84.—gioḋam, sprightliness; playful energy.

85.—liúraḋ, striking, beating.

,, —coṁ tiuġ le tiul, following closely one after the other.

,, —Aon Muileat, the Ace of Diamonds.

,, —Deiċ Triuf, the Ten of Clubs.

86.—suae, sway; victory.

,, —dula, a thole-pin, a wooden peg to hold an oar in position.

89.—ġiotam, strife, the noise of battle.

91.—ráṫ'íoċt .i. ráṫaiḋeaċt, a shoal of fish racing along the surface and flecking the sea into foam.

,, —maidí snaḋmṫa, the couplings or ties between roof beams.

,, —mogail, meshes of fishing net.

,, —braiġdeáin, short pieces of cord attached to lower rim of fishing net and to which "sinkers" are attached.

,, —bórdáil, arranging the nets "on board" ready for letting out.

lṫnc.

94.—ab' 'ın . . . ? is that . . . ? ab=an ab=colloquial interrogative (and dependent) of "is." 'ın=sın. ab' 'ın tóıṫín ? is that a porpoise ?

„ —tóıṫín, a porpoise.

„ —scol, a "school" (of fish) ; a shoal.

„ —cráın ṁara, a sea hog.

„ —madra éısc, a dogfish.

„ —caılleaċ ḃreac, a fish akin to dogfish or shark.

„ —ʒaḃar, a fish called pilchard.

96.—aınnlıú, manipulating the canoe whilst the rest of the crew hauls or shoots the net.

98.—aon naṫ, any heed.

„ —d'éırıġ a croıḋe, her heart became filled with dread.

„ —ʒo seaḃraċ, in the enjoyment of health and physical comfort.

99.—duıne parra n-a ceart, one man beyond her due number. parra, pare=with, along with.

103.—sot, desire ; greed.

105.—ʒo maolċluasaċ, subdued and shamefaced (fig., from the fashion of a dog when being rated for misconduct).

„ —búrdáıl, a trouncing, a hammering.

„ —scıṫırí, girls who laugh senselessly and giddily.

106.—urċall, a kind of fetter between an animal's fore legs or between one fore leg and the opposite hind one.

107.—cúılín tseaḃraċ, a state of perfect ease and content. Cúılín, a snug corner. "Seaḃraċ": see note, page 98.

„ —béalscaoılteaċ, indiscreet in speech, saying more than one intended.

BIBLIOTECA UNIVERSITARIA SALAMANCA

de dhruim = because of

dá dhruim sin = for that reason.

| dRud
szain } = grim expression

creat = a carcase | gan spré teine = without a spark

seile = a spit   seilighim = I spit

tá taithighe agam air = I am used to it.

cuirfead geall le = I will lay a wager.

is lag do shíleas 7c = It's little I thought that etc.

clúdach = an envelope.

tá sé ar a teicheadh = He is on the run.

is maith an dóigh prátaí an pairc san = That field is a good place for potatoes.

is maith an dóigh coirce an {ithir / áit} sin = That is a likely place for good oats.

is maith an dóigh cuir oibre é = He is a good worker

ní haon dóigh mise agat = I am no joke for you

ní haon dóighing mé = I am no child's play.

fear dubh dorcha = a stern gloomy man.

teighim ar ceal = I perish

cuirim ar ceal = I lay aside, put off.

tá sé ar ceal = He is forgotten

ar céalacan = fasting from midnight.

an fear is fearr amuigh = The best man known.

tá sé amuigh air = It is said of it.

13